

**LITRÍOCHT DO DHÉAGÓIRÍ 16-19:
ANAILÍS, MEASÚNÚ, MOLTAÍ**

Nóra Máire Uí Bhaoill

**Miontráchtas do chéim M.A. sa Nua-Ghaeilge,
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad**

Lúnasa 2002

**Ceann Roinne
*An tOllamh Ruairí Ó hUiginn***

**Stiúrthóir Tráchtais
*An Dr. Máire Ní Annracháin***

CLÁR

Buíochas	ii
Achoimre	iii
Caibidil 1 Litríocht do dhéagóirí: an cúlra... ..	01
Caibidil 2 An scéal sa Ghaeilge go dtí seo	12
Caibidil 3 Litríocht a sholáthar do dhéagóirí – deacrachtaí agus riachtanais	24
Caibidil 4 Óg-aoisigh – A bhfuil ann dóibh, agus sracfhéachaint ar thrí úrscéal	37
Caibidil 5 Torthaí an tSuirbhé	49
Caibidil 6 Moltaí	61
Leabharliosta	78
Aguisín 1 An ceistneoir a úsáideadh sa suirbhé	80
Aguisín 2 Leabhair atá oiriúnach d’óg-aoisigh	84

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo go léir a chabhraigh liom ar bhealaí éagsúla agus an tráchtas seo á dhéanamh:

- An tOllamh Ruairí Ó hUiginn
- An Dr. Tadhg Ó Dúshláine
- Foireann Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Maigh Nuad
- Étain Ó Síocháin i leabharlann an Choláiste
- Robert Dunbar, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
- Seosamh Ó Murchú, An Gúm
- Eileen O'Brien, Leabharlannaí
Róisín Ní Mhianáin, Cló Iar-Chonnachta
- Mícheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnachta
- Colmán Ó Raghallaigh, Cló Mhaigh Eo
- Máire Uí Mhaicín, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
- Tomás Mac Gabhann, Daithí Ó Dufaigh, Liam Mac Con Iomaire, Brenda Ní Shúilleabháin agus Máiréad Ní Chinnéide a thug eolas dom ar Chlub Leabhar na Sóisear
- Menna Lloyd Williams, Bord na Leabhar Breatnaise
- Múinteoirí agus freagróirí

Tá mé thar a bheith buíoch don Dr. Máire Ní Annracháin, a stiúraigh an tráchtas, as a cuid ama agus as a dea-chomhairle.

Ar deireadh ba mhaith liom m'fhear chéile foighneach, Dónall, agus ár gclann Caitriona, Fionnuala, Róisín agus Eoin a lua. Is saineolaithe ríomhaire iad go léir, a bhí sásta teacht i gcabhair orm de ló is d'oíche!

Máire Uí Bhaoill

13ú Lúnasa 2002.

Athchoimre

Léitheoireacht na Gaeilge i measc déagóirí, go háirithe san aoisghrupa 16-19 is ábhar don tráchtas seo. Scoláirí dara leibhéal, san Idirbhliain, sa chúigiú agus sa séú bliain atá i gceist, grúpa nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu ó thaobh ábhair léitheoireachta Gaeilge de.

Déantar cur síos sa chéad chaibidil ar na deacrachtaí a bhaineann le cothú na léitheoireachta i measc déagóirí sa lá tá inniu ann, agus ar na fadhbanna breise a bhaineann le cothú na léitheoireachta Gaeilge. Tugtar cuntas ar stair an seánra ar a dtugtar *ficsean do dhéagóirí*, nó *an déagfhicsean*, ag diriú ar pháipéar a scríobh Robert Dunbar, saineolaí ar litríocht do dhaoine óga, dar teideal *Imagining Adolescence: A Role for Teenage Fiction*. Luaitear tréithe an seánra agus an chonspóid, a bhaineann leis. Ag deireadh na caibidle pléitear an dornán leabhar Gaeilge ar féidir iad a lonnú sa seánra, agus moltar forbairt a dhéanamh ar an aicme seo leabhar.

Tugann an dara caibidil gearrchuntas ar stair na litríochta do dhéagóirí sa Ghaeilge, agus sa tríú caibidil tá cur síos ar na deacrachtaí agus na riachtanais faoi leith a bhaineann le hábhar a sholáthar dóibh, go speisialta dóibh siúd idir 16 agus 19, nó na hóg-aoisigh, nuair is léamh sa chéad teanga agus sa dara teanga a bhíonn i gceist, agus an margadh iomlán an-bheag.

Tá cuntas ar a bhfuil i gcló do na hóg-aoisigh faoi láthair, agus cur síos níos mine ar thrí chinn de théacsanna atá oiriúnach dóibh agus a bhaineann leis an déagfhicsean, i gCaibidil 4.

Torthaí shuirbhé ar nósanna léitheoireachta Gaeilge a rinneadh i measc daoine óga sa Ghaeltacht agus i dhá Ghaelscoil sa Ghalltacht, atá sa chéad chaibidil eile, agus i gCaibidil 6 déantar roinnt moltaí practiciúla, bunaithe ar thaighde an údair agus ar thuairimí na ndaoine óga féin, faoin treo ba cheart a leanúint anois.

Caibidil 1

Litríocht do dhéagóirí: an cúlra

1.1 Réamhrá

Is é an fáth gur bheartaigh mé taighde a dhéanamh ar an ábhar seo ná toisc gur meánmhúinteoir mé a bhíonn ag plé le déagóirí idir 12 agus 19 ó cheann ceann na seachtaine, ag iarraidh iad a spreagadh i dtreo na Gaeilge. Mar is eol dúinne go léir a bhíonn ag plé le múineadh an aoisghrúpa seo, i ré seo na bhfón téacsa, na teilifíse agus na bhfíseán, tá sé i bhfad níos deacra daoine óga a chur ag léamh ná mar a bhíodh.¹ Is cosúil go mbaineann ceann de na cúiseanna atá leis an laghdú suime seo, leis an easpa foighde atá cothaithe ag an teilifís. Ní gá don duine nach bhfuil suim aige i gclár, ach cnaipe a bhrú agus rogha eile a dhéanamh. Is féidir é seo a dhéanamh gach cupla soicind, má's mian leis. Mar is eol do aon léitheoir, bíonn gá le h-am, le foighid, agus b'fhéidir le suaimhneas éigin, chun teacht ar an bpléisiúr agus an sásamh a bhaineann le leabhar a léamh, agus is dócha go bhfuil na rudaí seo go léir in easnamh i saol an déagóra inniu.

Má tá sé deacair na daoine óga a spreagadh i dtreo na léitheoireachta Béarla, is deacra i bhfad iad a chur i dtreo na leabhar Gaeilge, nuair a chuireann tú easpa suime agus na fadhbanna a bhaineann le léitheoireacht sa dara teanga san áireamh. Is daoine sofaisticiúla iad glúin óg an lae inniu, dream atá imithe i dtaithe ar an bhfógraíocht ghlic, ar an mhargaíocht chliste, rud a chuireann casadh i scéal na leabhar agus a chaithfear a chur san áireamh nuair atá ábhar léitheoireachta á sholáthar don ghrúpa seo.

Cúinse eile a ba cheart a chur san áireamh ná go bhfuil dhá ghrúpa, ar a laghad i gceist nuair a luaitear 'déagóirí':

- (a) iad siúd atá idir 13 agus 16, daltaí sóisearacha na scoileanna dara leibhéal,
- (b) an grúpa idir 16 agus 19, nó na miocléinn a bhíonn san Idirbhliain, sa chúigiú, agus sa séú bliain.

¹ Chuir múinteoir Béarla amháin atá ar m'aithne ceist ar rang séú bliana tar éis na Nollag faoin méid duine a fuair leabhar don Nollaig. Beirt as an rang ar fad a fuair leabhar mar bhronntanas.

Cruthaíodh an dara grúpa seo nuair a tugadh isteach an Idirbhliain. Roimhe sin d'fhágadh go leor daoine óga an scoil agus iad idir 17 agus 18; bhíodh siad ag staidéar ag an tríú leibhéal, nó ag obair faoin am go mbídís 19.

Mar sin cad é an scéal maidir leis na leabhair Ghaeilge atá ar fáil don dá ghrúpa seo?

Is cinnte go bhfuil a lán ábhar léitheoireachta curtha i gcló do dhéagóirí, le fiche bliain anuas ach go háirithe, ag an nGúm agus ag comhlachtaí foilsitheoireachta eile, Cló Iar-Chonnachta, Coiscéim agus Cló Mhaigh Eo ina measc. Ach cé go bhfuil éacht déanta ag cuid de na comhlachtaí seo, sílim go bhfuil deacrachtaí faoi leith nach bhfuil aghaidh tugtha fós orthu, agus a chaithfear a shárú sular féidir linn a rá go bhfuil freastal ceart á dhéanamh ar an dá ghrúpa fíorthábhachtacha seo. Tá sé i gceist agam mar sin, súil a chaitheamh ar ghnéithe éagsúla den cheist, chun teacht ar mholtaí a chabhródh le daoine a bhíonn ag plé le hábhar a sholáthar do na daoine óga. Beidh mé ag caint go háirithe ar an ngrúpa sin idir 16-19, mar go gceapaim go bhfuil gá speisialta le hábhar nua a sholáthar dóibh, agus deacrachtaí faoi leith ag baint lena leithéid a dhéanamh.

1.2 Ficsean do dhéagóirí: seánra ann féin

Cé nach raibh a leithéid de choincheap agus *déagóir* ann roimh na caogaidí, is cosúil go raibh litríocht do dhéagóirí á scríobh dhá chéad bliain ó shin.

The concept of young adults as a separate group to be addressed and instructed was put forward by the educationalist Sarah Trimmer as long ago as 1802. She drew a dividing line at 14 and suggested that 'young adulthood' should last until 21. As far as publishing specifically for that readership was concerned no direct action was taken, but writers wrote for them naturally, seeing them as an eager audience and one that needed to be well influenced.²

I measc na scríbhneoirí do dhaoine óga san aois sin, bhí daoine cosúil le Marryat, Yonge, Hughes, Ballantyne, Reid agus Robert Louis Stevenson, adeir Robert Dunbar ina pháipéar "Imagining Adolescence: A Role for Teenage Fiction"³

² Eccleshare, J. (1996) "Teenage Fiction" in *International Companion Encyclopedia of Children's Literature*, Ed. Peter Hunt, Routledge: London/ New York.

³ Proceedings of the 31st Annual Joint Conference of the Library Association of Ireland and the Library Association (N.I. Branch) Tralee, 25-28 April 1995: Library Assoc. of Ireland.

(1995). Ceapann sé siúd nach bhfuil de dhifríocht idir iadsan agus scríbhneoirí do dhéagóirí na fichiú aoise ach

primarily a difference of content and style: both differences arise from what we might call the writers' perceptions, their sense of what the young reader wanted, needed, wants, needs.

Agus cad é go díreach atá ó léitheoirí óga an lae inniu? In eagarfhocal san iris *Chalktalk* (2001), tá an méid seo le rá ag Nuala Lyons agus Tony Hickey:

Teenagers face peer pressure during school times and outside the classroom. Books set in their own place and time, with the hero and heroine dealing with today's problems, give them an idea of how to cope.⁴

Sin bealach amháin le cur síos a dhéanamh ar a mbíonn i gceist leis an seánra seo, ach ní leor é.

Ní hionann leabhair faoi dhéagóirí agus an seánra seo, an *déagfhicsean*, mar a thabharfaidh mé air as seo amach. Luann Dunbar, "*The Mill on the Floss*" le George Eliot, nó *Portrait of the Artist as a Young Man* le Joyce mar leabhair gur déagóirí iad na príomhphearsana iontu ach gur leabhair iad do dhaoine fásta seachas do dhéagóirí, agus leabhair eile faoi dhéagóirí, ar féidir iad a 'lonnú' san aicme seo. Síleann Dunbar gurb é *The Catcher in the Rye* de chuid J.D. Salinger an chéad saothar agus an saothar is mó a luaitear leis an seánra. Ach cad é go díreach an difríocht idir an dá chineál leabhar? Tugann na leabhair seo go léir aitheantas don rud ar a dtugtar "the validity of adolescent experience"⁵ ach tá na chéad samplaí atá luaite agam ag féachaint ar an eispéireas seo trí shúile daoine níos sine, is é sin le rá go bhfuil siad ag féachaint siar ar a n-óige:

The concern is not with 'now'-which is the concern of most adolescent fiction. The concern is with growth and developing understanding, with emotion recollected--and not always in tranquillity...(Dunbar)

Mar sin is féidir a rá go bpléann na leabhair sa seánra seo an saol mar atá, trí shúile déagóra; seo an chéad tréith a bhaineann leo.

Ba é a bhí sa leabhar *Catcher in the Rye* dár le Dunbar ná "a prelude to the idea that there was a body of fiction belonging exclusively to them (do na déagóirí), one which allegedly mirrors their own concerns and interests".

⁴ *Chalktalk* 2001, Children's Books in Ireland, (CBII) Baile Átha Cliath.

⁵ Siollabas Béarla an Teastais Shóisearaigh, luaite ag Robert Dunbar

Má ghlacaimid leis an bpointe sin is féidir a rá go mbaineann na leabhair seo le déagóirí, leis an saol mar a chaitheann siadsan é agus mar a fheictear dóibh é, lena bhfadhbanna siúd agus leis na rudaí a gcuireann siadsan suim iontu. Chuir an t-údar Meiriceánach Susan Eloise Hinton go han- simplí é nuair a dúirt sí:

Teenagers want to read about teenagers today.⁶

Ise a scríobh *The Outsiders* fiche cúig bliain ó shin, leabhar a luaitear fós ar na leabhair is tábhachtaí sa seánra.

Chomh maith leis sin má ghlacaimid le ráiteas a rinne Dunbar ina pháipéar gur féidir leis an gcuid is fearr den bhficsean seo “fuinneoga a oscailt ar an saol,”⁷ tuigimid uaidh sin go mbíonn léargas éigin le fáil sna leabhair ar an gcaoi inar féidir deileáil le fadhbanna, le deacrachtaí a bhraitheann siad san a bheith ag cur isteach orthu, nó léargas ar an saol a bhíonn ag déagóirí eile. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an dara leibhéal sna scéalta, nach díreach scéalta eachtraíochta ná scéalta rómánsúla iad, go mbíonn leibhéal siceolaíoch iontu chomh maith, léiriú réalaióch ar shaol inmheánach na gcarachtar. Tá an réalachas agus an dara leibhéal siceolaíoch seo mar bhunchloch sa seánra.

Ó na caogaidí i leith, ach go háirithe le tríocha bliain anuas tá na mílte leabhar curtha i gcló, i Sasana agus i Meiriceá don gcuid is mó, a bhaineann leis an seánra seo, agus a phléann ceisteanna agus fadhbanna a bhaineann le saol an déagóra. Ní leabhair éadtroma sona soineanta iad go leor díobh, mar ar ndóigh ní saol ró- shoineanta, ná ró -shona a chaitheann go leor déagóirí. Luaitear focail mar ‘gritty realism’, ‘dark’, ‘tension and tragedy’ sna léirmheasanna. Bíonn foréigean i gceist go minic. Uaireanta cuireann an droch-chaint isteach go mór ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí. Déantar cáineadh/moladh ar na scríbhneoirí as gan críoch shona a chur ar leabhair, rud a bhíodh ann i gcónaí maidir le leabhair don aos óg. Dar le léirmheastóirí áirithe bíonn cuid de na leabhair ró-lom, ró-uafásach do dhaoine óga. Dar le daoine eile ní bhíonn iontu ach scathán ina bhfeictear an saol mar a bhíonn sé. In alt ar “Violence in Children’s Literature”

⁶ Luaite ag John Fahy, san alt “Teen Fiction” (1996) *Big Guide to Irish Children’s Books 1*, Irish Children’s Book Trust, Baile Átha Cliath.

⁷ saothar thuasluaite.

san iris *ChalkTalk* (2001)⁸ luann John Fahy an scríbhneoir mór le rá Robert Cormier, gur as Ceanada dó, a scríobhann don aois-ghrúpa seo:

Asked about the bleakness of his themes and his grim endings Cormier justified the authenticity of his work: "In life the bad guys often win -in school or in a profession- you know people often get away with murder. So I let my books stand as they are even though some people judge me harshly".

Ar an dtaobh eile deir Fahy faoi údar eile:

Most children's writers insist on the right to be authentic, real, and truthful...Joan Aiken too, insists on the truth but is more willing to compromise, especially about a happy ending:

Is é an rud adeir sise (Joan Aiken) ná:

What I believe is that children's books should never minimise the fact that life is tough; virtue ought to triumph in the end, because even the best-regulated children's lives are so insecure that they need reassurance, but there's no point in pretending that wickedness and hardship don't exist.

Ba chóir dom a mhíniú go dtráchtar fós ar an seánra seo i roinnt mhaith altanna mar 'children's literature' cé gur léir ó na téacsanna a bhíonn á bplé, gur do dhéagóirí níos sine iad. Ní bhíonn deighilt ró-shoiléir idir na haoisghrúpaí sna leabharlanna nó sna catalóga. Is í an t-aon áit, go bhfios dom, go bpléitear leis an aoisghrúpa seo 16-19 mar rannóg inti féin, ná in iris na Leabharlannaithe Sasanacha *The School Librarian*. Úsáidfidh mé an téarma *óg-aosaigh* don ghrúpa as seo amach.

Caithfear a rá mar sin nach n-aontaíonn gach duine ar chor ar bith gur rud maith nó rud dearfach an seánra seo. Is ábhar conspóide agus díospóireachta é i gcónaí, i measc scríbhneoirí agus i measc múinteoirí. Luann Robert Dunbar tuairimí roinnt scríbhneoirí aitheanta faoin ábhar, cuid acu dearfach, (Janni Howker, Michael Rosen) cuid acu diúltach (AS Byatt, Alice Thomas Ellis). Tá John Fahy luaite agam cheana féin. In alt eile sa *Big Guide to Irish Children's Books 1* (1996) tagraíonn sé do chuid de na gnéithe a cháineann roinnt léirmheastóirí maidir leis an méid ata á scríobh i Sasana agus i Meiriceá:

Noticeable aspects of the *genre* commented on by many critics include its narrow focus, its preoccupation with existential teenage experience and

⁸ CBII. Baile Átha Cliath

little else, and the primacy of the subjective experience of the protagonist.⁹

Liostálann sé roinnt de na ceisteanna a phléitear: míshocracht an déagóra, clanna atá ag titim as a chéile, maistíneacht, an bhochtaineacht, an foréigean, agus an taithí a bhíonn ag an duine óg ar chúrsaí gnéis, ar fhadhbanna drugaí nó coiriúlachta. Tugann Fahy “narrow, navelgazing “ ar an gcineál ficsin atá á scríobh. Ach labhraíonn sé freisin ar leabhair ina bpléitear cúram na timpeallachta, agus an fonn a bhíonn ar dhaoine óga cabhrú le daoine eile. Deir sé chomh maith agus é ag caint ar leabhar áirithe: “Character, self-insight and growth is one of the hallmarks of all good literature and we find it here.” Mar sin is léir nach dearcadh diúltach ar fad atá aige féin ar a bhfuil á scríobh.

Luaigh mé an méid a dúirt Robert Dunbar, faoi “fhuinneoga a oscailt” agus faoin tuiscint a fhaigheann na daoine óga a léann na leabhair seo, ar an saol timpeall orthu, nó ar an saol atá rompu. Tagraíonn Dunbar do ráiteas ón scríbhneoir Sasanach Penelope Lively a bheadh ag teacht ,dar leis, leis an dearcadh a bheadh aige féin. Tá sí ag caint ar an bpróiseas inar féidir le scríbhneoir a thaithí saoil féin a úsáid mar ábhar do léitheoirí óga:

I don't know exactly how to do this, but I think I know how to try. Refusing to patronize, refusing to be didactic, refusing to allow the book to become a vehicle for other things such as social or moral instruction, historical information, possibly well-meaning but irrelevant urges to persuade the young to come to terms with life, whatever that may mean. I have never come to terms with life and I wouldn't wish anyone to do so. *If fiction is to help out at all in the process of living, it is by illuminating its conflicts and its ambiguities. We read to find out more about what it is like to be a human being, not to be told how to be one.*

Mise a chuir isteach an cló iodálach, mar go gceapaim go gclúdaíonn na habairtí sin an chuid is fearr dá bhfuil i gceist nuair a luaimid an déagfhicsean mar seánra, go háirithe an fheidhm theagascúil a bhíonn leis, mar go mbíonn rud éigin le foghlaim, le fáil amach ag na léitheoirí óga go comhfhiosach nó go neamhchomhfhiosach, ainneoin an méid adeir Lively. Má osclaítear ‘fuinneoga ar an saol’, má thugtar léargas ar choimhlintí agus ar éiginnteachtaí na beatha, is

⁹ Saothar luaite, lth 50.

cinnte go dtéann an méid sin i bhfeidhm ar na daoine óga agus iad ag tabhairt aghaidh ar an saol mór, agus go gcabhraíonn sé leo ar an aistear

1.3 Údair Éireannacha agus an déagfhicsean i mBéarla

Cé go bhfuil traidisiún an-fhada againn sa tír seo maidir le leabhair do pháistí, is cosúil nach bhfuil an seánra áirithe seo ach ina hóige. Luann Dunbar agus Fahy an méid seo:

Ireland has a distinguished and centuries old tradition of producing literature for children but it is only in the last five or six years that the older end of the market, the teen years has been addressed specifically by writers and publishers (J.Fahy: *Big Guide to Irish Children's Books 1*, 1996).

An bhliain roimhe nuair a labhair Dunbar le leabharlannaithe i dTrá Lí, dúirt sé:

I toss there very casually the word 'Ireland' into my discourse, but it is a matter of regret that, to date, any discussion of teenage fiction would have to dwell so largely on writing from America, Britain and elsewhere, that is to say that there has as yet been hardly any Irish contribution to the genre. The reasons for this make for endless speculation....(R.Dunbar, 1995, saothar luaite)

Ní gá na fáthanna sin a phlé anseo, ach tá Dunbar den tuairim gur rud raideacach go maith é glacadh leis, gur eispéireas ann féin, eispéireas fírinneach, ar fiú scríobh faoi, saol an déagóra agus go mb'fhéidir nach raibh muid réidh sa tír seo chun glacadh le stádas an déagóra roimhe seo, de bharr

...the Irish perception of the young, our refusal to acknowledge their status, our generally repressive and authoritarian stance¹⁰

Ach is cinnte go bhfuil sé sin athraithe ó lár na nóchaidí i leith, mar go bhfuil sruth mór de leabhair ilghnéitheacha don aoisghrúpa seo, leabhair a phléann na coimhlintí agus na deacrachtaí a bhaineann le saol an déagóra i sochaí na tíre seo, tagtha ar an margadh.

1.4 Gnéithe eile

Sílim go gcaithfidimid dhá cheist eile a chur san áireamh agus an t-ábhar seo á phlé. Baineann an chéad cheann leis an chonspóid atá ann maidir leis an aicme

¹⁰ Saothar luaite.

seo. Tá scríbhneoirí ann, Éireannaigh mar Eilís Dillon, Michael Mullen agus Tom McCaughren ina measc, a cheapann go bhfuil sé de dhualgas orthu a gcuid léitheoirí óga a chosaint ar ghruaim agus ar uafás an tsaoil, agus a n-oidhreacht a chur ar a súile. Tá grúpa eile ann ar mhaith leo na daoine óga a shaoradh ón méid atá thart, agus glacadh leis an saol mar atá, bíodh is go mbaineann uafás agus taobhanna gránna leis an saol sin. Cuireann John Fahy an cheist, agus é ag plé cheist an fhoréigin i leabhair do dhaoine óga:

Can the truth be pernicious and should we keep it out of the hands of young people? ¹¹

Luann Robert Dunbar an fhadhb freisin¹² mar seo, agus é ag caint ar shaothar Robert Cormier

The objection...(daoine nach maith leo an cineál réalachais a bhíonn i gceist sa genre) comes almost entirely from adults and, more especially from those who believe that adolescents require protection from, as distinct from preparation for, the world they will soon inherit. But the essential problem ...is that it refuses to acknowledge that even (perhaps especially) for the young the world is already a complex and puzzling place, not least because it is controlled by adults. Cormier's greatest achievement, in literary terms, is to provide readers with narratives as complex and puzzling, and alternatively as repelling and alluring as reality itself.

Mar sin an bhfuil muid sásta glacadh leis an réalachas seo bíodh sé “repelling” nó fuafar? Nó arbh fhearr linn na déagóirí a chosaint ar ghruaim an tsaoil, ar a thaobh dhorcha?

Baineann an dara ceist le léitheoireacht sa dara teanga agus leis na deacrachtaí a bhaineann lena leithéid a chothú, agus pléifidh mé gnéithe den cheist sin sa tríd caibidil.

1.5 An déagfhicsean sa Ghaeilge

Tá cur síos déanta agam thuas ar na tréithe a bhaineann le séanra an déagfhicsin.

Is iad sin go hachomair

- gur déagóir de chuid an lae inniu an príomhcharachtar,
- go bpléitear fadhbanna agus deacrachtaí a bhaineann le saol an déagóra sa

¹¹ Fahy, J. (2001), “Violence in Children’s Literature” san iris *ChalkTalk* CBII. Baile Átha Cliath

¹² Saothar luaite.

sochaí,

- go dtugtar léargas dúinn ar shaol inmheánach an charachtair sin agus é, (nó í), i ngleic leis na fadhbanna a chuireann isteach ar a shaol, bíodh na fadhbanna sin taobh amuigh de féin- tuismitheoirí ag scarúint, glacadh le leasathair nua, maistíneacht ar scoil, - nó taobh istigh; titim i ngrá don chéad uair, toircheas, hómáighnéasachas.
- Mar sin réalachas, agus ní fantaisíocht a bhíonn i gceist

Pléitear na téamaí seo go léir, agus tuilleadh sa déagfhicsean Béarla atá á scríobh sa tír seo ó lár na nóchaidí i leith. Ach tar éis anailís a dhéanamh ar na leabhair atá ar fáil sa Ghaeilge, ní féidir liom a rá go mbaineann ach fíorbheagán téacs leis an seánra:

- *Lá Fada Samhraidh*, (1989) aistriúchán ag Máire Mhic Maoláin ar leabhar Breatnaise le Mair Wynn Hughes. Cur síos íogair anseo ar chailín ar fágadh colm gránna ar a h-aghaidh tar eis timpiste, agus a raibh uirthi a féinmhuinín a fháil ar ais, agus an t-éadóchas a chaitheamh uaithi. Léiriú an-mhaith ar an náire a bhí uirthi dul amach i measc daoine, ar an éad a bhí á ciapadh nuair a bhí cailín dathúil ag caitheamh súl ar a buachaill, agus í cinnte go gcaillfeadh sí é mar go raibh an cailín eile chomh hálainn sin.
- *Aililiú Bop Siúaidí* (1991) le Ruairí Ó Báille, ina bhfuil clann scriosta tar éis bhás na máthar de bhárr ailse. Pléitear an gaol idir an deirfiúr atá láidir agus í ag iarraidh an chlann a choinneáil le chéile, agus a deartháir nach féidir leis déileáil leis an tragóid ar chor ar bith. Tugtar léiriú freisin ar chroí-bhriseadh an athar agus é dúnta isteach ann féin, beag beann ar bhrón a pháistí, agus léiriú ar chéadghrá an chailín.

Níl an leabhar seo chomh láidir, mar nach aon phríomhcharachtar amháin atá i gceist. Faigheann an léitheoir léargas éigin ar aigne agus ar bhuairt an triúir, agus iad ag iarraidh dul ar aghaidh lena ngnáthshaoil. Mar sin is dócha gur féidir é lonnú sa seánra.

- *Dialann Chaoimhe* (1994) le Muireann Ní Bhrolcháin, a phléann an gaol idir máthair agus a h-iníon agus ina bhfaighimid léargas ar aigne na hiníne atá trína chéile ar go leor cúiseanna, ach go háirithe toisc go bhfaigheann sí amach go rúnda, trí sheandialann a léamh, go raibh páiste ag a máthair agus gan í ach seacht mbliana déag.

- Aigne suaite dhuine óig atá i gceist i dtrí scéal sa leabhar *Ecstasy agus Scéalta Eile* (1994) le Ré Ó Laighléis arís; maistíneacht is cúis leis an suaiththeadh intinne sa scéal *Ecstasy*, breith rúnda agus tréigean pháiste nua-bheirthe sa scéal *Imleacán*, agus na smaointe a bhí ag dul trí cheann Éamoinn agus é ag fáil bháis le SEIF sa scéal *Ugach*. Cé gur gearrscéalta iad seo agus gur úrscéalta a bhaineann leis an seánra, sílim ó thaobh ábhair agus ó thaobh carachtair de, go bhféadfaí iad a lonnú ann, agus is scéalta láidre réalaíocha iad go léir.
- *Chagrin* (1999) le Ré Ó Laighléis ina bhfuil Andy Jennings ag lorg a mháthar, a thréig é nuair a bhí sé ina leanbh óg. Pléann an t-údar na mothúcháin, ó bhrón go fearg, ó éadóchas go dóchas agus ó dhíomá go háthas, a chránn duine uchtáilte agus eolas éigin ar a chúlra á lorg aige. Chomh maith leis sin tugann sé léiriú cumasach ar dhomhan an tromluí ina maireann Andy gach oíche, agus droch-íde fhisiciúil agus ghnéasach an Bhráthar Geraldus ag tarlú arís ina bhrionglóidí .

Cinnté tá leabhair fhiúntacha eile ann do na hóg-aoisigh, agus tá siad luaite agam in Aguisín 2, a thugann léiriú ar stíleanna beatha, a phléann fadhbanna, a thugann léargas do na léitheoirí ar charachtair, ar ré staire nó réamhstaire, ach má ghlacaim leis na slata tomhais atá luaite leis an seánra, níl aon sampla eile den seánra sin i ndéaglitricheacht na Ghaeilge, seachas na téacsanna thuas.

Sílim gurbh fhiú go mór iarracht a dhéanamh an seánra seo a fhorbairt sa Ghaeilge agus pléifidh mé na cúiseanna atá agam lena leithéid a rá i gCaibidil 6, áit a ndéanfaidh mé moltaí praiticiúla faoi na gnéithe éagsúla den ábhar.

1.5Críoch

Ba mhaith liom na snáthanna seo go léir a tharraingt le chéile anois. Tá cuntas tugtha agam ar na fáthanna a bhfuil an taighde seo ar siúl agam, ar an seánra nó an aicme seo go dtugtar ficsean do dhéagóirí nó an déagfhicsean air, ar stair an seánra agus ar na tréithe a bhaineann leis. Luaigh mé cuid de na ceisteanna a phléitear ins na leabhair atá scríofa/á scríobh i mBéarla, agus nach bhfuil an aicme seo leabhar gan a gcáinteoirí. D'fhéach mé ansin ar an dornán leabhar sa Ghaeilge a d'fhéadfaí a lonnú sa seánra.

Tá sé i gceist agam sa chéad chaibidil eile cuntas a thabhairt ar stair litríocht na ndéagóirí sa Ghaeilge. Ina dhiaidh sin pléifidh mé na tréithe speisialta a bhaineann le litríocht do dhéagóirí, agus léitheoireacht sa dara teanga. I gCaibidil 4 beidh scrúdú á dhéanamh agam ar roinnt de na leabhair do dhaoine óga atá scríofa i nGaeilge ó 1988 i leith, féachaint cad iad na leabhair atá oiriúnach don aoisghrúpa 16-19, agus tabharfaidh mé cuntas níos iomláine ar thrí shampla den déagfhicsean atá luaite agam anseo.

Déanfaidh mé cur síos i gCaibidil 5 ar shuirbhé a rinne mé ar nósanna léitheoireachta na n-óg-aosach i nGaeilge agus i mBéarla, agus ar deireadh , pléifidh mé roinnt moltaí a d'fhéadfadh cabhrú le hábhar a sholáthar, agus an léitheoireacht Ghaeilge a spreagadh ina measc.

Caibidil 2

An scéal sa Ghaeilge go dtí seo

2.1 Réamhrá

Ní féidir tuiscint a fháil ar an litríocht atá á scríobh do dhéagóirí i nGaeilge inniu gan súil a chaitheamh ar an méid a tharla sa réimse sin ó 1922 i leith. Is féidir stair na forbartha a tharla a roinnt mar seo a leanas

- Obair an Ghúim
- Saothar Chathail Uí Shándair
- Club Leabhar na Sóisear
- Nualitríocht do Dhéagóirí, 1980-.

Tá sé i gceist agam mar sin gearrchuntas a thabhairt ar gach aon ghné díobh sin, agus ina dhiaidh sin labharfaidh mé ar agallamh a chuir mé ar an bhfoilsitheoir Mícheál Ó Conghaile, bunaitheoir Chló Iar-Chonnachta faoi na deacrachtaí faoi leith a bhaineann le litríocht a chur ar fáil do dhéagóirí inniu.

2.2 An Gúm

Cuireadh an Gúm ar bun sa bhliain 1926 mar chuid den Roinn Oideachais .Ba í an aidhm a bhí ag an eagraíocht, mar a luaigh Seosamh Ó Murchú i léacht a thug sé ag Scoil Samhraidh Leabhair Pháistí Éireann (2001), ná “ábhar léitheoireachta” sa Ghaeilge a chur ar fail do ghnáthmhuintir na tíre

...with a view to providing a supply of reading matter for students and speakers of the language among the general public...

a dúradh i litir chuig Lloyd Osborne i Londain a raibh cearta ar an leabhar *Kidnapped*, le R.L. Stevenson aige, agus cead á iarraidh air an leabhar sin a aistriú go Gaeilge.¹³ Chomh maith leis sin bhí ábhar oideachasúil, téacsleabhair agus araile á bhfoilsíú don aos scoile.”

I 1929, tosaíodh ar leabhair do pháistí a fhoilsiú. Aistriúcháin a bhí i gceist ar dtús, agus mar a mhíníonn Ó Murchú sa léacht thuasluaite tógadh cinneadh ag leibhéal Rialtais go gcuirfí i gcló

¹³ Comhad A0018, an Chartlann Náisiúnta.

a number of illustrated books for boys and girls on the lines of those published by some of the English firms.

Léiríodh tuiscint go raibh saintréithe áirithe ag baint leis an gcineál seo leabhar. I nóta atá luaite ag Ó Murchú, nóta a chuir Proinsias Ó Dubhthaigh, Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig an Roinn Airgeadais, agus é ag plé leis an ráta pá a bheadh ag aistriú leabhar do pháistí;deir sé

The worker in this field would need to have an intimate knowledge of, and sympathy with the child's mind, interests and difficulties.

Is léir, ó na teidil, gur pháistí óga a bhí i gceist maidir leis an chuid is mó de na leabhair a chuir an Gúm amach sna blianta sin, ach d'aistrigh siad roinnt de Chlasacaigh an Bhéarla a bhíodh á léamh, is dócha ag déagóirí na haoise sin, leitheidí na leabhar seo a leanas:

Teideal	Bunúdar	Aistritheoir	Bliain
An Fuadach (Kidnapped)	R.L.Stevenson	Leon Ó Broin	1931
An Ré-Shead (The Moonstone)	Wilkie Collins	Mícheál Ó Gríofa	1933
Caitríona	R.L. Stevenson	Seán Mac Maoláin	1934
Ben Hur	Lew Wallace	Seosamh Mac Grianna	1934
Lorna Doone	R.D. Blackmore	Aindrias Ó Baoighill	1934
Páistí na Nua-Fhoraoise (Children of the New Forest)	Captain Marryat	Proinsias Ó Brógáin	1934
Cú na mBaskerville (Hound of the Baskervilles)	A.Conan Doyle	Nioclás Tóibín	1935
Mac an Mhactíre (White Fang)	Jack London	Tadhg Ó Curnáin	1936
Rós Fiáin Loch Gile (Wild Rose of Lough Gill)	Patrick G.Smith	Tadhg Ó Séaghdha	1936
An Chloch Órtha (The Talisman)	Sir Walter Scott	Niall Ó Dónaill	1937
Caitín Blood (Captain Blood)	Rafael Sabatini	Séamus Ó Grianna 'Máire'	1937
An tOileán Corghruanach (The Coral Island)	R.M.Ballantyne	Mícheál Ó Catháin	1939

Níl luaite agam ansin ach cuid den liosta. D'fhéadfaí ceisteanna a ardú faoin liosta céanna, mar gur fágadh roinnt de na leabhair ba mhó clú gan aistriú, agus gur aistríodh roinnt mhaith nár leabhair ró-thábhachtacha iad, agus atá imithe as radharc anois. Cé roghnaigh na leabhair áirithe seo? Cén fáth nár cuireadh leitheidí leabhair mhuintir Bhronte (seachas *Árda Wuthering* le Emily Bronte,

aist. ag Seán Ó Cíosáin, 1934) nó abair, cuid Jane Austin ar an liosta? An raibh aon pholasaí cinnte maidir leis na leabhair a roghnaíodh, nó an raibh duine/dream áirithe ag dul ó leabhar go leabhar agus gan aon phlean cinnte acu? An raibh siad ag smaoineamh ar dhaoine óga ar fhoghlaimoirí an chuid ba mhó díobh, agus na leabhair á n-aistriú? Ar tugadh treoir do na haistritheoirí maidir le leibhéal na teanga a bhí le húsáid? Bheadh ábhar tráchtais eile ansin. Dúirt Ó Murchú liom nár tháinig sé go dtí seo, ar pholasaí cinnte maidir le roghnú leabhar amháin seachas leabhar eile ach gurbh iad Coiste na Leabhar a rinne an rogha, agus is cosúil gur cuireadh leabhair amach chuig daoine áirithe, aistritheoirí agus eile, lena dtuairimí a fháil, sular roghnaíodh leabhar le haistriú.

Tháinig mé ar roinnt fianaise faoi seo sa chomhad a bhain le foilsú *White Fang/Mac an Mhactíre*. Dúirt an tAthair Tadhg Ó Curnáin, nuair a hiarradh air aistriúchán a dhéanamh ar *Ben Hur* nó ar *White Fang*, go mbeadh sé sásta tabhairt faoi *White Fang* seachas an ceann eile a mheas sé a bhí ró-thoirtiúil. “Is dóigh liom” a dúirt sé “go gcuirfeadh aos óg spéis mhór ina leithéid sin de leabhar”.

Dúirt Ó Murchú san alt atá luaite agam go raibh “fadhb na n-aoisghrúpaí ag déanamh scime do dhaoine díreach mar a bhíonn sé anois” agus i léirmheas a scríobhadh i 1937 ar an aistriúchán a rinneadh ar *White Fang*, bhí an méid seo le rá ag an léirmheastóir:

Tá a fhios agam go bhfuil sé ar cheann de na leabhair is minice a bhíonn á lorg i leabharlann scoile. Ba mhaith an smaoineamh, mar sin, é d’aistriú do léitheoirí óga na Gaeilge

Maidir leis an leagan Gaeilge, dúirt sé, faoin Athair Ó Curnáin

D’fhéadfaí (sic) uaireanta a chaint a bheith beagán níos simplí. Ní miste a chuimhneamh gurb iad an t-aos óg is mó a léann leabhair dá leithéid seo, agus *ba chóir dúinn an bealach a réiteach dóibh chomh maith agus is féidir. Má bhraitheann siad an leabhar ró-dheacair dóibh caithfidh siad uathu é agus lorgóidh siad an leabhar bunaidh sa Bhéarla....*¹⁴

Féach go raibh an léirmheastóir sin níos mó ná 60 bliain ó shin ag iarraidh na tuairimí céanna faoin aos óg agus leabhair Ghaeilge a chur ina luí ar dhaoine is atá á bplé anseo.

¹⁴ *An Timthire*, Aibreán 1937, 93-94, an litriú caighdeánaithe agam. Liomsa an *cló iodálach*.

Agus ní aoisghrúpaí ná leibhéal teanga amháin a bhí ag cur as do dhaoine ag an am sin. Bhí oiriúnacht na n-ábhar faoi chaibidil freisin. San alt céanna bhí an méid seo le rá ag an léirmheastóir:

Tá a lochtaí féin ar an leabhar ar ndóigh. Mar is nós le Jack London, dream bocht suarach is ea an cine daonna i gcomórtas leis an ainmhí. Dar leis is uaisle tréithe an mhactíre ná tréithe an duine. Dearmad bunúsach é sin a bhfuil a phréamha bunaithe in easpa creidimh an scríbhneora. Ach má thugtar an rabhadh san don pháiste, má chuirtear ar a aire é sara léann sé an leabhar, ní dhéanfaidh an leabhar aon dochar dó¹⁵

Is léir nach aon rud nua é mar sin ábhar na leabhar a bheith conspóideach.

2.3 Cathal Ó Sándair

Sa bhliain 1943 tháinig cor nua i scéal seo na litríochta do dhaoine óga, nuair a foilsíodh leabhar dár teideal *Na Mairbh a D'fhill* le fearr óg darbh ainm Cathal Ó Sándair. Chuir an t-údar féin litir isteach leis an láimhscríbhinn ag míniú cén fáth go raibh an leabhar á scríobh aige.

...the youth of Ireland today needs something in the Gaelic language to offset the influence of foreign thrillers and paperback magazines. I have tried to provide similar work in Irish and have thereby written for the widespread class who love an exciting story with plenty of 'blood and thunder'...

I have used simple Irish and where technical terms were necessary I have followed the example of people in the Gaeltacht in calling a motorcar 'mótar'...etc....

I sincerely hope ...that the average reader born and bred to English will follow the story with ease...¹⁶

Bhí an bleachtair Reics Carló mar phríomhcharachtar sa leabhar, a bhí difriúil ó thaobh ábhair agus ó thaobh stíle ó aon rud a tháinig roimhe. Bhí muintir an Ghúim in amhras faoi; shíl siad nach raibh caighdeán na Gaeilge ann ard go leor.

...the Irish is not up to our usual standard but it is easily understandable and the plot is gripping and well-constructed¹⁷

Bhí an tAire agus Rúnaí na Roinne go mór i bhfábhar an leabhar“designed to meet the need for thrillers in Irish for young people”¹⁸ a chur i gcló, agus é sin a bheith déanta chomh luath agus ab'fhéidir. B'in mar a tharla. Cuireadh 3000 cóip i gcló sa chéad chló, 1943, agus cuireadh an dara cló air roimh dheireadh na

¹⁵ *An Timhíre*, Aibreán 1937, 93-94, an litriú caighdeánaithe agam.

¹⁶ Comhad N1036, An Chartlann Náisiúnta.

¹⁷ Litir luaite ag S. Ó Murchú san alt thuasluaite.

bliana sin. Bhí ‘liosta léirmheastóireachta’ de 64 nuachtán náisiúnta agus áitiúla i gcomhad na Cartlainne Náisiúnta, agus samplaí den méid a bhí le rá ag cuid acu faoin leabhar :

Our Stationery Office believes that to make Irish attractive, every type of reading matter which is read in English should be available in Irish, hence the exciting, luridly-coloured paperback thrillers... (*Irish Independent*, 1ú Meitheamh 1943)

Caithfidh siad (lucht an Ghúim) cuimhneamh nach bhfuil maith ar bith i leabhrán amháin den tsaghas.. sraith díobh ag teacht amach go rialta atá de dhíth (*Inniu*, Meitheamh 1943)

Cuireadh an dara leabhar ó Chathal Ó Sándair *An tEiteallán Dofheicthe* i gcló i Mí Meán Fómhair 1943 agus arís rinneadh léirmheasanna moltacha air i nuachtáin agus in irisí. Bhí an méid seo le rá ag L. Mac B. sa *Star*:

Bhíos-sa i láthair bliain ó shin ag cruinniú de Chumann na Scríbhneoirí Gaeilge....Nochtadh tuairimí deimhneacha i leith ábhar éadtrom léitheoireachta a chur ar fáil i nGaeilge...tá gear-riachtanas leis an cineál san scríbhneoireachta... Is dealraitheach go bhfuil tús curtha le ré na litríochta éadtroma i nGaeilge. Cuireadh fáilte roimh *Na Mairbh a D’fhill*. Anois seo chugainn uimhir a dó den tsraith céanna. Tá tús maith curtha leis an ré nua seo i litríocht na Gaeilge ag an nGúm. Cothaítear an margadh dó, agus leantar de. Gléas eile é in Athbheochan na Gaeilge¹⁹

Ach ní raibh gach léirmheastóir chomh moltach sin. Maidir leis an nGaeilge sa leabhar dúirt R.A.B:

Is amhlaidh atá sí go hainnis agus go liobarsnach agus go neamhghaelach....Is mó leabhar Sax-Ghaeilge a tháinig amach ó chaith Caitlín Ní Uallacháin uaithi an Ghaeilge, ach déarfainn go bhfuil buaite glan ag an iarracht seo....²⁰

Maidir le scríbhneoir eile, A Ó L, ní mó ná sásta a bhí sé leis an leabhar ach oiread, Ach tá tuairim an phobail im’ choinne is eagal liom.... Caithfidh na hóga a scaoll-scéalta dí-chreidthe bheith acu....²¹

Cuireadh 120 leabhar den chineál seo ó Chathal Ó Sándair i gcló idir sin agus 1984. Deir Seosamh Ó Murchú go raibh “an-ráchairt go deo orthu”. Suas le 100,000 dá leabhair a díoladh ar fad agus chuaigh siad i gcion go mór ar an

¹⁸Litir ó Rúnaí na Roinne, Seán McLellan luaite i gComhad N1036.

¹⁹*The Star*, 23ú Deireadh Fómhair 1943, Comhad N1042, An Chartlann Náisiúnta.

²⁰*Irish Library Bulletin*, Samhain/Mí na Nollag 1943, Comhad N1042, luaite thuas.

²¹*Inniu*, Deireadh Fómhair 1943, luaite i gComhad N1042, An Chartlann Náisiúnta.

bpopal. Luann Liam Mac Con Iomaire an méid seo i mbeathaisnéis Bhreandáin Uí Eithir,

Ceann de na rudaí a thug dóchas do Mháirtín Ó Cadhain, deirtear, nuair a tháinig sé amach as an bpríosún, a chloisteáil go mbíodh buachaillí óga sna meánscoileanna ag léamh na leabhar seo (Reics Carló ...le C.Ó S.) faoi na deascanna i ngan fhios do na múinteoirí.²²

2.4 Club Leabhar na Sóisear

Bhí grúpa amháin eile ann a rinne iarracht freastal ar riachtanais daoine óga. Le linn Oireachtas na bliana 1948 cuireadh tús oifigiúil leis an gClub Leabhar, club a bhunaigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, agus go háirithe Seán Ó hEigearthaigh, a chuir tús lena chomhlacht foilsitheoireachta, Sáirséal agus Dill níos luaithe an bhliain chéanna. Bhí sé mar aidhm ag an gClub, Gaeilgeoirí a earcú ar fud na tíre le ballraíocht a ghlacadh ann, agus méid áirithe leabhar a chur amach chuig na baill gach bliain dá bharr sin, rud a chinnteodh díolachán réasúnta d' aon leabhar a roghnófaí don Chlub, a spreagfadh scríbhneoirí nua, agus a chuirfeadh fás nua faoi litríocht na Gaeilge. Faoin mbliain 1950 bhí dhá mhíle ball cláraithe sa Chlub.

Rinne Bord Oifigeach na Comhdhála fiosraithe ag an bpointe sin maidir le Club Leabhar don óige a chur ar bun ach níor cuireadh tús leis an gClub sin go dtí 1956 de bharr easpa airgid.

Bhí alt an-gherr ar chéad leathanach *Inniu*, ar an 5ú Deireadh Fómhair 1956 faoin teideal “Club Leabhar do Dhaoine Óga”; eolas a foilsíodh ag tionól do nuachtóirí in Oifig na Comhdhála an tráthnóna roimhe sin a bhí san alt.. Club a mbeadh dhá roinn ann, do bhuaichaillí agus do chailíní a bhí i gceist, ach gur minic a roghnófaí “leabhar a bheadh oiriúnach don dá roinn”. Bhí cur síos ar na táillí (10/= sa bhliain), ar an méid leabhar a chuirfí amach gach bliain (5 leabhar); níor luadh aoisghrúpa ar bith , ach dúradh go rabhthas ag súil le

díleaghadh den scríbhneoireacht is taitneamhaí agus is feiliúnaí dá ndearnadh le bliain roimhe sin a bheith ar na rogha-leabhair a eiseofar gach bliain.²³

²² Mac Con Iomaire, L. (2000), *Iomramh Aonair*, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara.

²³ *Inniu*, 1956, An Leabharlann Náisiúnta.

Ar an 26ú Deireadh Fómhair, sa pháipéar céanna, bhí fógra do Chlub Leabhar na Sóisear mar a tugadh air. Dúradh go mbeadh an chéad leabhar (nár luadh a theideal) ar fáil ag Nollaig na bliana sin agus go mbeadh ábhar léitheoireachta le fáil sa chlub “a sheasfaidh comparáid leis an scoth atá ar fáil in aon teanga.”

I bhfógra eile i Márta na bliana dar gcionn, dúradh i measc rudaí eile go mbeadh

- cuma thaitneamhach ar gach leabhar
- scéalta go mbeadh cíocras chun a léite ar chách, agus
- gach leabhar saor ó bhlas an téacsleabhair.
- Duais-scríbhinní i measc na leabhar²⁴

Ag Tomás Mac Gabhann, a bhí an bunsmaoineamh le h-aghaidh an Chlub. Bhí sé féin agus Breandán Ó hEithir ag obair mar Thimírí Leabhar ag an gComhdháil Dúirt Mac Gabhann in agallamh liom²⁵ go raibh aiféala air féin nár cuireadh an chuid sin den Chlub Leabhar ar bun ar dtús chun go bhféadfaí glúin nua léitheoirí a oiliúint, le go mbeadh líon níos mó léitheoirí fásta ann tar éis cúpla bliain.

Dúirt sé gur ar lucht na méanscoile, is é sin ar dhaltaí idir 12 agus 17 a bhí an Club seo dírithe agus go roghnaítí na leabhair dá réir. Bhí coiste roghnaithe ann chun iad a phiocadh, ón méid a bhí á gcur amach ag na foilsitheoirí ar fad. Bhí Club Leabhar na Sóisear ag brath go hiomlán ar na múinteoirí sna scoileanna, seachas ar rogha na ndaltaí iad féin. Bhí ballraíocht de 2000-2500 nó fiú suas go 3000 sa chlub nuair a bhí sé i mbarr a réime. Ba iad scoileanna na Gaeltachta, 'A' scoileanna sa Ghalltacht, agus níos déanaí, na Gaelscoileanna, a ghlac ballraíocht sa Chlub. Bhí deacrachtaí ag an gClub ón tús, mar go raibh fadhbanna ann maidir le leabhair a fháil ar phraghas íseal ó na foilsitheoirí. Socraíodh go mbeadh comórtas á reachtáil i gcomhar leis an Oireachtas chun na scríbhneoirí a spreagadh, agus bhí duais £50 á thairiscint ar ábhar leabhair do dhaoine óga. Mhair Club Leabhar na Sóisear ó 1956 go dtí thart faoin mbliain 1983/84.

Thug Brenda Ní Shúilleabháin, a chaith tréimhse ag obair leis an gComhdháil sna seachtóidí, agus a bhí bainteach leis an gClub, agus Daithí Ó Dufaigh a bhí mar bhainisteoir ar an gClub ó 1975-1982, a thuilleadh eolais dom faoi.²⁶ Dúirt siad go mbíodh ceathrar stiúrthóirí ann ag aon am amháin, chun na leabhair a roghnú.

²⁴ *Inniu*, 22ú Márta 1957.

²⁵ Meitheamh 2002

²⁶ Comhráití pearsanta, Mí Mheithimh 2002

Múinteoirí, foilsitheoirí agus a leithéid ab ea na stiúrthóirí, a raibh sé de dhualgas orthu aon leabhar a moladh dóibh a léamh, agus measúnú a dhéanamh air. Obair dheonach ab ea an obair seo. Ní bhfuair na stiúrthóirí aon íocaíocht ach amháin béile in óstán, óiche an chruinnithe. Ní bhíodh aon rialacha cinnte ann nó aon slata tomhais maidir leis na leabhair seo a mheas ó thaobh ábhair, nó leibhéal teanga de, agus bhraith roghnú na leabhar ar bhreithiúnas pearsanta na stiúrthóirí. Níor glacadh fiú le Duaisleabhair an Oireachtais do Dhaoine Óga gan iad a bheith léite ag na stiúrthóirí, agus iad siúd sásta go raibh siad oiriúnach. Cuireadh úrscéalta, gearrscéalta, agus drámaí amach chomh maith le leabhair eolais, leabhar ar Chaisleáin na hÉireann mar shampla, agus leabhair ar chúrsaí dúlra le Éamonn de Buitléir. Scríobh daoine mar Máirtín Ó Corrbuí, Criostóir Ó Floinn, Siobhán Ní Shúilleabháin, agus ar ndóigh Cathal Ó Sandair leabhair don Chlub. Ní coimisiúnú a bhíodh í gceist, ach aon uair nach raibh leabhair shásúla ag teacht chun tosaigh, d'iarraí ar údair dul i mbun pinn, rud a bhí siad sásta a dhéanamh mar go gcinnteodh dáiliúchán tríd an gClub teacht isteach réasúnta maith dóibh. Rud a bhí aisteach dár liom, sa mhéid a dúirt Ní Shúilleabháin agus Ó Dufaigh, ná, nár luadh aois ar bith ar na leabhair, ná ní raibh tagairt ar bith a thug le fios gur leabhair do dhaoine óga ab ea na leabhair seo ach amháin, ar ndóigh, gur tríd an gClub a dáileadh iad.

Thosaigh laghdú ag teacht ar an mballraíocht agus easpa suime sa léitheoireacht Ghaeilge ag fás chomh luath le lár na seascaidí, dar le Ní Shúilleabháin. D'aontaigh Ó Dufaigh leis an méid sin. Mhínigh sé siúd gurbh é an rud a chuir deireadh ar fad leis ná nuair a thosaigh ciorraithe rialtais go luath sna hochtóidí. Le tamall roimhe sin bhí an Roinn Oideachais ag íoc táillí ballraíochta do na scoileanna Gaeltachta agus do na Gaelscoileanna. Ar deireadh chuir an Roinn deireadh leis an nós sin, agus ós rud é nach raibh fágtha ag an am sin ach ballraíocht de 300 nó mar sin, níorbh fhiú leanúint leis.

2.5 Nualitríocht do Dhéagóirí

Cé go raibh cúrsaí léitheoireachta ag dul i laige i rith na seascaidí agus na seachtóidí, ní raibh an cath cailte fós. Ó lár na n-ochtóidí ar aghaidh thosaigh borradh agus fás ag teacht faoin bhfoilsitheoireacht Ghaeilge go ginearálta.

Tháinig comhlachtaí nua ar nós Coiscéim (1981) agus Cló Iar-Chonnachta (1985), ar an bhfód agus thosaigh cuid de na comhlachtaí seo ag diriú ar leabhair do dhéagóirí. Bhí dhá chúis leis seo (a) bhí glúin na nGaelscoileanna ag teacht chun cinn, iad ins na déaga agus ábhar léitheoireachta oiriúnach uathu; (b) rinne an Roinn Oídeachais athruithe ar churaclam Gaeilge an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 1989, rud a thug saoirse áirithe do mhúinteoirí maidir le hábhar léitheoireachta a roghnú, saoirse nach raibh acu roimhe sin. Spreagadh roinnt údar chun dul i mbun pinn le leabhair a sholáthar do na daoine óga, múinteoirí mar Ruairí Ó Báille, Séamas Ó Maitiú agus Ré Ó Laighléis ina measc. Bhí difríochtaí áirithe idir na leabhair nua seo agus aon rud a tháinig rompu. Ar an gcéad dul síos, bhí go leor de na scéalta suite i gcathracha seachas faoin tuath, agus cuid eile fós suite i dtíortha eile mar an Bhreatain Bheag, toisc gur thosaigh an Gúm ag déanamh aistriúcháin ar leabhair do dhéagóirí sa Bhreatnais. Phléigh na leabhair nua seo ábhar a raibh baint aige le saol daoine óga...cúrsaí scoile, grúpaí ceoil, ceolchoirmeacha agus popréaltógaí, coláistí samhraidh, turais scoile, drugaí, alcól, maistíneacht, coimhlintí idir tuismitheoirí agus páistí maidir le saoirse, nó le gairmeacha beatha a roghnú, agus go leor eile. Rud eile a bhain leo ná go raibh siad ní ba ghiorra ná bhíodh gnáthleabhar roimhe sin, agus uaireanta bhí léaráidí agus /nó gluaiseanna beaga ag dul le cuid acu. Bhí leibhéal na teanga ní b'ísle, ní ba shimplí ná mar a bhí sna leabhair a bhíodh ann do dhaoine óga roimhe sin. Níor shásaigh sé seo gach duine mar ar ndóigh ní fhéadfaí a rá go raibh saibhreas Gaeilge le fáil iontu, rud a bhí mar aidhm múinteoireachta i gcónaí go dtí sin. Luaigh Tomás Mac Gabhann agus Breandán Ó hEithir an pointe sin go díreach, chomh fada siar le 1953:

...ní hé ár gcéad ghnó é, Éireannaigh a chur ag léamh ar son na léitheoireachta, dá mhéad é ár spéis phearsanta inti, ach is é ár ngnó é iad a chur ag léamh ar son na Gaeilge²⁷

Is cinnte gurbh í an aidhm chéanna sin an gad ba ghaire don scórnach ag múinteoirí, ag scríbhneoirí, agus ag foilsitheoirí go dtí gur cuireadh an cor nua seo i stair litríocht na nÓg sna hochtóidí.

²⁷ Tuairisc na Comhdhála 1952/53 luaite ag Liam Mac Con Iomaire, *Iomramh Aonair*, 2000.

B'fhéidir nach raibh leibhéal na Gaeilge a bhí sna leabhair nua seo ceart i ngach cás don sprioc-ghrúpa a bhí i gceist. Ach dáiríre bhí réabhlóid ag tarlú a bhí antábhachtach do chainteoirí agus d'fhoghlaimoirí óga na Gaeilge. Bhí ábhar éadtrom léitheoireachta á chur ar fáil do dhéagóirí, a bhí bainteach leis an saol a bhí á chaitheamh acu, nach raibh leibhéal na teanga mar chonstaic do-sháraithe idir iadsan agus an scéal, a bhféadfaidís pléisiúr a bhaint as, chomh maith le staidéar a dhéanamh air.

Níl mé ag rá nach raibh lochtanna le fáil ar na leabhair seo. Bhí cuid de na scéalta leamh in áiteanna, bhí cuid acu ró-pháistiúil, nó thosaíodh siad go maith ach d'imíodh siad ar strae ina dhiaidh sin, nó chríochnaíodh siad ar bhealach míshásúil, nó d'fhágadh siad roinnt snáthanna gan cheangal. Ní dhearnadh eagarthóireacht ró-dhian in áiteanna, ach bhí deacrachtaí áirithe le sárú ag eagarthóirí a bhí sásta an cineál seo leabhair a chur amach, deacrachtaí a luaigh bunaitheoir Chló Iar-Chonnachta, Mícheál Ó Conghaile liom nuair a labhair mé leis.

2.6 Agallamh le Foilsitheoir

Dúirt Mícheál Ó Conghaile gur thug sé go comhfhiosach faoi leabhair do dhéagóirí a fhoilsiú mar go bhfaca sé go raibh easpa mhór ann agus bearna sa mhargadh. D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta *Dúnmharú ar an Dart* le Ruairí Ó Báille sa bhliain 1989. Leabhar d'fhoghlaimoirí fásta a bhí ann ach bhí díol anmhaith ar an leabhar ón tús sna scoileanna. De ghnáth chuirte 500 cóip de gach leabhar i gcló ach díoladh 1000 cóip sa bhliain de leabhar Uí Bháille, rud a bhí thar a bheith sásúil ag an am sin. Go gairid ina dhiaidh sin d'athraigh An Roinn Oideachais cúrsaí na scrúdaithe, rud a thug níos mó saoirse do mhúinteoirí maidir le roghnú téacsanna, agus mhéadaigh an díolachán go suntasach. Tá an leabhar sin fós ar an leabhar is mó díol sa réimse sin, agus tá 40,000 cóip díolta go dtí seo. Luaigh sé dhá leabhar eile, "*Dialann Chaoimhe*" le Muireann Ní Bhrolcháin, agus "*Mise Mé Féin*" le Siobhán Ní Shúilleabháin, a bhfuil 5000 cóip díobh araon díolta. Tá go leor leabhar do dhéagóirí curtha i gcló ag Cló Iar-Chonnachta ó 1989 i leith, ach deir Ó Conghaile go mbíonn siad fós ag brath ar na múinteoirí maidir le roghnú na leabhar, gur beag déagóir a cheannaíonn leabhair dó féin. Tá

fadhb ann sa mhéid is go gcloíonn na múinteoirí leis na leabhair chéanna bliain i ndiaidh bliana, d'ainneoin go bhfuil leabhair nua tharraingteacha ar fáil. Is mór an trua gur mar sin atá. Bíonn, ar ndóigh, ualach trom ar mhúinteoirí agus iad ag ullmhú do na scrúdaithe. Má bhíonn staidéar déanta acu ar leabhar amháin, agus b'fhéidir nótaí sásúla déanta amach acu air, mar go gcaithfidh siad smaoinemh ar cheisteanna scrúdaithe- bíonn leisce ar go leor díobh tabhairt faoi shaothar nua. Ach is é fírinne an scéil go bhfuil dlúthcheangal i gcónaí, mar a bhí riamh, idir an scoil agus cúrsaí léitheoireachta Gaeilge. Is iad na múinteoirí a spreagann na scoláirí chun léitheoireachta, agus bíonn baint an-mhór ag na leabhair a léitear sa rang, nó a bhíonn ar fáil sa scoil, bíodh siad sa leabharlann nó sa seomra ranga, bíonn baint acu sin leis an dearcadh a bhíonn ag na scoláirí ar leabhair Ghaeilge, mar a léiríodh sa suirbhé.²⁸ Níl sé ceart gur mar sin atá agus gur ar na múinteoirí is mó atá an fhreagracht maidir le cothú na léitheoireachta, ach sin í an fhírinne agus níor mhór a bheith réalaióch agus an fhadhb á plé.

Bíonn deacrachtaí eile ag foilsitheoirí a bhíonn ag iarraidh freastal ar an margadh seo, adeir Ó Conghaile. Cé gur féidir leis an bhfoireann eagarthóireachta “snas a chur ar an teanga” má bhíonn aon laigí ar an mbunleagan, bíonn sé níos deacra plé le scéal nó le plota nach bhfuil maith go leor. Ach ag an am gcéanna bíonn sé féin agus foilsitheoirí eile ag brath ar na scríbhneoirí, mar go mbíonn sé deacair go leor teacht ar údair a bhíonn sásta leabhair a sholáthar do dhéagóirí, go háirithe do dhéagóirí idir 16-19. Bíonn drogall ar eagarthóirí go minic a rá le scríbhneoirí cad ba cheart dóibh a dhéanamh. Mar sin, mura mbíonn an saothar sásúil ar fad, b'fhéidir go gcuirfidís leabhar amháin i gcló, ach nach nglacfaidís leis an dara leabhar ón údar sin.

Cheistigh mé é faoin dream idir 16 agus 19, luaigh mé na cúiseanna gur cheap mé go raibh leithéid “*Dhialann Chaoimhe*” chomh hoiriúnach agus chomh taitheamhach dóibh, agus d'fhiafraigh mé de, ar smaoinigh sé riamh ar fhoirmle a chur le chéile (mar a dhéanann Mills agus Boone, a dhíolann na milliúin leabhar) agus an fhoirmle a thabhairt do scríbhneoir éigin. Dúirt sé nár smaoinigh, ach cheap sé go mbeadh ar dhuine an fhoirmle a athrú gach cúpla bliain chun na déagóirí a shásamh, agus go bhfuil sé an-deacair ar fad an

²⁸ Féach Caibidil 5 agus Aguisín 1

margadh sin a thomhas, mar go mbíonn déagóirí idir 16-19 ag léamh leabhar i mBéarla do dhaoine fásta, rud, ar ndóigh atá le feiceáil sa suirbhé.

Rud eile a luaigh sé ná nach bhfaigheann siad mórán aiseolais ó na múinteoirí ná, ar ndóigh ó na daltaí, rud nach gcabhraíonn leo agus iad ag iarraidh pleanáil don todhchaí.

Agus maidir leis an todhchaí, ceapann Mícheál go gcuirfidh sé cnuasach gearrscéalta i gcló don aoisghrúpa seo; ní scéalta nua a bheadh i gceist, ach rogha de na gearrscéalta is fearr atá scríofa cheana féin, agus a bheadh oiriúnach dóibh, idir scéalta ó na mórscribhneoirí agus scéalta ó scríbhneoirí comhaimseartha.

2.7 Conclúid

Is léir go bhfuil éacht déanta ag Mícheál Ó Conghaile agus ag a chomhfhoilsitheoirí. Chuir siad tús le forbairt nua sa Ghaeilge, agus tá siad ag leanúint lena gcuid oibre go toilteanach, cé nach mbíonn brabús ró-mhór le fáil as, agus go mbíonn siad i gcónaí ag snámh in aghaidh easa, nó taoide an Bhéarla. Inniu tá ar a laghad seacht gcomhlachtaí ag foilsíú ficsein do dhéagóirí, agus suas le céad leabhar ar an margadh dóibh.

Díríonn an tráchtas seo mar atá ráite agam, ar an ngrúpa idir 16-19, na daltaí a bhíonn san Idirbhliain, sa chúigiú bliain, agus sa séú bliain, agus cé go bhfuil an méid sin leabhar do dhéagóirí ar fáil, is beag díobh atá oiriúnach nó mealltach don ghrúpa seo. Is grúpa faoi leith iad na scoláirí sinsearacha nó na hóg-aoisigh seo, grúpa a léann ficsean do dhaoine fásta i mBéarla.²⁹ Ní bhíonn siad sásta tabhairt faoi leabhair nach bhfuil ar an gcaighdeán ceart ó thaobh ábhair, ná ó thaobh stíle de. Má tá daoine óga le mealladh chun pléisiúr a bhaint as an léitheoireacht i nGaeilge, agus dearcadh dearfach i leith na teanga a thabhairt leo agus iad ag tabhairt aghaidh ar an saol, nó níos fearr fós, chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal, is é an dúshlán atá ann an bhearna sin sa mhargadh a líonadh go héifeachtach, agus go luath.

²⁹ Féach an suirbhé, Caibidil 5

Caibidil 3

Litríocht a sholáthar do dhéagóirí - deacrachtaí agus riachtanais

3.1 Na grúpaí éagsúla

Tá deacrachtaí faoi leith ag baint le hábhar léitheoireachta a sholáthar do dhéagóirí i nGaeilge agus go háirithe don aoisghrúpa atá i gceist sa staidéar seo. Tá dhá ghrúpa ar leith ann, iad siúd gurb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, agus an dara grúpa, gur foghlaimoírí iad. Ach fiú laistigh den dá ghrúpa sin tá grúpaí níos lú fós, a gcaithfear idirdhealú a dhéanamh eatarthu mar a mhínigh Seosamh Ó Murchú.³⁰

...deacracht mhór na foilsitheoireachta do dhaoine óga...is é sin conas freastal go sásúil ar an éagsúlacht léitheoirí laistigh de mhargadh atá chomh beag. Tá páistí Gaeltachta ann a bhfuil an Ghaeilge ón gliabhán acu ach atá fós cleachtaithe ar fhorhmór dá léann siad a dhéanamh as Béarla. Tá páistí lasmuigh den Ghaeltacht atá á dtógaint le Gaeilge, agus a bhfuil cumas maith léitheoireachta bainte amach acu. Tá páistí eile ann a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna ach gurb é an Béarla a bpríomhtheanga agus a bhfuil difear mór idir an aois léitheoireachta atá bainte amach acu sa dá theanga. Tá páistí eile ann a bhíonn ag freastal ar scoileanna Béarla ach a bhfuil spéis sa Ghaeilge múscailte iontu, a léifeadh ábhar oiriúnach Gaeilge ach é a bheith ar fáil.

Mar sin is í an chéad cheist atá le freagairt sa chaibidil seo ná, an bhfuil sé indéanta, leabhair a fhoilsiú a dhéanfaidh freastal ar na grúpaí sin go léir le chéile? Ní haon iontas go gceapann Ó Murchú “gur dócha nach n-éiríonn linn freastal i gceart ar aon dream acu sin” agus i gcás déagóirí ach go h-áirithe, “go bhfuil sé beagnach dodhéanta iad a shásamh”. Dúirt Mícheál Ó Conghaile, foilsitheoir,³¹ go raibh sé “an-deacair an margadh sin a thástáil, go háirithe ó thaobh cumas teanga de.” Anuas air sin ar fad, is gá tionchar na leabhar Béarla a lua, mar go mbíonn siad chomh feiceálach, agus chomh tarraingteach, nach féidir na léitheoirí óga a chosc ó chomparáid a dhéanamh idir a bhfuil ar fáil sa dá theanga. Tá sé seo luaite ag go leor de na déagóirí a d’fhreagair mo cheistneoir féin. Nuair a iarradh orthu na fáthanna nach léann siad leabhair Ghaeilge taobh

³⁰ Saothar thuasluaite, lth. 11.

³¹ Agus é ag caint le Máire Uí Mhaicín, in alt “Leabhair Ghaeilge do Dhaoine Óga” san Iris CBII, Bealtaine 1994,26.

amuigh den rang a lua, roghnaigh 28% an freagra “Ní bhíonn cuma chomh tarraingteach orthu agus a bhíonn ar leabhair Bhéarla”.

3.2 Déagóirí na Gaeltachta

Dúirt Fionnuala Nic an Bháird, níos mó ná fiche bliain ó shin, in alt a scríobh sí dár teideal “Ag Foilsiú don Óige”³² gur ar óige na Gaeltachta

..is mó agus is túisce ba cheart freastal. Iadsan an No.1 Priority’. Ba cheart lánscoip teangan a fhágáil ag údair bunleabhar agus aistritheoirí do na léitheoirí sin. Thar aon rud eile caithfear staonadh san eagarthóireacht a dhéanann foilsitheoirí, ó bhlas na canúna a bhaint de théacsanna...

Luaigh Máire Denvir an t-alt sin agus í ag caint ar litríocht do dhéagóirí ag an Siompósiam Léitheoireachta (an Spidéal, 9ú Márta 2002). Dar léi siúd, nach féidir freastal ar dhéagóirí na Gaeltachta agus ar fhoghlaimeoirí le chéile, agus ceapann sí go bhfuil fadhb ann anois maidir le spéis na ndéagóirí sin sa léitheoireacht Gaeilge mar gur déileáladh leo mar aon ghrúpa go dtí seo. Tugadh leabhair dóibh “nár thuig siad, nach raibh ag teacht lena dtaithí saoil,” nach raibh “Gaeilge dhúchasach, nádúrtha na Gaeltachta” iontu. Níor éisteadh le focail Fhionnuala dhá bhliain is fiche roimhe sin, a cheap sí. Fíoraíodh an méid a bhí le rá ag an bheirt, i measc déagóirí a bhí i láthair ag an gceardlann ar an ócáid sin nuair a dúirt siad, i measc rudaí eile, gurbh fhearr leo an Ghaeilge a raibh taithí acu féin uirthi a léamh, seachas Gaeilge “dheacair”, nó mar a chuala Brian Ó Baoill uathu ina shuirbhé siúd,³³ agus iad ag caint ar leabhair Ghaeilge “Ní bhíonn siad i nGaeilge cheart.” Luaigh Joe Steve Ó Neachtain an fhadhb seo freisin nuair a dhearbhaigh sé ag an siompósiam thuasluaite go raibh “teanga nádúrtha chanúnach” ag teastáil ó na daoine óga.

Fuair mé féin na torthaí céanna i measc déagóirí na Gaeltachta- 56 ar fad - ó Chonamara agus ó Thír Chonaill, idir bhuachaillí agus chailíní: “Bíonn an Ghaeilge ró-dheacair” “iontach casta” “ró-choimpléascach,” adúirt go leor acu. 21 as an 56 (37.5%) a luaigh Gaeilge ró-dheacair mar chúis nach léann siad leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang. Ar ndóigh níl sé soiléir óna gcuid

³² *Comhar*, Aibreán 1980.

³³ *Feasta*, Bealtaine '99, “Léitheoireacht do Dhaoine Óga.”

freagraí an gciallaíonn an méid seo go bhfuil an Ghaeilge inti féin “deacair”, nó an é atá i gceist acu go mb’fhearr leo a gcanúint féin.

Ach ní hí seo an t-aon fhadhb amháin atá mar chonstaic idir óige na Gaeltachta agus léitheoireacht i nGaeilge. Luaigh Máire Denvir ábhar na leabhar:

Ní chuirfidh siad suas le hábhar atá leadránach agus as faisean; ba chóir dóibh a bheith “suimiúil, spreagúil, ar ardchaighdeán deartha”

a dúirt sí, agus shíl sí freisin go raibh dáileadh na leabhar sa Ghaeltacht míshásúil ach thar a bheith tábhachtach. Nocht Brian Ó Baoill na tuairimí ceannann céanna bliain ó shin ina alt siúd i bh*Feasta*,³⁴ agus é ag caint ar chuspóir na foilsitheoireachta maidir le leabhair Ghaeilge a chur ar fáil do dhéagóirí. Más é atá i gceist, adeir sé, “daoine óga a chur agus a choinneáil ag léamh na Gaeilge,” ní mór leabhair “gur féidir leo iad a léamh gan stró agus le taitheamh a chur ar fáil”, agus maidir le dáileadh na leabhar, deir sé “Muna bhfuil a fhios acu iad a bheith ann, ní féidir a bheith ag súil go mbeidh siad á léamh.”

Is cinnte, ón méid a fuair mise amach nach bhfuil na daoine óga ar an eolas faoi na leabhair go léir atá ar fáil. Mar fhreagra ar an gceist “An bhfuil aon rud eile le rá agat faoi na leabhair atá ar fáil do d’aoisghrúpa féin?” dúirt 40% den iomlán *nach raibh aon leabhair ann dóibh/nach raibh aon eolas acu ar a raibh ar fáil/go raibh se deacair teacht orthu/nach ndéantar go leor cainte faoi na leabhair Ghaeilge*. Bhí go leor de dhéagóirí na Gaeltachta ina measc seo.

Maidir leis na leabhair a bheith “suimiúil spreagúil”, is oth liom a rá go raibh cuid mhór dá ndúirt siad faoin méid atá léite acu diúltach go maith. Ceapann siad go mbíonn na scéalta

- “leadránach,’ nó “sean-aimseartha,” nó “faoin seansaol”...
- “tá cuid mhór de na leabhair Ghaeilge scríofa faoin sean-am” adúirt duine amháin (cailín ,18)
- Tá siad “greamaithe leis an curriculum” (sic)
- “Níl siad réalaióch ná bainteach le saol an lae inniu”.
- “Níl cliú (tuairim) ag na húdair”
- “Ag féachaint siar ar shaol an údair, níl suim ag aon duine iontu sin”
- “Ní bhíonn téamaí uilíocha iontu”

³⁴ ‘Déagóirí agus Léitheoireacht’, *Feasta* , Bealtaine 2001,47-50.

- “Á scríobh ag daoine níos sine... Ceapann siad go bhfuil eolas acu ar na rudaí a bhfuil suim ag déagóirí iontu”

Is é an rud is measa faoin diúltachas seo ar fad ná gur léir nach bhfuil ach fíorbheagán dá bhfuil ar fáil feicthe ag na daoine óga seo. Tá a fhios agam go bhfuil géarghá le forbairt agus le leathnú réimse, ach tá leabhair thaitheamhacha ar fáil don aoisghrúpa seo, cuid acu nach bhfuil gan locht b’fhéidir, ach tá siad ann, agus tabharfaidh mé sracfhéachaint ar thrí úrscéal díobh i gCaibidil 4. Ar an dtaobh eile den scéal caithfidh mé a rá go raibh cuid de na téacsanna seo léite ag cuid den ngrúpa a líon an ceistneoir, agus tuairimí an-dearfa acu faoi na leabhair chéanna, ach ba mhó i bhfad an líon scoláirí nach raibh ar an eolas faoi na leabhair, go háirithe fúthu siúd a cuireadh i gcló ó 1990 ar aghaidh.

Cé tá ciontach as an méid seo? Na comhlachtaí foilsitheoireachta? Na siopaí? Na leabharlanna? Na múinteoirí? Ní dóigh liom gur féidir an milleán a chur ar aon dream faoi leith. Tuigim go maith go gcosnaíonn feachtas margaióchta go leor airgid. An fiú do na foilsitheoirí an cineál sin airgid a chaitheamh agus gan torthaí ró-iontacha le fáil? Ach gan an phoiblíocht ní bheidh eolas ag na múinteoirí ná ag na scoláirí ar na leabhair nua a thagann ar an margadh, agus mura mbíonn éileamh orthu, is cinnte nach dtabharfaidh na siopaí leabhar ná na leabharlanna tús áite do na leabhair Ghaeilge. Fáinne fí cinnte é, ach is cinnte freisin go bhfuil sé práinneach cúrsaí margaióchta a chur go mór chun tosaigh mar chuid bhunúsach den straitéis, má tá aon seans ann go bhféadfaí na daoine óga seo a chur ag léamh leabhar Gaeilge. Ba chóir, dar liom, feachtas a dhíriú ar mhúinteoirí meánscoile, é a thabhairt isteach sna scoileanna, ar an mbealach céanna is a dhíolann comhlachtaí téacsleabhar a gcuid earraí, mar nach bhfreastalaíonn mórchuid múinteoirí ar ghnáth-ócáidí ar a mbeadh taispeántas leabhar le feiceáil. Chosnódh a leithéid seo airgead, ach b’fhiú triail a bhaint as; beidh tuilleadh le rá agam faoi seo sna moltaí i gCaibidil 6.

3.3 Leabhair do dhéagóirí na Gaeltachta

Ach cén chaoi inar féidir déileáil le déagóirí na Gaeltachta, murar féidir freastal orthu siúd go speisialta mar ghrúpa toisc go mbeadh an margadh ró-bheag? Níl a fhios agam an féidir freastal orthu faoi láthair mar ba cheart, maidir le leibhéal na

teanga. An téacs a bheadh iomlán oiriúnach dóibh siúd, seans go gcruthódh sé deacrachtaí móra do dhéagóirí eile na tíre. Agus féach gur luaigh go leor de lucht na Gaeltachta nach raibh siad sásta le Gaeilge a bhí ró-dheacair.³⁵ An ndéanfadh sé dochar dóibh Gaeilge níos simplí a léamh?

Ardaíonn an méid seo pointe an-tábhachtach – nach ionann Gaeilge shimplí agus Gaeilge atá lochtach nó míchruinn. Tá roinnt áirithe de na téacsanna a cuireadh i gcló go dtí seo lag ó thaobh na Gaeilge de. Caithfimid cuimhneamh gur daoine a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhara teanga iad go leor de na húdair atá ag scríobh do dhaoine óga agus mar sin go bhfuil gá le sainchomhairle agus le treoir i réimse na teanga. Is fadhb í seo a gcaithfidh foilsitheoirí agus a gcuid eagarthóirí teacht ar réiteach uirthi. Ní bheidh sé furasta, mar nach mór an líon údar a bhíonn sásta tabhairt faoin gcineál seo scríbhneoireachta sa chéad áit, agus go mbíonn sé deacair a rá le scríbhneoirí cad is ceart dóibh a dhéanamh.

Tá réimse suime na ndéagóirí go léir mar a chéile. Feicim ón suirbhé go dtaitníonn na húdair chéanna leo i mBéarla is a thaitníonn le lucht na Galltachta; go gceannaíonn siad na hirisí chéanna. An bhféadfaí mar sin dianobair a dhéanamh ar ghnéithe eile seachas ar leibhéal na teanga? Níorbh fhiú é sin a bheith ceart agus na scéalta gan a bheith taitheamhach. Ag smaoineamh siar ar an méid a dúirt Tomás Mac Gabhann agus Breandán Ó hEithir sna caogaidí faoi dhaoine “a chur ag léamh ar son na Gaeilge,” ní léifidh na déagóirí seo leabhair Ghaeilge ar mhaithe le Gaeilge a léamh; caithfimid a admháil go bhfuil an lá sin thart, an méid sin triallta cheana, ach go bhfuil teipthe glan ar an bpolasaí sin daoine óga a chur ag léamh leabhar Gaeilge.

Ceapann Ó Baoill (2001) go mb'fhéidir fiú “ go bhfuil sé ró-dhéanach anois an taoide a chasadh i measc an chuid is mó de dhéagóirí an lae inniu, ach ba chóir bheith ag ullmhú anois do na glúinte déagóirí atá le teacht.”

Caithfimid mar sin an t-ábhar léitheoireachta a theastaíonn uathu, bíodh sé olc maith dár linne, a sholáthar dóibh. Má tá na leabhair “suimiúil, spreagúil” ó thaobh ábhair agus scéalaíochta de, má tá siad deartha go slachtmhar agus cuma tharraingteach orthu, seans go léifidh na daoine óga idir lucht Gaeltachta agus

³⁵ Tuigim go mbeadh gá lena thuilleadh ceisteanna leis an méid sin a shoiléiriú.

Galltacht a iad; b'fhéidir ansin go meallfar cuid acu, le leanúint leis an léitheoireacht amach anseo. Má tharlaíonn sé sin beidh an sprioc curtha i gcrích.

3.4 Bunriachtanais

Ach an bhfuil bunriachtanais faoi leith ann, maidir le litríocht a sholáthar do dhéagóirí go ginearálta? Ní aontaíonn Alan Titley³⁶ go bhfuil;

D'fhéadfaí liosta a áireamh de na tréithe is ionúine le saineolaithe critice a fháil i litríocht do dhéagóirí...Is minic a deirtear gur cheart go mbeadh litríocht do dhaoine óga (a) lán le gníomhartha ó thus go deireadh (b) scríofa i dteanga shimplí nach rachadh thar fhocail a mbeadh cleachtadh coitianta orthu, (c) cuid mhór comhrá ann chun an scéal a choimeád ag gluaiseacht (d) scéal nó plota teann ann ionas nach dtiocfadh aon ní idir imeacht na hinsinte agus an léitheoir, (e) aithne cheart ag na léitheoirí ar an timpeallacht a bhfuil an scéal suite ann agus (f) go ndéanfaí an léitheoir a chosaint ar na gnéithe is suaraí agus is táire agus is uirisle agus is uafásaí sa saol. Is é an t-aon locht a gheobhainnse ar aon liosta mar sin ná go bhfuil sé mícheart ó bhonn....

Mura bhfuil aon rialacha ann maidir le litríocht a chumadh..is fánach go léir an dóchas a bheadh againn go bhféadfaí socrú ar cad is dea-litríocht do dhaoine óga ann...is é is dóichí ar fad gurb iad na tréithe céanna a dhéanann litríocht don seandúine críonna, don mhéanaosach cruaithe is don aos óg.

Ní aontaím ar chor ar bith leis an ráiteas sin; sílim go bhfuil tréithe suntasacha ag baint le dea-litríocht do dhaoine óga, go háirithe do na hóg-aoisigh, agus nach gá gurb ionann iad sin agus na tréithe a bhaineann leis an dea-litríocht i gcoitinne. Is cinnte go mbaineann cuid de na tréithe atá diúltaithe ag Titley leis. Bíonn gá le plota teann, agus le teanga nach bhfuil ró-chasta. Is minic a bhíonn go leor comhrá sna leabhair. Cabhraíonn sé má bhíonn eolas ag na léitheoirí ar an timpeallacht atá i gceist. Ach chun cur leis na tréithe sin is gá féachaint siar ar an méid atá luaite agam sa chéad chaibidil, le seánra an déagfhicsin. Bíonn na heilimintí seo le fáil:

- Déagóir mar phríomhcharachtar
- Saol an déagóra inniu faoi chaibidil
- Deacrachtaí / fadhbanna a bhaineann leis an saol sin á bplé

³⁶ Titley, A. (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, An Clóchomhar Teo. Baile Átha Cliath. 93-94.

- Réalachas...is cinnte mar sin, nach gcosnaítear an léitheoir óg ar “na gnéithe is suaraí agus ia is táire agus is uirísle agus is uafásaí den saol”
- Leibhéal eile sa scéal seachas é bheith go díreach mar scéal eachtraíochta. Is é sin go mbíonn leibhéal siceolaíoch ann, léiriú ar shaol inmheánach na gcarachtar. Seo rud atá coitianta go maith i leabhair do dhaoine fásta, ach nach mbíonn le fáil go coitianta i leabhair do dhaoine óga.
- Dá bharr sin go mbíonn léargas le fáil ann ar an mbealach le déileáil le fadhbanna, nó léargas ar shaol dhéagóirí eile, mar sin go mbíonn feidhm theagascúil leis an scéal.
- Stíl oiriúnach...comhrá ...foirm dialainne...caibidlí gearra...

Ní gá, ar ndóigh, go mbeadh gach leabhar mar sin; taitníonn scéinséirí agus fionscéalta mar shampla, go mór, de réir an tsuirbhé, leis na daoine óga. Ach ní dóigh liom gurb iad na tréithe sin thuas na slata tomhais lena meastar an ghnáthlitríocht. Is cinnte nach mbíonn feidhm theagascúil i gceist mar go nglacann an scríbhneoir leis go bhfuil sé ag plé le daoine a bhfuil taithí agus eolas acu ar an saol. Is minic a léann duine fásta leabhar ar mhaithe le scileanna liteartha an údair a mheas nó a bhlaiseadh, chomh maith le taitneamh a bhaint as an scéal. Is iad na fáthanna is mó a roghnaíodh i measc na léitheoirí óga sa suirbhé maidir le leabhair a bhí taitneamhach ná

- go raibh an scéal go maith,
- go raibh na carachtair réalaíoch,
- go raibh baint ag an scéal le saol an déagóra, agus
- nach raibh sé ró-fhada.

Bíonn níos mó foighne ag an léitheoir fásta ná mar a bhíonn ag léitheoirí óga. Mar sin bíonn gá le stíl áirithe chun suim an léitheora óig a spreagadh agus a choinneáil go dtí deireadh an leabhair, mar atá luaite agam thuas -foirm dialainne, b'fhéidir, nó caibidlí ghearra, nó go leor comhrá idir na carachtair éagsúla. Bíonn na scéalta níos giorra, thart ar dhá chéad leathanach ar a mhéid, i mBéarla, agus níos lú ná sin sa Ghaeilge, mar gur léitheoireacht sa dara teanga is mó a bhíonn i gceist.

Ceist eile ná an gá gurb ionann dea-litríocht, i gcás na ndéagóirí, agus an rud a nglactar leis mar ‘ardlitríocht’? Ní dóigh liom féin gur gá. Is é an rud is práinní

ná daoine óga a chur ag léamh. Is cuma cad a léann siad a fhad is a bhaineann siad taitheamh as agus go mbíonn siad sásta leanúint leis an léitheoireacht. Má dhéanann siad é sin tiocfaidh tuiscint agus muinín chucu de réir a chéile, agus beidh siad ábalta aghaidh a thabhairt ar réimsí eile litríochta.

Ach cé a dhéanann an measúnú maidir le caighdeán leabhar na ndéagóirí? An iad tuairimí dhaoine fásta a chuirtear san áireamh nó tuairimí na léitheoirí óga? Go dtí seo ní dócha gur chualathas guth na n-óg. Daoine fásta is ea na húdair, na heagarthóirí, na léirmheastóirí, na moltóirí. Ní haon iontas go ndúirt duine amháin sa suirbhé nach bhfuil suim aige i leabhair Ghaeilge mar go mbíonn siad “ á scríobh ag daoine níos sine...ceapann siad go bhfuil eolas acu ar na rudaí a bhfuil suim ag déagóirí iontu”

Is costúil nach bhfuil an t-eolas sin acu, agus go bhfuil géarghá le guth agus le tuairimí na léitheoirí óga a chloisteáil.

Ba cheart cuimhneamh ar dhá bhunrud anseo, rudaí nach bhfuil curtha san áireamh, de réir mar a fheicimse, ag Alan Titley sa ráiteas sin aige: ar dtús gur léitheoireacht sa dara teanga atá i gceist maidir le formhór mór léitheoirí óga na Gaeilge, agus ansin gurb í an aidhm atá ann ná iad a chur ag léamh leabhar Gaeilge, agus go mbainfidís pléisiúr as an léitheoireacht sin. Spraoi-léitheoireacht atá i gceist go bunúsach agus ní léitheoireacht ar mhaithe leis an staidéar nó chun rud faoi leith a fhoghlaim, cé go bhfuil an dá ghné snaidhmthe le chéile, mar atá cúrsaí faoi láthair, agus cé go bhfoghlaimíonn duine teanga, agus go saibhrítear teanga, mar is eol dúinn, trí bheith á léamh. Tá an méid seo le rá ag McRae (1991) saineolaí ar léitheoireacht sa dara teanga:

Reading..makes a considerable contribution to language learning , but in a global rather than in a specific way. Language acquisition is being reinforced...and language awareness is being helped³⁷

3.5 Léitheoireacht sa dara teanga

Mar a mhínigh mé cheana, tá raidhse leabhar don aoisghrúpa seo le fáil i mBéarla agus tá margadh an-mhór ann do na leabhair sin mar is léir ón méid díobh a bhíonn le feiceáil go rialta in aon siopa leabhar. Luaigh mé thuas na tréithe a

³⁷ McRae, J. *MEP Monographs*, “Literature with a small “l”, McMillan 1991,London. 43.

bhaineann le cuid acu. Ach caithfear tréithe eile a chur san áireamh freisin nuair a thosaímid ag smaoineamh ar leabhair Ghaeilge agus is tréithe iad seo a bhaineann le foghlaim na dara teanga.

Cé go bhféadfainn na céadta foinse a lua maidir le tréithe agus deacrachtaí na léitheoireachta sa dara teanga, cloífidh mé leis an méid adeir McRae sa leabhar atá luaite agam thuas, agus leis an méid a deir saineolaí eile, Wilga M. Rivers.

Pléifidh mé na bunriachtanais a bhíonn ag teastáil, de réir na saineolaithe seo, chun an léitheoireacht sa dara teanga a chothú i measc daoine óga. Mura gcuirtear na riachtanais seo san áireamh, ní féidir a bheith ag súil go dtabharfaidh siad faoin léitheoireacht Ghaeilge, agus is lú fós an seans a bheadh ann go bhféadfáidís léitheoireacht ‘gan stró agus le taithneamh’³⁸ a dhéanamh sa teanga.

Ceithre rud atá riachtanach; go hachomair is iad sin

- so-léiteacht
- spéis
- ceangal éigin idir an léitheoir agus an téacs, agus
- go bhféadfadh sé tagairtí, comhheacs, timpeallacht a aithint.

So-léiteacht

Is í aidhm na léitheoireachta, dar le McRae, ná cumarsáid idir an léitheoir agus an téacs, agus mar sin idir an léitheoir agus an scríbhneoir. Chomh maith leis sin, deir sé:

Reading, at any age, also means reading the world, attempting to interpret, to come to terms with, to assimilate, perhaps even one day to understand what surrounds us, in order that we be better equipped to live in the world. And just as the world must constantly interest, fascinate and surprise us, so our reading must stimulate, provoke, irritate and teach us...³⁹

Ach chun an tairbhe sin a bhaint as an léitheoireacht sa dara teanga, caithfidh an téacs ar dtús a bheith *so-léite* - *accessible*:

Students will often react negatively to a text because they have ...been daunted by its register, its syntax, unknown vocabulary, the culture gap..any of a dozen stumbling blocks which make it infinitely easier for a learner to give up on a text than to make it through to the

³⁸ Ó Baoill, B. “Léitheoireacht do Dhaoine óga,” *Feasta*, Bealtaine 1999.

³⁹ McRae (1991, 18)

end...Accessibility therefore depends very much on making the student capable of getting through the text to the end⁴⁰

Má tá daoine óga le mealladh i dtreo na leabhar Gaeilge mar sin, caithfidh na leabhair a chuirtear ar fail dóibh a bheith so-léite, thar aon rud eile, nó mí bheidh siad sásta tabhairt fúthu ar chor ar bith, cuma cén t-ábhar atá iontu, nó cén chuma atá orthu. Léitheoireacht gan stró an chéad riachtanas mar sin.

Spéis

Luann McRae ansin fadhb bhunúsach eile; caithfidh *spéis* a bheith ag an scoláire san ábhar. “No subject will interest students...to an equal degree” adeir sé, rud a chiallaíonn mar sin féin go gcaithfidh suim éigin a bheith ag na léitheoirí san ábhar. Tá tábhacht na spéise luaite ag Wilga M. Rivers, ina leabhar siúd ar mhúineadh an dara teanga *Speaking in Many Tongues* (1983). Tá sí ag caint ar obair an ranga, ach is léir go bhfuil an méid seo fíor maidir leis an spraoi-léitheoireacht freisin:

We must find out what our students are interested in. This is our subject matter. As language teachers we are the most fortunate of teachers: All subjects are ours. Whatever the students want to communicate about, whatever they want to read about, is our subject matter.

Tá raon suime na ndéagóirí pléite agam sa chéad chaibidil, agus an méid sin cinntithe arís agus arís in ailt éagsúla, sa suirbhé a rinne Brian Ó Baoill, agus sa suirbhé atá díreach déanta agam féin.

Ceangal idir an léitheoir agus an téacs

Is é an tríú rud a luann McRae ná ‘*Relevance*’, nó gur chóir go mbeadh ceangal éigin idir an téacs agus an léitheoir cé gur féidir teacht thairis sin mar

natural curiosity about the world and any text to be read, means that a learner is always willing to make some attempt to bridge the relevance gap which the teacher may feel separates the learner and the text.⁴¹

Mar sin féin, ós rud é go bhfuil go leor deacrachtaí le sárú ag léitheoir óg na Gaeilge cheana féin, tá sé tábhachtach go mbeadh an ceangal sin ann chun é/í a spreagadh, mar atá sna téacsanna a bhaineann le seánra an déagfhicsin, a bhfuil cur síos air déanta agam air i gCaibidil 1.

⁴⁰ McRae (1991, 45)

⁴¹ McRae (1991, 53).

Aithint

Is é an rud deireanach ba mhaith liom a lua anseo ó théacs McRae ná *Aithint* nó '*Recognition*', rud a chabhraíonn leis an gceangal idir an léitheoir agus an téacs a neartú:

Being able to recognise references, context, allusions and. so on, adds to the breadth of the reading experience...The relevance gap is bridged by identification of (if not necessarily with) different ways of seeing the world and the range of ways of expressing such a vision.¹⁴

Cé gur ag caint ar léitheoireacht sa dara teanga atá na húdair thuas, tá an méid seo leanas suimiúil, mar go mbaineann sé le leabhair do dhéagóirí ina gcéad teanga, an Fhraincis. Tá na tréithe céanna luaite ag údar a bhíonn ag scríobh do dhéagóirí sa teanga sin, agus é ag caint ar an stíl scríbhneoireachta atá aige:

Il y a une façon d'écrire pour les adolescents. Moi je le connais...Des phrases courtes, des mots simples, des images précises qui frappent l'imagination. Le tout avec des références compréhensibles. Elles peuvent être musicales, cinématographiques ou bibliques. Le tout est que ça aille vite, qu'il y ait du rythme, que le lecteur ait envie d'aller jusqu'au bout.⁴²

B'fhéidir go bhfuil daoine ann, múinteoirí agus údair ina measc, nach bhfuil sásta leis na focail shimplí, na hábhair nach mbaineann le traidisiúin na Gaeilge, cuid acu dorcha, suarach, fiú mímhórála, dar leo, na tuairimí a nochtáítear, a léiríonn, i gcásanna áirithe stíl bheatha a chuireann scanradh ar thuismitheoirí. Cé go bhfuil sé seo sothuigthe, aontaím le Ó Baoill (2001) nuair a deir sé

Ní leor ábhar a cheapann 'muide' atá feiliúnach a chur ar fáil...Tar éis an tsaoil nach bhfuil an t-ábhar sin ar fáil le fada agus mar adúirt mé, go bhfuil teipthe orainn an dream óg a mhealladh leis.

Leanann sé air:

Ní tairbhe ar bith é a rá gur trufalais é cuid mhór den ábhar a bhíonn á léamh ag déagóirí na hÉireann (sna hirisí Sasanacha) Má cheannaíonn siad an t-ábhar is de bhrí go dteastaíonn an t-ábhar sin uathu lena léamh agus léann siad é, go díograiseach. Cé mise nó tusa le rá gur trufalais é seo nó é siúd? An é nár léigh muide ábhar ar ghlaigh daoine fásta trufalais air? Rinne, agus ar feadh na mblianta, agus rinneadh léitheoirí asainn.⁴³

⁴²Parker, Daniel. ("L'homme aux best-sellers") in alt dár teideal "Comment les éditeurs traquent le lecteur 'jeune'," san iris *Phosphore*, Iris do dhaoine óga 15-25, Deireadh Fómhair 1999.

⁴³ Ó Baoill (2001, 50)

Luaigh Ó Murchú (2001) tuairim den chineál céanna ina alt siúd:

Agus rud eile a ritheann liom ná go mb'fhéidir go bhfuilimid ró-cheartaiseach, ró-choimeádach agus sinn ag "roghnú" ábhar leabhar do dhaoine óga. Agus gur i ngan fhios dúinn féin atáimid mar sin, nach féidir linn clog na féinchinsireachta ionainn a mhúchadh....Táimid féin agus ár gcuid oibre fite fuaite in ndán na teanga Gaeilge agus braithimid dualgas morálta agus eile orainn an dé a choimeád inti. Ba dhóigh leat gur chúis é sin le bheith fíor-réabhlóideach ..Chuir cuid de leabhair Roald Dahl alltacht ar thuismitheoirí...B'fhéidir go bhfuil sé in am cur as do dhaoine lenár gcuid leabhar, olc a chur ar dhaoine, conspóid a ghiniúint...⁴⁴

Luaigh Ó Murchú na deacrachtaí a bhíonn againne, daoine fásta a bhíonn ag plé leis an teanga, ag an bhFleá Léitheoireachta sa Spidéal, Márta 2002, nuair a labhair sé ar an 'bpiúratánachas teanga' a sheasann idir muidne agus téacsanna do dhéagóirí. Bíonn leisce orainn a dúirt sé glacadh b'fhéidir le leibhéal teanga nach bhfuil saibhreas nó traidisiún ag baint leis. Thug mé sampla de sin faoi deara ar an ócáid chéanna sin, ag an gceardlann do dhéagóirí, nuair a bhí plé i measc na ndaoine óga ar leibhéal na Gaeilge sna leabhair a bheith ró-ard. Dúirt údar amháin a bhí i láthair nach mbeadh sé sásta leibhéal na teanga a shimpliú, agus go gcaithfeadh na daoine óga bheith sásta cur suas le leibhéal áirithe deacrachta chun go bhféadfaidís saibhreas foclóra a fhoghlaim. Cé gur cinnte gur duine idéalach an t-údar céanna agus go bhfuil sé siúd 'fite fuaite i ndán na Gaeilge' léirigh an méid seo easpa tuisceana agus bearna ollmhór idir léitheoirí agus scríbhneoir, a chaithfear a thrasnú má tá daoine óga le mealladh i dtreo na leabhar Gaeilge sula mbíonn sé ró-dhéanach. Tá sé riachtanach go n-éistfear go cúramach lena bhfuil le rá acu, go mbeidh meas ar a gcuid tuairimí agus go ndéanfar gníomh dá réir in aon leabhar nua a chuirfear i gcló amach anseo. Mar cad í go díreach an aidhm atá romhainn agus muid ag machnamh ar an ábhar seo? Gaeilge a mhúineadh? Litríocht a mhúineadh? Nó daoine óga a chur ag léamh Gaeilge? Níl dabht ar bith i m'aighe féin gurb é freagra na ceiste ná *daoine óga a mhealladh chun leabhair Ghaeilge a léamh le fonn agus le pléisiúr*. Má tá leibhéal na teanga mar chonstaic idir iad agus an téacs, ní bheidh an téacs sin

⁴⁴ Ó Murchú (2001, 14-15)

inléite dóibh, gan trácht ar é a bheith soléite; mar sin tá sé fánach a bheith ag caint ar shaibhriú foclóra.

Daoine a bhfuil tuairimí láidre acu, taithí saoil leathan go leor, agus roghanna eagsúla déanta acu na daoine óga seo. Aontaím go láidir le tuairim Uí Bhaoill (2001) nach bhfuil seans ar bith go meallfar i dtreo na léitheoireachta Gaeilge iad mura ndéantar freastal faoi leith ar a riachtanais. Chun é sin a dhéanamh tá gá, mar a dúirt Ó Murchú (2001) le hathraithe tuairime i measc múinteoirí, scríbhneoirí, foilsitheoirí; caithfimid “clog na féinchinsireachta” a fhágáil ar leataobh, a thuiscint gur tábhachtaí glúin óg a chur ag léamh Gaeilge ná cloí le teanga nó le nósanna scríbhneoireachta traidisiúnta a imeoidh as pé scéal é sula i bhfad, mar nach mbeidh aon ghlacadh ag an ghlúin óg leo, ná a thuilleadh léitheoirí ag teacht chun tosaigh.

Caibidil 4

Na hóg-aoisigh agus a bhfuil ann dóibh sa Ghaeilge

4.1 Tréithe an aoisghrúpa seo

Aoisghrúpa faoi leith nach bhfuil freastal ceart déanta orthu go dtí seo, is ea déagóirí 16-19, na hóg-aoisigh. Ach cé hiad? Agus cad iad na tréithe a dhéanann difriúil ó dhéagóirí níos óige agus ó dhaoine fásta iad?

Bíonn siad san Idirbhliain, sa chúigiú agus sa séú bliain ar scoil, iad ina gcónaí sa bhaile agus faoi smacht go dtí pointe, ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí. Ach bíonn neamhspleáchas go leor ag cuid mhaith díobh mar go mbíonn siad ag saothrú airgid ó bhí siad cúig bliana déag d'aois, ag obair sa tráthnóna nó ag an deireadh seachtaine i bpubanna, i siopaí nó mar fheighlithe leanaí. Bíonn go leor díobh tosaithe ar an óil; glacann siad leis mar ghnáth-chuid dá saol sóisialta go dtéann siad ag ól lena gcáirde. Taithíonn siad na dioscónna logánta, agus fiú na clubanna oíche sna cathracha. Bíonn buachaill nó cailín ag go leor acu ó bhí siad an-óg agus an gaol eatarthu go minic fadtéarmach agus ar bhonn an-dáiríre. Imíonn cuid acu thar sáile ar saoire, ní lena muintir, ná chuig clann eile ag foghlaim teanga, ach le slua dá gcomrádaithe chuig árasáin sna hOileáin Chanáracha nó sa Ghréig, áit nach mbíonn daoine fásta ar bith ina bhfeighil. Mar sin bíonn siad crochta idir dhá shaol, saol na ndéagóirí óga, a ndiúltaíonn siad dá laincísí, agus gnáthshaol daoine fásta, nach féidir leo leas a bhaint as an saoirse iomlán a bhaineann leis go fóill. Maireann siad i ndomhan faoi leith a mbíonn a chuid buntáistí agus a chuid fadhbanna áirithe féin ag baint leis. Feiniméan nua, ar bhealach, is ea an grúpa seo mar ghrúpa ann féin, a tháinig ar an saol b'fhéidir leis an Tíogar Ceilteach, a bhfuil eolas agus taithí éigin acu ar shaol an airgid, ar shaol an óil, ar chúrsaí gnéis agus ar shaoirse. Cé nach mbíonn siad chomh féinmhuíneach agus ba mhaith leo a thabhairt le fios, ní dream soineanta neamheolach iad nach ndeachaigh i bhfad ó bhaile riamh. Maidir le cursaí léitheoireachta Béarla de, tuigeann siad cad tá uathu agus lorgaíonn siad é beag beann ar thuairimí dhaoine fásta. Léann siad irisí ar nós *J.17 Bliss, Sugar, More, Now, Cosmopolitan* agus *19*,⁴⁵ irisí nach mbíonn tuismitheoirí nó múinteoirí ró-shásta leis na luachanna a chuirtear chun tosaigh iontu. Ar scoil bíonn staidéar á

dhéanamh acu ar théacsanna casta doimhne mar *Cat's Eye*, le Margaret Atwood, *Reading in the Dark*, le Séamus Deane nó *Lies of Silence*, le Brian Moore. Taobh amuigh den rang, léann go leor díobh an déag-fhicsean - rud nár tháinig chun tosaigh sa suirbhé, ach atá cruthaithe ag fás agus rachairt an seánra seo go ginearálta - agus taitníonn scríbhneoirí eile ar nós Maeve Binchy, John Grisham, Roald Dahl agus Roddy Doyle leo, údair, (seachas Dahl, agus is dócha nach iad leabhair Dahl do pháistí a bhí i gceist acu agus iad á lua) nach scríobhann go speisialta do dhaoine óga. Tá gá mar sin le hábhar den chaighdeán céanna sofaisticiúlachta i nGaeilge, rud a chruthaíonn a chuid fadhbanna féin do scríbhneoirí, mar a mhínigh Ré O Laighléis:

The writer in Irish...must find ways to hold the reader whose reading ability in the minority language is not at one with his/her ability in the dominant tongue.⁴⁶

Is cinnte nach mbíonn óg-aosaigh sásta plé la hábhar atá páistiúil, ro-shimplí, atá seanchaite, nó nach bhfuil ‘pacáistiú’ tarraingteach déanta air.⁴⁷ Ach toisc nach mbíonn an mhórchuid ábalta plé leis an leibhéal teanga a bhíonn ag teastáil chun ábhar do dhaoine fásta a sholáthar, tá gá le hábhar faoi leith a chur ar fáil dóibh i nGaeilge.

4.2 An t-ábhar atá ar fáil

Tá ábhar ann cheana féin atá oiriúnach dóibh, cé nach dóibh siúd go háirithe a foilsíodh é. Ní bhíonn leibhéal ceart teanga sna leabhair sin go minic, ach dóibh siúd atá líofa. Is trua go bhfuil sé ann agus gan teacht air ag an chuid is mó d’óg-aosaigh na tíre de bharr na faidhbe seo arbh fhiú dar liom í a réiteach, trí athchló a chur ar na téacsanna is fearr agus gluais nó foclóir a bheith leo,⁴⁸ nó trí dhian-eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus leibhéal na teanga iontu a shimpliú.

Cad tá ann d’óg-aosaigh mar sin? Ní féidir ach samplaí de na cineálacha éagsúla leabhar a lua anseo ach tá liosta níos iomláine de théacsanna atá i gcló agus atá oiriúnach dóibh le fáil in Aguisín 2.

⁴⁵ Féach torthaí an tsuirbhé, Caibidil 5.

⁴⁶ The Euphoria and the Trials, CBII, Mí na Nollag. 1995, 17.

⁴⁷ Féach 6.3 (a)

⁴⁸ Beidh a thuilleadh le rá agam faoi cheist seo na ngluaiseanna i gCaibidil 6.

Is cinnte go bhfuil cuid de na leabhair a bhfuil an aoisghrúpa 14-17 luaite orthu, *Dialann Chaoimhe* nó *An Taistealaí* mar shampla, feiliúnach go maith dóibh. Pléifidh mé *Dialann Chaoimhe* ar ball. Scéal mistéireach is ea *An Taistealaí*, atá suite i bPáras, áit a dtéann mac léinn óg ón tír seo ag obair don samhradh. Castar fear air a threoraíonn go dtí an Hotel Central é, áit a bhfaigheann sé lóistín, agus post, ag tabhairt aire do sheandaoine. Méadaíonn ar na tarluití mistéireacha sa teach go dtí deireadh an scéil nuair a fhaigheann Damien, an fear óg amach gur leis na mairbh agus nach leis na beo a chaith sé na míonna sin. Is scéal cliste é a choinneodh aire an léitheora, go háirithe é siúd a bhfuil eolas aige ar Pháras, ach ar bhealach éigin ní dóigh liom go sásódh deireadh an scéil na léitheoirí óga nach mbíonn sásta cur suas le do-chreidteacht de chineál áirithe, cé go léann siad scéalta fantaisíochta go toilteanach.

Tá scéal iontach fantaisíochta cruthaithe ag Ó Laighléis, áfach, in *Sceoin sa Bhoireann* (1995) atá suite in Éirinn i dtréimhse na réamhstaire, scéal ina bhfuil beocht, sceoin, uafás, agus atmaisféar aduain, a thaitneoidh leo siúd a dtaitníonn leithéid *Lord of the Rings* leo. Dhá threibh, laochra uaisle, mallacht, cailín a bhfuil bua na fáistine aici, an Reithe mór agus tréad gabhar a dhéanann sléacht, an Maitheas agus an t-Olc in adharca a chéile. Scéal den scoth, ach tá leibhéal na teanga casta go leor ann agus gan foclóir nó gluais leis.

Úrscéal stairiúil faoi ré na Lochlannach is ea *Soraidh Slán*, le Clíodna Cussen (1993) atá bunaithe, adeir an t-údar linn sa réamhrá, ar fho-scéal sa Laxdaela Saga a scríobhadh san Íoslainn. Scéal dramatúil an Bhanphrionsa Melorca a fuadaíodh go dtí an Íoslainn sa tríú haois déag atá ann, a bhfuil grá, fuath, éad, cruálacht, áthas agus brón fite go healaíonta tríd. Feictear eachtraí an scéil trí shúile Mhelorca. Éiríonn leis an údar carachtair bheo, thaitneamhacha a chruthú agus scéal eachtraíochta den scoth a insint chomh maith le glé-chur síos a dhéanamh ar shaol agus ar nósanna na hÍoslainne agus na hIorua sa tréimhse sin. Tugtar léargas do na léitheoirí freisin ar aigne Mhelorca agus í i ngéibheann i bhfad óna tír dhúchais, rud a fhágann gur scéal saibhir neamhchoitianta go maith é. Arís is trua nár cuireadh gluais leis an leabhar, cé go bhfuil an insint níos simplí, agus mar sin go bhféadfadh roinnt de na h-óg-aosaigh tabhairt faoi.

An dtaitneoidh an scéinséir *Tar Éis Mo Bháis* le Cathal Ó Floinn (a bhfuil an aoisghrúpa 15-18 luaite leis) leis an 52% a dúirt sa suirbhé gur thaitin an aicme

seo leo? Scéal difriúil go maith ata ann ceart go leor, faoi chúrsaí smuglála drugaí in ambasáid i mBaile Átha Cliath. Insítear an scéal sa chéad phearsa, agus tuigeann an léitheoir ón teideal nach críoch ró-shona a bhíonn ar chúrsaí. Bhuaigh an scéal seo príomhdhuais an Oireachtais ina roinn féin (daoine óga 15-18) sa bhliain 2000, ach ní thabharfainn moladh chomh hard dó agus atá tugtha dó ag daoine eile. Tá sé an-gherr mar scéal (55 leathanach), ní dhéantar go leor forbartha ar na carachtair, agus níl an teannas leanúnach ann a bhíonn ag teastáil chun scéinséir maith a chruthú. An bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir é agus saothar John Grisham nó Patricia Cornwell, a bhíonn á léamh acu i mBéarla? Ní dóigh liom é, ach sin an saghas comparáide a chaithfear a dhéanamh. Tá dhá leagan de *Dracula* le Bram Stoker curtha amach ag an nGúm, áfach, ceann acu cóirithe ag Gabriel Rosenstock do dhaoine óga; is cinnte go mbainfeadh lucht na scéinséirí sásamh astu sin.

Tá cuid de na leabhair a bhfuil an mana ‘15-daoine fásta’ mar threoir orthu oiriúnach do na hóg-aosaigh. Deirim ‘cuid díobh’ mar gur dóigh liom go bhfuil athscrúdú, ath-roghnú agus léirmheastóireacht ionraic le déanamh, ós rud é gur daoine fásta a thug breith orthu go dtí seo. Is cinnte ó thaobh ábhair, go bhféadfaí leimhe, leanbaíocht, do-chreidteacht, agus fadálacht a lua le roinnt de na leabhair atá ar fáil. Ar an taobh eile tá samplaí mar *Ecstasy agus Scéalta Eile*, agus na húrscéalta *Gafa* agus *Chagrin* a scríobh Ré Ó Laighléis a phléann ábhair ar bhealach spleodrach - maistíneacht, drugaí, uchtáil, droch-íde do pháistí, féinmharú múinteora nach bhfuil ciontach ina leithéid, breith faoi rún agus tréigean páiste, SEIF, - ábhair atá mar chuid de dhlúth agus d’inneach shaol an lae inniu. Ach arís, chun teacht ar lucht léite níos forleithne, caithfear aghaidh a thabhairt ar cheist leibhéal na teanga.

4.3 Sracfhéachaint ar chúpla úrscéal

Tá na téacsanna Gaeilge a bhaineann le seánra an déagfhicsin luaite agam i gCaibidil 1. Déanfaidh mé cur síos níos mine ar thrí cinn díobh sin, mar atá:

Dialann Chaoimhe, le Muireann Ní Bhrolcháin.

Aililiú Bop Siúaidí, le Ruairí Ó Báille agus

Chagrin, le Ré Ó Laighléis.

Sílim féin go bhfuil na trí leabhar seo ina samplaí maithe den rud a d’fhéadfaí a

dhéanamh sa Ghaeilge chun an seánra seo a fhorbairt agus daoine óga a chur ag léamh leabhar a mbainfidís taitheamh chomh maith le tairbhe astu. Ar ndóigh d'fhéadfaí gach leabhar díobh a fheabhsú ar bhealaí áirithe, a chiorrú in áiteanna, nó a fhorbairt in áiteanna eile. Ach is léir uathu go bhfuil tuiscint ag na húdair ar mheon agus ar mhargadh na n-óg-aosach.

Cad a cheapann na léitheoirí féin? Tá mé tar éis na téacsanna sin go léir a úsáid sa rang le roinnt blianta anuas, *Dialann Chaoimhe* faoi thrí ar a laghad le rang Idirbhliana, *Alililiú Bop Siúaidí* roinnt uaireanta le rang Ardleibhéil don Teastas Sóisearach,⁴⁹ agus sliocht as *Chagrin* a rinne mé anuraidh le rang Ardleibhéil Ardeistiméireachta. Is féidir liom a rá gur bhain na scoláirí an-taitneamh as na scéalta, go raibh siad sásta obair a dhéanamh chun an téacs a thuiscint, go raibh íontas orthu go raibh a leithéid de scéalta sa Ghaeilge, agus go mbíodh siad ar bís i gcónaí chun teacht go dtí deireadh an scéil. Chomh maith leis sin bhí a gcuid tuairimí láidre féin acu faoi na scéalta agus faoi na carachtair, agus iad ag iarraidh na tuairimí sin a chur in iúl as Gaeilge, nó as Béarla, ach iad a chur in iúl. Mar shampla bhí argóint sa rang faoi *Dhialann Chaoimhe*. Bhí Aoife (an cailín óg sa scéal) tar éis labhairt go feargach lena máthair. Bhí sí trí chéile mar go bhfuair sí amach ó dhialann a máthar, a léigh sí go rúnda, go raibh leanbh ag an mháthair nuair nach raibh sí ach seacht mbliana déag. Thosaigh an argóint mar go raibh uafás ar chuid den rang go labhródh sí lena máthair mar seo:

Tusa! Ní chloisim dada ach tusa. Níl focal uait fúmsa ná cén chaoi a mothaímse!” a scread Aoife. “Cén chaoi a bhféadfá rud mar sin a choinneáil uaim? Rún a dhéanamh den deirfiúr a bhí agam! An bhfuil a fhios ag m’athair? An bhfuil a fhios aige cén saghas mná céile atá aige? Tusa agus do chuid léachtaí fada, tusa nach raibh ach sé bliana déag nuair a rugadh páiste duit. Cé hé m’athair? Cá mhéad fear eile ar luigh tú leo?

Bhí alltacht ar an rang go léir nuair a thuig siad cad a bhí ráite ag Aoife. Bhí cuid acu ar thaobh na máthar go hiomlán. Ní fhéadfadh iníon labhairt lena máthair mar sin dar leo. Bhí cuid eile den rang báúil le hAoife, áfach, cé go raibh alltacht orthu siúd freisin; thuig siad go raibh sí trí chéile ar fad, go raibh a saol ar fad iompaithe bunoscionn de bharr an méid a bhí léite aici. Pé scéal é, spreag an eachtra go leor cainte ina measc, agus ní raibh siad ag

⁴⁹ Bheadh sé níos oiriúnaí b'fhéidir don Idirbhliain, mar go bpléann sé téama atá íogaireach go leor, agus atá bainteach, faraor, le saol go leor déagóirí, is é sin bás tuismitheora de bharr ailse.

iarraidh rud ar bith eile a dhéanamh sa rang go dtí go mbeadh an t-úrscéal críochnaithe acu. Anois más féidir le leabhar Gaeilge dul i bhfeidhm chomh mór sin ar rang déagóirí atá sofaisticiúil go leor, nach fiú é bheith ann, cuma cé na lochtanna a d'fhéadfaí a fháil air? Agus nárbh fhiú tuilleadh úrscéalta mar é a chur á scríobh le tuilleadh déagóirí a spreagadh chun cainte agus chun léitheoireachta?

Caithfear cuimhneamh arís go bhfuil mé ag caint ar leabhar atá oiriúnach do ghrúpa daoine óga, gur foghlaimeoirí an chuid is mó díobh (iad go léir i gcás mo rangsa), go bhfuil mé ag caint ar dhaoine a mhealladh chun léitheoireachta, agus nach féidir mar sin na slata tomhais chéanna a úsáid agus na téacsanna seo á bplé, agus a bheadh, dá mba leabhar do Ghaeilgeoirí oilte fásta a bheadh i gceist.

Sílim féin gur sárleabhar do óg-aosaigh é seo ar go leor cúiseanna. Déagóir míshásta, a bhfuil a tuismitheoirí an-dian uirthi, an príomhcharachtar, Aoife. Ní réitíonn sí ar chor ar bith lena máthair. Tá sí i ngrá le Tomás, nach bhfeiceann sí ach go h-annamh mar nach mbíonn cead aici dul amach chuig dioscónna. Tá sí bréan den saol, agus nuair a thagann sí ar an dialann sin, a scríobh a máthair nuair a bhí sise óg, titeann saol Aoife as a chéile ar fad, mar go bhfaigheann sí amach go raibh leanbh ag a máthair nuair nach raibh sí ach seacht mbliana déag d'aois..

Is í drámatúlacht an scéil is mó a thaitníonn leis na déagóirí ...go bhféadfadh a leithéid de rud titim amach...go mbeadh rud chomh 'huafásach' sin déanta ag máthair Aoife. Ach pléitear go leor ceisteanna móra eile sa leabhar ar bhealach an - ealaíonta, dar liom. Is é an gaol idir an mháthair agus an iníon an cheist is tábhachtaí, ach tá gnéithe eile de shaol an déagóra i gceist chomh maith...an gaol idir cara Aoife, Aisling, agus a máthair siúd, atá an-liobrálach, agus a chuireann éad ar Aoife. Nuair a bhlaiseann Aoife an tsaoirse áfach, agus í ag fanacht i dteach Aislinge braitheann sí míshocair inti féin, fiú agus eochair an tí aici mar chomhartha den tsaoirse sin. Tagann ceist an alcóil isteach sa scéal cúpla uair...alcól á ól gan chead de bharr brú ó chairde, agus alcól á ól i ngan fhios mar gur cuireadh vadca sa deoch óráiste. Rud eile a phléitear atá an-suimiúil agus neamhghnách, ná mothúcháin an bhuachalla, Tomás. Tuigimid go bhfuil a shúil ar Aoife le fada, go bhfuil sé

tar éis dul chuig an dioscó (nach maith leis) go minic, ag súil go mbuailfidh sé le hAoife ansin. Agus go raibh sé neirbhíseach agus é ag dul amach léi.

Bhuail an bheirt acu lena chéile gan choinne ag stad an bhus, agus iad ar a mbealach chuig an Amharclann, áit a raibh socrú déanta acu bualadh lena chéile chun dráma a fheiceáil:

“Níl aon chiall agam,” ar sé ag gáire. “Cén fáth nár shocraigh mé casadh leat anseo sa chéad dul síos? Ach bhí mé chomh neirbhíseach!”

Stán sí air gan í ábalta a chreidiúint go n-admhódh sé a leithéid.

“Cén fáth go mbeifeá-sa neirbhíseach?” ar sí sa deireadh.

“Theastaigh uaim tú a iarraidh amach le fada an lá ach ní bhfuair mé an seans. Ní bhíonn tú leat fhéin riamh agus ní théann tú chuig an dioscó.”

“An dtéann tú féin chuig an dioscó go minic?” a d’iarr(sic)Aoife air go cúramach. Níor theastaigh uaithi a admháil nach raibh cead aici féin dul ann.....

“Ní maith liom mórán é le ffrinne, ach cheap mé go mbeifeá-sa ann...”

Níos faide ar aghaidh sa leabhar tagann easpa muiníne Thomáis chun tosaigh arís:

“Tháinig an glór magúil ón taobh thiar di. Éamann a bhí ann! Agus é níos dathúla ná bhí ar an stáitse, cosúil le Robert Redford mar a bhí sé ina óige, a ghruaig chatach fhionn ag titim sna súile..súile áille gorma a d’fhéach díreach tríthi.”Lig domsa é a fháil di. Agus tú féin a Thomáis? Cad a bheidh agat? Pionta?”

“Sea,” a d’fhreagair Tomás go grad. D’iompaign sé chuici. “Bhuel, sin deireadh liomsa. Chomh luath is a chasann cailín lenár Don Juan déantar dearmad orainne”

Chuir an chuid seo den scéal íontas ar mo rang-sa freisin agus spreag sé caint ina measc. Ní gnách go bpléitear mothúcháin na mbuachaillí ina leithéid de chás, agus is cinnte nach bhfuil mórán leabhar Gaeilge ann ina bpléitear iad.

Tá go leor gnéithe suimiúla eile sa scéal chomh maith....an gaol atá idir Aoife agus a hathair, gaol atá go maith cé go mbíonn náire uirthi mar go mbíonn lámha a hathar salach tar éis dó a bheith ag obair sa gharáiste, agus toisc nach mbearrann sé é féin má bhíonn sé ag obair sa bhaile. Déantar léiriú an-deas freisin ar an ngrá idir a tuismitheoirí, eisean láidir, mar chosantóir ag a máthair i gcoinne fhearg Aoife, é go bog, muirneach lena bhean agus í trí chéile:

Phóg sé a máthair ar chlár a héadain agus chuimil a leiceann lena mhéar...”Éist le do mháthair anois a Aoife. Má chloisim go raibh tú drochbhéasach, duit féin is measa é.”

Tá a leithéid seo de léiriú siceolaíoch ar charachtair óga neamhchoitianta go maith sa *Ghaeilge*, cé mar a atá léirithe agam níos luaithe, go mbíonn a leithéid ar síúl sa seánra seo i mBéarla, san úrscéal “Dear Nobody” le Berlei Doherty, mar shampla, a bhfuil toircheas déagóra, dialann, agus buachaill goilliúnach atá tréigthe go sealadach ag a chailín, mar ábhar ann, agus an t-iomlán pléite ar bhealach álainn, íogair.

An rud is tábhachtaí a bhaineann leis an leabhar seo dar liom, ná go bhfuil sé réalaióch, go mbaineann sé leis an saol mar atá, an saol atá timpeall ar na déagóirí seo. Pléann sé le hábhair a mbíonn siad ag caint orthu ‘chuile lá, le fadhbanna a dtagann siad trasna orthu ina saoil féin, ina mbrionglóidí nó ina gcuid tromluí. B’fhéidir go gcuireann cuid de na téacsanna seo mí-shocracht ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí, agus is cinnte go mbíonn sé deacair go leor plé leo sa rang uaireanta. Ach is é mo thaithí féin gur fiú go mór é agus go mbíonn dearcadh eile ar fad ag na scoláirí ar an teanga nuair a léann siad scéal mar seo atá beo, láidir, a luann go neamhbhalbh cúrsaí nár luadh go hoscailte ar chlár na scoile roimhe seo, (ach a bhíonn mar dhlúthchuid de gach sobal a fheiceann siad ar an teilifís) scéal a bhfuil raon leathan mothúchán ann ó fhearg go héad agus ó ghrá go fuath, a ghluaiseann ar aghaidh go tapa agus nach bhfuil ró-fhoclach. Is cinnte go dtuigeann Muireann Ní Bhrolcháin cad a shásaíonn óg-aosaigh an lae inniu.

Údar eile a thuigeann meon na ndéagóirí is ea Ruairí Ó Báille. Is é *Dúnmharú ar an Dart* an leabhar dá chuid is mó díol, mar a luaigh Mícheál Ó Conghaile, liom⁵⁰ ach dar liom go bhfuil sin amhlaidh mar gur múinteoir an príomhcharachtar agus is carachtar é a mbeadh bá áirithe ag múinteoirí, a roghnaíonn na leabhair, leis. É sin ráite áfach tá an scéal féin go maith, dúnmharú tobann ar an Dart, corpán sa charráiste, dhá mhála mar a chéile, an ceann mícheart tógtha ag múinteoir atá bréan dá shaol ar scoil. Nuair a osclaíonn sé mála atá lán d’airgead, tapaíonn sé an deis, imíonn sé féin agus a bhean thar sáile, agus rún aige saol nua compordach a chaitheamh. Ar ndóigh tagann bithiúnaigh sa tóir ar an airgead a bhí sa mhála, agus is gearr go mbíonn Niall, an múinteoir mí-ámharach gafa i bhfáinne fí na coiriúlachta, agus a bhean chéile marbh. Scéinséir maith, ach é níos taitneamhaí do na múinteoirí a roghnaíonn é ná dá

scoláirí. Níl déagóir ar bith sa scéal, ach amháin na daltaí fuafara a bhí sa rang ag Niall. Níl mórán sa scéal a tharraingeodh aird na ndéagóirí dá dtiocfadh siad air taobh amuigh den rang, ach ós rud é gur luaigh 12% de lucht an tsuirbhé é mar an leabhar is fearr dár léigh siad riamh,⁵¹ caithfear glacadh lena dtuairim agus a thuiscint go bhfuil sé an-deacair ag daoine níos sine breith a thabhairt ar ábhar léitheoireachta don ghrúpa seo.

Tá an leabhar *Aililiú Bop Siúaidí* i bhfad níos oiriúnaí don spriocghrúpa, cé go bhfeileann sé níos mó do dhaltaí 16-17 ná do léitheoirí níos sine. Pléann sé saol agus deacrachtaí bheirt dhéagóirí, Colm agus Niamh, a chailleann a máthair de bharr ailse, an saol athraithe a bhíonn acu sa bhaile, a n-athair faoi bhrón agus gan é bheith ábalta plé lena mhac atá croí-bhriste ná lena iníon atá ag iarraidh an teaghlach a choinneáil le chéile. Comórtas do ghrúpaí ceoil a chabhraíonn leo go léir ar deireadh, a léiríonn don mhac go bhfuil suim ag a athair ann, a chuireann ar shúile an athar go bhfuil gá ag a pháistí leis, agus a thugann grá nua isteach i saol an chailín.

Arís tá na heilimintí go léir seo an-tarraingteach do dhéagóirí, agus bainteach lena ngnáthshaol. Téann mothúcháin láidre na beirte, gach duine acu ag plé lena dheacrachtaí féin i bhfeidhm go mór ar na léitheoirí:

Bhí an chéad Nollaig gan Mham go hainnis ar fad. Ar bhealach ba í Mam croí agus anam na Nollag....Mar sin ón uair a phreab na céadfógraí teilifíse amach chucu ag fógairt 'shéasúr na dea-mhéine', bhraith Niamh scéin aisteach ag brúchtaíl aníos inti. Nuair a d'éirigh sí Lá Nollag féin, bhraith sí gach néaróg ina corp a bheith ar bís, faoi mar a bheadh rud uafásach chun tarlú....

Agus maidir le Colm..

Chríochnaigh se an t-amhrán agus leag se sios an giotár. Bhí an teach anois chomh ciúin leis an uaigh. Bhí faitíos ar Niamh go gcloisfeadh sé í ag anáilú. Chaith Colm é féin síos ar a leaba, agus ba bheag nár thit an t-anam as Niamh nuair a thosaigh a deartháir ag caoineadh go dubhach. Bhí fonn millteanach uirthi dul isteach agus iarracht a dhéanamh ar é a chur chun suaimhnis, ach ba rómhór a heagla go gcuirfeadh sé le buile é dá mbeadh a fhios aige go bhfaca sí é ag caoineadh...

D'fhéadfaí an scéal a ghiorrú in áiteanna, an iomarca foclaíochta a sheachaint agus a bheith níos láidre in áiteanna eile, téama an ghrá a fhorbairt ann mar

⁵⁰Agallamh, Caibidil 2, lch.24.

shampla, agus cuntas níos oscailte ar an ngrá sin a thabhairt. Is rud é an grá fisiciúil nach bhfuil scríbhneoirí do dhéagóirí compordach leis ar chor ar bith, agus is tréith í seo a bhaineann leis an scríbhneoireacht i mBéarla freisin mar a mhíníonn Emer O Sullivan sa chaibidil ‘Sex and Irish Children’s Literature’ in alt níos faide dá cuid....

Falling in love, processes of physical change, the first sexual relationships-subject matter that is common in contemporary northern European and American literature for teenage readers- are only gradually becoming topical in Ireland...⁵²

Ach má chuimhnímid go mbíonn na déagóirí ag léamh faoina leithéid i leabhair do dhaoine fásta, nó i leabhair do dhéagóirí ón iasacht ní cóir go mbeadh leisce ar aon údar tabhairt faoina leithéid i nGaeilge . Mar adeir O’ Sullivan is eilimint fíor-lárnach é cúrsaí gnéis i saol an déagóra “one of the most central themes of adolescence”. Is féidir plé leis ar bhealach íogair, cúramach, ach mura mbíonn sé ann ar chor ar bith ní cóir go mbeadh iontas orainn go gceapfadh na déagóirí nach mbíonn go leor de na leabhair Ghaeilge réalaíoch, nó bainteach lena saol siúd, mar a léiríonn torthaí an tsuirbhé i gCaibidil 5.

Ní bhíonn aon leisce ar Ré Ó Laighléis tabhairt faoin ngrá, ná faoin a lán ábhar conspóideach eile sa leabhar *Chagrin*, a foilsíodh sa bhliain 1999. Seo leabhar atá an-oiriúnach do na hóg-aoisigh, nó fiú do dhaoine fásta, leabhar atá dár liom níos sofaisticiúla agus níos foirfe ná an dá cheann eile, leabhar a phléann téamaí atá tráthúil go maith sa tír seo.

Arís beirt dhéagóirí, Andy agus Ciara atá i gceist, iad i ngrá lena chéile, cé nach bhfuil an gaol láidir eatarthu gan fadhbanna. Uchtáladh Ciara agus í ina leanbh óg; ach tá eolas aici ar a cúlra agus tuismitheoirí altroma grámhara aici. Cúlra an-difriúil a bhí ag Andy, a tógadh go bruidiúil i ndílleachtlann, nach bhfuil eolas ar bith aige ar a mhuintir agus atá anois ag iarraidh teacht ar an eolas sin. Tá an leabhar seo suimiúil dar liom mar go bhfuil na leibhéil dhifriúla sin ann; scéal grá é, léiritú álainn ar an ngaol idir an bheirt seo, agus tá eilimint anseo atá in easnamh ina lán leabhar eile - tá greann san insint; tá magadh agus féinmhagadh

⁵¹ Féach suirbhé, Caibidil 5.

⁵² O’Sullivan, E. “The Development of Modern Children’s Literature in Late Twentieth-Century Ireland” *Signal* v.81,189-210.

éadtrom ann, rudaí a chuireann go mór leis an leabhar, go háirithe toisc gur ábhair thromchúiseacha go maith atá á bplé. Tugtar léargas don léitheoir ar aigne an bhuachalla a mbíonn tromluí aige go minic faoin drochíde a d'fhulaing sé ó bhráthair Críostaí cruálach:

As an leaba sin, a Phreab, amach leat a bhastairdín bhig-ó". I gcúlra an fhochoinsiasa, tá tormán an mhaide á rith trí bharráí miotalacha na leapacha ag cothú clampair ina chloigeann istigh. Corraíonn sé go fraochta sa leaba, é ag brath go bhfuil sé ina dhúiseacht ach ag an am céanna, ag aireachtáil bac éigin ar an ngluaiseacht, mar a bheadh sé faoi cheangal i nead damháin alla nó mar a bheadh slabhra á shrianú. Allas ar a bhaitis, allas ar a ghéaga, allas ar an uile chearn dá chorp...

Tá leibhéal eile fós sa leabhar ag plé le huchtáil, leis an mian a bhíonn sa duine fáil amach cé dar díobh é, leis an gcrá croí, an phian agus an easpa féiniúlachta a mhothaíonn an té a tréigeadh ina óige. Sílim go láimhsíonn Ó Laighléis an t-ábhar deacair seo ar bhealach an-ealaíonta agus go gcruthaíonn sé scéal a choinneoidh an léitheoir ar bís go dtí an leathanach deireanach.

4.4 Conclúid

Seo trí leabhar a sheasfadh amach in aon teanga, scéalta cumhachtacha a phléann cuid de cheisteanna crua an lae inniu mar a bhaineann siad le saol déagóra. Tá siad chomh maith agus chomh tarraingteach is atá aon leabhar i ndéaglitríocht an Bhéarla. Tá sé cruthaithe go bhfuil éileamh an-mhór ar an seánra sin i mBéarla i measc na n-óg, agus tá na céadta leabhar den saghas sin ar sheilfeanna na leabharlanna go léir.

Léiríonn na leabhair Ghaeilge seo go bhfuil scríbhneoirí ann atá sásta, agus a bhfuil an cumas iontu, tabhairt faoin seánra i nGaeilge. Caithfidh siad déileáil, ar ndóigh, le toscaí ar leith, a bhaineann le léitheoireacht sa dara teanga. Mar sin tá tacaíocht agus comhairle ag teastáil maidir le (a) leibhéal na teanga a shocrú, (b) gluaiseanna nó fo-nótaí a chur isteach.

Tá go leor oibre le déanamh sa dá réimse sin go fóill chun teacht ar réiteach sásúil. Is leor a rá ag an bpointe seo, gur cheart leibhéal na teanga a bhunú ar an chóras atá molta ag Comhairle na hEorpa chun an dara teanga a mhúineadh do fhoghlaimoirí fásta. (féach van Ek,1975)

Maidir leis an argóint gluaiseanna/fo-nótaí a chur isteach nó gan iad a chur isteach, sílim gur gné é seo a bhfuil faillí déanta ann thar na blianta agus toradh diúltach ar nósanna léitheoireachta na n-óg dá bharr seo. Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh léitheoirí sa dara teanga, an chuid is mó de léitheoirí óga na tire, sásta tabhairt faoi théacs atá oiriúnach dóibh ó thaobh ábhair agus stíle (agus mar sin nach bhfuil leibhéal na teanga chomh simplí sin), gan aon treoir nó aon chabhair maidir leis an bhfoclóir. Ní luíonn sé le réasún. Is foghlaimoirí fós iad; caithfear freastal orthu dá réir. Tá gluaiseanna agus foclóirí in úsáid sna téacsanna Fraincise nó Gearmáinise a thugtar dóibh ar scoil. Tá sé éasca a thuiscint cén fáth go dtiocfadh laghmhisneach orthu agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as téacs Gaeilge gan chabhair, agus go gcaithfidís uathu é. Sílim gur droch-iarsma é an leisce seo gluais nó fo-nótaí a sholáthar, ó na laethanta nuair ba pheaca marfach é focal Béarla a bheith in aon áit. Tá sé thar am glacadh leis gur cuid bhunúsach d'fhoghlaim aon teanga í go mbeadh gluais de chineál éigin ag dul le gach aon téacs. Is féidir plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr agus is éifeachtaí le seo a dhéanamh. Má bhíonn gluais ar chúl an leabhair, an mbainfidh sé de thaitneamh an léitheora a mbíonn air dul ag cuardach? An gcaithfear uimhir, réalta beag, nó cló trom a chur isteach le nod a thabhairt dó go bhfuil an focal nó an frása san fhoclóir? Ar an taobh eile, má bhíonn fo-nótaí ar imeall leathanaigh, nó ag a bhun, an mbeidh go leor spáis don méid atá ag teastáil? An gcuirfidh sé crot mí-thaitneamhach ar an leabhar? Ceisteanna iad sin is féidir a réiteach, go háirithe agus teicneolaíocht an ríomhaire againn, ach níl amhras ar bith orm ach go gcaithfear glacadh leis an bprionsabal go mbeadh gluais ag dul le gach leabhar don fhoghlaimoir Gaeilge. Sílim go bhfuil sé cruthaithe ag torthaí an tsuirbhé,⁵³ má déantar é seo le gach aon leabhar Gaeilge a chuirtear amach do dhéagóirí, go gcabhróidh sé sin le daoine óga a mhealladh ar ais i dtreo na leabhar Gaeilge.

⁵³ Luaigh 20% go raibh an Ghaeilge ró-dheacair sna leabhair, agus 45% go meallfadh gluais iad le tabhairt faoi leabhar Gaeilge a léamh.

Caibidil 5

Torthaí an tSuirbhé

5.1 Réamhrá

Ós rud é go bhfuil géarghá le heolas faoi nósanna léitheoireachta na n-óg-aosach má táthar le freastal ceart a dhéanamh ar an margadh sin, bheartaigh mé féin tabhairt faoi shuirbhé bunaithe ar cheisteanna a shíl mé a bheith tábhachtach, agus suirbhéanna Bhriain Uí Bhaoill (1999, 2001) i m'aigne agam. Rinne mé iarracht tuairimí a fháil ó dhaltaí a bhí idir sé bliana déag agus naoi mbliana déag d'aois, ina measc (a) déagóirí a bhí i láthair ag an gceardlann do dhéagóirí ag an bhFleá Léitheoireachta a tionóladh sa Spidéal ar an 8ú/9ú Márta 2002, (b) scoláirí i dhá scoil Ghaeltachta, agus i dhá Ghaelscoil sa Ghalltacht .

127 scoláire ar fad a ghlac páirt sa suirbhé. Tá leagan amach an cheistneora le feiceáil in Aguisín 1. Is ceart dom a lua go ndeachaigh Róisín Ní Mhianáin, stiúrthóir na hócáide ar an Spidéal i bpáirt liom agus an ceistneoir á chur le chéile agam, mar go bhfuil staidéar á dhéanamh aici féin ar an léitheoireacht go ginearálta.

Torthaí an tsuirbhé


Theastaigh uaim eolas a fháil ar na gnéithe seo leanas:

- Na leabhair Ghaeilge is mó a thaitin leis na scoláirí seo, agus na fáthanna a bhain lena rogha.
- An méid daoine a léann leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang agus na leabhair atá léite acu siúd.
- Na cúiseanna nach léann go leor acu leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang.
- A ndearcadh i leith léitheoireacht i mBéarla idir leabhair agus irisí; na cineálacha, agus na húdair Bhéarla is fearr leo.
- Na gnéithe a mheallann iad le leabhar a léamh.
- Gnéithe eile: an léitheoireacht sa teach agus iad ag fás aníos; leabhar v. físeán.

Tá a fhios agam go bhfuil go leor ansin, agus níl a fhios agam an bhfuair mé freagraí cinnte, nó freagraí soiléire ar gach gné díobh. Ach b'fhéidir go bhfuil tús curtha agam le próiseas, agus gur féidir leanúint leis ina dhiaidh seo, chun teacht ar bhealaí nua leis an léitheoireacht Ghaeilge a chur ar bhonn níos sláintiúla i measc déagóirí sinsearacha.

5.2 Torthaí an tSuirbhé


Léaráid 1, 2A, 2B – Na Freagróirí



Líon iomlán na bhfreagróirí :127


Léaráid 2A

(A) Aoisghrúpaí na gCailíní




Léaráid 2B

(B) Aoisghrúpaí na mBuachaillí



Léaráid 3 – An leabhar is mó a thaitin leo



Níl a fhios agam an féidir mórán a fhoghlaim ó na freagraí a tugadh anseo, mar gurbh é an múinteoir i gcás 111 as an 127 dalta a roghnaigh an leabhar. Ach tá sé suimiúil gur luadh 18 leabhar ar fad sna freagraí anseo, réimse atá cúng go maith ar bhealach amháin má chuirtear san áireamh na leabhair ar fad atá ar fáil idir shean agus nua, ach atá spésiúil ar bhealach eile, mar nach leabhair iad ar fad atá ar chúrsa dualgais na hArdteistiméireachta, rud a thugann le fios go ndeachaigh leabhar a léigh na daltaí san Idirbhliain, nó don Teastas Sóisearach i bhfeidhm ar chuid acu.


Mar atá léirithe, is iad *Caisleán Óir* agus *A Thig Ná Tit Orm* is mó a luadh maidir le leabhair ‘thraidisiúnta’ de, agus is léir, ó na staitisticí go raibh siadsan, agus *An Triail* á léamh don scrúdú. Is fiú tabhairt faoi ndeara gur duine óg an príomhcharachtar i ngach ceann de na leabhair is coitianta a luadh ach amháin *Dúnmharú ar an Dart*, rud a fhíoraíonn an ráiteas gur maith le déagóirí bheith ag léamh faoi shaol dhéagóirí eile. Pointe eile a bhí suimiúil ná gur luaigh cúpla dalta as Tír Chonaill *Rotha Mór an tSaoil*, *Aoibhneas na hÓige* agus *Seanchas Annie Bháin* ar an liosta seo, leabhair a bhfuil baint acu le traidisiún liteartha a gceantair féin. Aisteach go leor níor luaigh scoláirí Chonamara leabhar ar bith a bhain leis an gceantar sa chuid seo den suirbhé, cé gur luaigh duine amháin *Cré na Cille* mar leabhar a léigh sí taobh amuigh den rang. Is fiú a lua freisin nach raibh réimse mór leabhar i gceist in aon scoil. I gcás 13 den 18 leabhar, níor léadh ach in aon scoil amháin iad. Ní raibh ann ach dhá cheann, *Dúnmharú ar an Dart* agus *Gafa* a luadh i dtrí scoil. Thabharfadh sé seo le fios nach raibh eolas leathan ar réimsí leabhar ag mórán de na daltaí, pointe a dhearbhaigh siad féin nuair a bhí

seans acu a dtuairimí féin faoi leabhair Ghaeilge go ginearálta a thabhairt (Ceist 19). Bhí níos mó éagsúlachta í gceist sna Gaelscoileanna ná mar a bhí sna scoileanna Gaeltachta, agus léadh níos mó leabhar a scríobhadh le fiche bliain anuas sna Gaelscoileanna sin.

Cad deireann an méid seo linn? Go gcloítear leis an dtraidisiún i scoileanna áirithe Gaeltachta? Nach mbactar leis an nuascríbhneoireacht mar go bhfuil ‘tobar fíorghlan Gaeilge’ ar leac an dorais acu, agus nach gá, i dtuairim na múinteoirí dul níos faide ná an tobar sin? Nó an é nach bhfuil na múinteoirí sásta tabhairt faoi leabhair nach bhfuil ar ardchaighdeán Gaeilge, fiú má tá na hábhair níos oiriúnaí dá ndaltaí? Bíonn coimhlint i gceist sa Ghaeltacht is léir, idir ábhair thraidisiúnta agus saibhreas Gaeilge, seachas ábhar nua i nGaeilge ar chaighdeán níos simplí. Ach ós rud é nach bhfuil ach fíorbheagán daoine óga ag léamh Gaeilge dá rogha féin, agus ós rud é go n-imríonn múinteoirí ról lárnach sa scéal seo ar fad, dá ndeoin, nó dá n-ainneoin, caithfear na múinteoirí chomh maith leis na daoine óga a mhealladh i dtreo na nuascríbhneoireachta.

Léaráid 4

An fáth gur thaitin an leabhar leo



Tugadh seacht rogha dóibh anseo, agus bhí cead acu níos mó ná cúis amháin a lua. Is cinnte go mbeadh sé níos fearr gan aon chúiseanna a thabhairt dóibh, agus ligean dóibh a rogha cúise a chur síos. Is é mo thaithí féin áfach, go mbíonn sé deacair freagraí a fháil ó dhéagóirí, nach mbíonn siad ró-shásta ceistneoirí a líonadh do strainséirí, go h-áirithe ar ábhair scoile, ná mórán a scríobh sna freagraí. Bheartaigh mé mar sin liosta a thabhairt dóibh, ag smaoineamh ar na

tréithe a bhaineann le h-aon leabhar maith, ar léamh sa dara teanga, agus ar na tréithe a bhaineann leis an déagfhicsean, mar atá curtha síos agam sa chéad chaibidil.


Sílim go bhfuil an t-eolas atá bailithe agam anseo tábhachtach, mar go dtugann sé tuairim mhaith dúinn faoi na tréithe a theastaíonn ó na daoine óga seo, agus iad ag tabhairt faoi leabhar Gaeilge. Is maith leo scéal maith, na carachtair a bheith réalaióch, baint a bheith ag scéal le saol an déagóra (inniu nó inné) agus gan an scéal a bheith ró-fhada. Chomh maith leis sin léirigh siad ó na roghanna a rinne siad (léaráid 3) gur suim leo déagóir/ duine óg a bheith mar phríomhcharachtar.

Luaigh beagnach 14% de na léitheoirí seo go raibh siad sásta nach raibh an Ghaeilge ró-dheacair. Is léitheoirí iad seo go léir a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu cheana féin; is cinnte, mar sin, go gcaithfear tabhairt faoin ngné seo den scéal.⁵⁴ Más iad sin thuas na tréithe a thaitníonn leis na léitheoirí óga, is fiú anois tabhairt faoi na fáthanna nach léann ach 10% leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang cé go ndeireann 83% go dtaitníonn léitheoireacht i mBéarla leo **(ceist 6.)**

⁵⁴ Léiríonn sé seo go mbíonn leibhéal na teanga mar chonstaic idir iad agus an téacs, rud atá cruthaithe arís sna freagraí a tugadh ar cheist 10 (féach Aguisín 1)

Léaráid 5

Ceist: An maith leat leabhair Bhéarla a léamh?




Léaráid 6

Anailís ó thaobh inscne ar léaráid 5




Léaráid 7

Na húdair Bhéarla is coitianta



Léaráid 8

Céatadán den iomlán a léann leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang



Na leabhair breise a luaigh na léitheoirí sin. (ceist 9)

Luaigh siad na leabhair chéanna is atá ar **léaráid 3**, chomh maith leo seo thíos:

An Punc agus scéalta eile agus Ecstasy agus Scéalta eile le Ré Ó Laighléis.

Úlla, le Louis de Paor, an t-aon leabhar filíochta a luadh.

An Grá agus an Ghruaim, le Seosamh Mac Grianna

Rotha Mór an tSaoil le Micí Mac Gabhann.


Aoibhneas na hÓige le Seán Mac Cumhaill

An Phluais Ama le Claire Dagger

Gaoth na Cuimhne le Máirtín Ó Corrbuí

Léaráid 9

Na cúiseanna nach léann na freagróirí eile leabhair Ghaeilge




Luaigh siad roinnt cúiseanna eile:

- nach mbíonn na leabhair le fáil
- réimse ró-chúng
- nach maith leo léamh
- easpa suime / am / leisciúlacht / foighne.


Léaráid 10

Na cineálacha leabhar is fearr leo



Léaráid 11

Cineálacha eile a luaigh siad




Dúirt níos mó ná 73% gur thaitin úrscéalta leo, 25%, gearrscéalta. Bhí 2% nár thug freagra ar an cheist.

Irisí do dhéagóirí

Maidir leis na hirísí, léann 47% iad, ní léann 49% iad agus bhí 4% nár fhreagair an cheist. Is iad na hirísí is mó a léitear ná *J 17* (25%), *Bliss* (15%), *Sugar*, *More*, *Now*, *Cosmopolitan*, agus *19*. Luadh 39 iris san iomlán, go leor irisí spóirt ina measc.


Léaráid 12

Na rudaí a mheallann freagróirí le leabhar Gaeilge a léamh



Léaráid 13

Ceist: An bhfuil aon rud eile le rá agat faoi na leabhair Ghaeilge atá ar fáil do d'aoisghrúpa féin ?



Tugadh saoirse iomlán dóibh anseo maidir le freagra na ceiste, ach dá ainneoin sin, tuairimí diúltacha ar fad a tháinig chun tosaigh, cé go ndúirt céatadán beag go mbeidís sásta leabhair Ghaeilge a léamh, dá mbeidís ar fáil / rogha níos fearr ann / eolas acu orthu.

Léitheoireacht sa bhaile

Maidir le léitheoireacht sa bhaile (ceist 19), bheadh gá le hanailís níos doimhne a dhéanamh ar na freagraí ná mar atá spás di anseo. Léiríodh ceangal láidir idir na daoine nár léigh leabhair Ghaeilge / Bhéarla agus easpa léitheoireachta sa bhaile. Bhí ceangal eile dá réir eatarthu siúd a léann leabhair Ghaeilge agus léitheoireacht a bheith ar siúl sa bhaile agus iad ag fás aníos. Taispéanadh ceangal faoi leith idir an mháthair a bheith ag léamh agus suim a bheith sa léitheoireacht ag an bpáiste.

Leabhar nó físeán

I gceist 20, fiafraíodh de na scoláirí cé acu ab fhearr leo, leabhar a léamh nó an scéal céanna fheiceáil ar fhíseán. Dúirt 42% go mb'fhearr leo an scéal a léamh, ach b'fhearr le 57% an scéal a fheiceáil ar fhíseán.

5.3 Conclúid

Tugadh léiriú anseo ar na príomhthorthaí a bhí ar shuirbhé a rinneadh ar óg-aosaigh sna Gaeltachtaí agus i nGaelscoileanna. Cé nach raibh i gceist ach 127 san iomlán, tháinig fíricí suimiúla agus pátrúin áirithe léitheoireachta chun tosaigh ina measc. Is fiú féachaint ar na ranna éagsúla chun díriú isteach ar na pointí is suntasaí, agus chun a chinntiú cad iad na réimsí colais atá fós in easnamh. Bíonn go leor daoine an-ciniciúil faoi staitisticí, ach caithfear déileáil leo má tá pleanáil agus forbairt cheart le déanamh i ngnó casta seo na leabhar do óg-aosaigh.

Caibidil 6

Moltaí

6.1 Réamhrá

Ní fiú saothar mar seo a chur le chéile gan moltaí a dhéanamh. Tuigim go bhfuil gá le plé idir dhaoine, idir ghrúpaí, idir institiúidí agus comhlachtaí chun teacht ar mholtaí deimhneacha, ach ba mhaith liomsa tús a chur leis an bpróiseas agus roinnt smaointe a lua a spreagfadh daoine eile le dul i mbun oibre níos mine.

6.2 Gnéithe is gá a shoiléiriú

(a) Aidhm

Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh aidhm shoiléir chinnte rompu siúd a bhíonn ag plé agus ag pleanáil chun ábhar léitheoireachta a sholáthar do léitheoirí óga. Is dóigh liom gur fiú an aidhm a chur i bhfocail arís; d'fhéadfá a rá go bhfuil dhá ghné ag baint leis an aidhm sin:

(a) sa ghearrthéarma

Réimse leathan d'ábhar léitheoireachta a chur ar fáil do dhéagóirí 16-19, a fhéadfaidh siad a léamh gan stró agus le taitneamh; a bheidh tarraingteach ó thaobh ábhair, agus ar ardchaighdeán deartha.

(b) san fhadtéarma

Na déagóirí sinsearacha nó na hóg-aosaigh seo a spreagadh chun leanúint ar aghaidh leis an léitheoireacht Ghaeilge tar éis dóibh an mheánscoil a fhágáil, lena chinntiú go mbeidh glúin nua de léitheoirí aosacha ann amach anseo.

(b) Aoisghrúpaí

Níl aon chinnteacht ná rialacha ag baint leis an ghné seo, faoi mar atá cúrsaí i láthair na huaire, ná ní dóigh liom go raibh riamh, chomh fada agus a bhain sé le déagóirí de. Bíonn sé de nós ag foilsitheoirí áirithe aoisghrúpa a lua ar chúl leabhair. Ní luaitear an grúpa 16-19 ar chor ar bith, cé gur ann mar ghrúpa iad sna meánscoileanna ó tugadh an Idirbhliain isteach. Luann comhlachtaí éagsúla aoisghrúpaí ar nós 10-13,12-15,13-16,14-17,16-18,15-daoine fásta. Ní bhíonn

na paraiméadair chéanna acu, agus uaireanta ní luaitear aois ar bith. Tuigim go bhfuil deacrachtaí ann mar go mbíonn leibhéil éagsúla cumais i gceist,⁵⁵ ach dá dtiocfadh na comhlachtaí foilsitheoireachta go léir le chéile, is cinnte go bhféadfaidís córas éigin a chur i bhfeidhm, córas a luafadh b'fhéidir oiriúnacht an ábhair don aoisghrúpa, agus a dhéanfadh grádú maidir le leibhéal na teanga, mar a déantar le téacsanna i dteangacha eile a bhíonn á múineadh mar dhara teanga. Thabharfadh sé sin treoir do chainteoirí líofa agus d'fhoghlaimoirí, agus bheidís ábalta rogha a dhéanamh. Ar ndóigh níl ansin ach sampla, ach tá géarghá le réiteach anseo; má roghnaíonn déagóir leabhar nó dhó nach bhfuil in oiriúint dó/dí, is cinnte go dtiocfaidh laghmhisneach air/uirthi, agus nach mbeidh sé/sí sásta a thuilleadh leabhar a thriail.

6.3 Guth na nÓg

Caithfear éisteacht leis. Mar atá ráite ag Ó Baoill, tá teipthe ar dhaoine fásta, sa chuid is mó de na roghanna atá déanta acu dóibh:

Ní leor ábhar a cheapann 'muide' atá feiliúnach a chur ar fáil dóibh.... Lig do na daoine óga féin na hábhair a roghnú, mar déanfaidh siad é sin, dar n-aineoinn ar chaoi ar bith agus tá sé ar fáil dóibh, i mBéarla⁵⁶.

Conas is féidir teacht ar thuirimí na nÓg? Chuir Róisín Ní Mhianáin tús leis an bpróiseas nuair a chuir sí ceardlann do dhéagóirí ar siúl ag an bhFleá Leabhar agus Léitheoireachta i Márta 2002, ar an Spidéal. Bhí go leor le rá ag na daoine óga a bhí i láthair, go háirithe nuair nach raibh i láthair ach iad féin agus an cathaoirleach. Ba léir, fad a bhí daoine fásta eile ann, nach raibh siad chomh sásta sin labhairt amach, ach nuair a socraíodh go mbeadh seisiún 'dúnta' ann dóibh féin amháin, thosaigh an plé, agus an díospóireacht i gceart; cuireadh tuairimí in iúl a bhí thar a bheith láidir, agus thar a bheith ciallmhar. Bhí siad an-sásta gur tugadh seans dóibh labhairt amach, agus dúirt siad go neamhbhalbh gur mhaith leo a thuilleadh ócáidí mar é. Is é an chéad riachtanas mar sin ná go mbeadh seans ag léitheoirí óga a dtuirimí macánta a nochtú, go dtraenálfai cathaoirleach nó riarthóir le dul i mbun seisiúin leis na daoine óga, agus go reachtálfaí na seisiúin sin ar a laghad sna Gaeltachtaí agus sna Gaelscoileanna. Thógfadh a

⁵⁵ Féach Caibidil 3, 3.1, lth 28.

⁵⁶ 'Déagóirí agus Léitheoireacht', *Feasta*, Bealtaine 2001, 47-50.

leithéid am agus dua, ach ní fheicim gur féidir aon dul chun cinn a dhéanamh gan tuiscint a fháil agus tús áite a thabhairt do thuairimí na ndaoine óga.

B'fhiú chomh maith ceistneoirí a chur le chéile go heolaíoch le cabhair ó dhaoine óga, ó mhúinteoirí, ó fhoilsitheoirí, agus ó údair, ar na gnéithe éagsúla a dteastaíonn eolas orthu; iad a chur amach trí Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, nó le beannachtaí na Roinne Oideachais, tar éis fheachtas láidir poiblíochta le múinteoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoina bhfuil ag teacht. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh abair, i rith Sheachtain na Gaeilge sa scoil, ach go ndéanfadh na scoileanna go léir é ar lá nó ar ócáid áirithe. Níl dabht ná go mbeadh go leor múinteoirí díograiseacha sásta ceistneoir a bheadh oiriúnach dóibh siúd a líonadh freisin, rud a chiallódh go mbeadh foinsí eolais ón dá thaobh ar fáil do scríbhneoirí agus d'fhoilsitheoirí.

6.4 Ról na nÚdar

Cé go bhfuil ag éirí go maith le húdair áirithe a bhíonn ag scríobh don ghrúpa seo agus an-tuiscint léirithe acu ar mheon na léitheoirí, mar atá pléite agam,⁵⁷ tá gá fós le forbairt agus le plé i measc na scríbhneoirí. Má bhailítear an t-eolas ó léitheoirí agus ó mhúinteoirí, beidh sé mar áis mhór dóibh. Caithfear ina dhiaidh sin an t-eolas a scagadh, féidearthachtaí a phlé, treoir nó comhairle a lorg ó dhreamanna sa tír seo nó i dtíortha eile a bhíonn ag soláthar ábhar léitheoireachta do dhéagóirí sinsearacha ina gcéad, nó sa dara teanga. Ós rud é go bhfuil seánra, an déagfhicsin á fhorbairt sa tír seo i mBéarla le tamall anois, b'fhiú dul i gcomhairle le scríbhneoirí Béarla sa seánra, leithéidí Maeve Friel, Larry O'Loughlin, nó Marilyn Taylor.

Bheadh sé úsáideach chomh maith dá mbeadh scríbhneoirí sásta a gcuid saothar a phlé eatarthu féin agus léirmheastóireacht mhacánta a dhéanamh air. Ós rud é go bhfuil saol na Gaeilge chomh beag agus go mbíonn aithne ag údair ar na léirmheastóirí a léann a saothar ar mhaithe lena mholadh nó lena cháineadh, bíonn sé beagnach do-dhéanta ag léirmheastóirí tuairimí diúltacha a nochtadh, rud a fhágann go minic go ndéantar moladh nuair nach cóir, agus nach ndéantar cáineadh nuair a bhíonn gá leis. Tá an scéal seo amhlaidh le fada an lá. Fuair mé an tagairt seo in alt irise ón mbliain 1937, agus tá sé bainteach le hábhar:

Is trua liom nach feidir liom an leabhar seo a mholadh ach más mian liom cabhrú le gluaiseacht liteartha na Gaeilge, is fearr go mór leabhair a mheas de réir mar a chítear go firinneach don léirmheastóir iad-agus bíodh an fhirinne searbh-ná bheith ag síormholadh gach leabhar Gaeilge a chuirtear i gcló de bhrí díreach gurb i nGaeilge a scríobhtar é.⁵⁸

Tá an méid sin chomh fíor inniu, agus a bhí seasca cúig bliain ó shin, agus an fhadhb chomh casta céanna, ach b'fhéidir, dá mbeadh grúpa scríbhneoirí ag obair le chéile go mbeadh sé níos éasca dóibh glacadh le tuairimí a gcomhghleacaithe, agus mar sin go bhféadfaí cáineadh a dhéanamh ach ag an am chéanna cabhrú lena chéile ar bhealach nach mbeadh chomh poiblí agus a bhíonn gnáthléirmheastóireacht.

Nós eile a d'fhéadfadh cabhrú le cúrsaí ná, dá mbeadh painéil daoine óga ann a bheadh sásta leabhar nó leabhair a phlé eatarthu féin agus a dtuairimí a nochtadh ar ócáid faoi leith, ócáid a ghlacfaidh áit na ndíospóireachtaí idirscoile mar shampla. Feictear domsa gur rud an-tairbheach a bheadh ann dá mbeadh ar fhoireann 'díospóireachta' cainteanna gairide a ullmhú ar ghnéithe éagsúla de leabhair, agus go mbeadh plé idirscoile ar na leabhair. Chabhródh sé sin le cumas labhartha na ndaoine óga, agus bheadh leabhair á léamh acu chomh maith. Dá mbeadh na leabhair taitneamhach agus oiriúnach dóibh, is cinnte go mbeadh siad breá ábalta agus an-sásta a gcuid tuairimí féin a chur in iúl, rud nach mbíonn ar chumas go leor daltaí a dhéanamh gan chabhair, nuair a bhíonn rún teibí díospóireachta á phlé; in ionad moltóirí, mar a bhíonn ag díospóireachtaí, d'fhéadfadh scríbhneoir, foilsitheoir, múinteoir, nó fiú duine óg eile breith a thabhairt nó duais a bhronnadh, chomh maith le heolas a bhailiú ar na leabhair a bheadh faoi chaibidil.

Ach pé bealach ina ndéantar é, caithfear léirmheastóireacht mhacánta, fhiúntach a dhéanamh ar gach leabhar a chuirtear i gcló don ghrúpa as seo amach, má tá forbairt agus dul chun cinn le déanamh.

⁵⁷ Caibidil 4.

⁵⁸ SÓC, léirmheas ar *An Bhreatain Bheag* le Seosamh Mac Grianna, *An Timthire*, Samhain 1937, 278-280

6.5 Na Múinteoirí

Tá ról lárnach na múinteoirí maidir le cothú na léitheoireachta pléite agam cheana.⁵⁹ Luaigh mé an deacracht a bhíonn ag foilsitheoirí leabhair nua a dhíol, mar go n-úsáideann go leor múinteoirí an leabhar céanna bliain i ndiaidh bliana sa rang, toisc go mbíonn nótaí déanta amach agus ceisteanna ullmhaithe acu, rud a dhéanann an saol níos éasca dóibh má bhíonn siad faoi bhrú, ach a chiallaíonn nach mbíonn eolas acu féin, ná ag na daltaí ar an réimse leabhar a bhíonn ar fáil. B'fhiú mar sin dul i gcomhairle leo (a) chun iad a chur ar an eolas faoina bhfuil ann don ghrúpa sinsearach seo, agus (b) le féachaint an bhfeadfaí 'pacáistí' a chur le chéile a chabhródh leo sa rang agus a chiallódh go bhféadfaidís tabhairt faoi leabhar nua gan mórán dua. An rud a bheadh i gceist le 'pacáiste'ná

- bileoga oibre ar gach caibidil, ar a mbeadh ceisteanna agus freagraí iol-roghnacha; caighdeán na gceisteanna ag brath ar chumas na ndaltaí.
- abairtí nó ailt ina mbeadh bearnaí le líonadh.
- cuntais ar charachtar nó ar eachtra ón leabhar a bheadh le ceartú, nó le críochnú.
- abairtí/focail le fáil sa téacs. D'fhéadfaí an Béarla a thabhairt, uimhir an leathanaigh ar a bhfuil sé, agus go mbeadh an leagan Gaeilge le fáil; nó, le h-aghaidh daltaí níos cumasaí, abairt/focal Gaeilge a thabhairt, uimhir an leathanaigh arís, agus go mbeadh leagan eile le lorg sa téacs.
- Leathanach léirmheastóireachta ar a mbeadh foclóir simplí, freagraí gearra ar ghnéithe éagsúla den scéal le scríobh, a dtuairim ar an leabhar iomlán a chur síos (abairt amháin/cúpla abairt/alt) chomh maith le marc a thabhairt don leabhar agus an marc sin a mhíniú.

Ní ag caint ar ullmhú do na scrúdaithe atá mé anseo, ach ar léitheoireacht san Idirbhliain, nó fiú léitheoireacht bhreise sa chúigiú agus b'fhéidir sa séú bliain i gcás daltaí na Gaeltachta agus na nGaelscoileanna. Luaim arís an aidhm a bheadh i gceist; *na daoine óga a chur ag léamh Gaeilge gan stró agus le taitneamh*.⁶⁰ Is é mo thaithí féin go mbíonn siad breá sásta ceachtanna éadtroma

⁵⁹ Caibidil 3.

⁶⁰ Focail Bhriain Uí Bhaoill, "Léitheoireacht do Dhaoine Óga", *Feasta Bealtaine* 1999.

dá leithéid sin a dhéanamh. Bíonn spórt ag baint leo. Is féidir iad a dhéanamh sa rang, iad a cheartú go tapa, spreagann siad na scoláirí lena dtuairimí a chur i bhfocail agus ní bhaineann siad ón taitneamh, mar a tharlaíonn uaireanta nuair a dhéantar mionstaidéar ar théacsanna scrúdaithe.

Bheadh sé tábhachtach chomh maith aiseolas agus moltaí a fháil ó na múinteoirí faoi na leabhair a úsáideann siad sa rang, bíodh a dtuairimí féin, nó tuairimí na ndaltaí i gceist.

6.6 Na Foilsitheoirí

Tá sáróbair déanta acu go dtí seo, ach tá bearnaí ina gcuid eolais agus géarghá le bunús eolaíoch a chur faoin ngnó seo. Chuige sin beidh orthu an t-eolas a theastaíonn, a bhailiú ó na daoine óga féin. Ní chuirtear táirge ar bith ar an margadh na laethanta seo gan anailís chruinn a bheith déanta ar an sprioc-ghrúpa, rud nach bhfuil déanta ar bhonn leathan go leor go dtí seo. Luaigh Uí Mhaicín (1994) an easpa seo; shíl sí go raibh gá le

taighde anailíseach a dhéanamh ar an margadh (margadh na ndéagóirí) a thabharfadh treoir do gach aon duine atá ag plé leis an réimse seo den scríbhneoireacht, den fhoilsitheoireacht, den léitheoireacht.⁶¹

Dúirt sí freisin gur thuig Seán de Fréine, a bhí mar Chathaoirleach ar Bhord na Leabhar Gaeilge ag an am, agus Caoimhín Ó Marcaigh, eagarthóir Sinsearach an Ghúim, go raibh gá leis an anailís eolaíoch seo

sa chaoi nach mbeifí ag dul i mbun tuairimí agus impreisiúin phearsanta faoi na nithe agus na réimsí a shíltear a bheith spéisiúil do dhaoine óga.

Ach cá bhfuil an anailís? D'iarr Brian Ó Baoill, a rinne suirbhé dá chuid féin, mar atá luaite agam, d'iarr sé sa dá alt atá scríofa aige ar an ábhar, i 1999, agus arís i 2001 go ndéanfaí an anailís sin.⁶² Tá sé fós le déanamh. Caithfear duine a bhfuil traenáil agus taithí aige ar a leithéid, a fhostú agus a íoc ar feadh tréimhse réasúnta ama chun an taighde cuí agus an anailís staitisticiúil a dhéanamh. Níl aon dul thairis sin, agus ní fiú bheith ag súil go ndéanfar freastal ceart ar an margadh seo go dtí go mbeidh an réamhobair sin curtha i gcrích. Tá suirbhé den

⁶¹ Saothar luaite, san iris CBII Bealtaine 1994,36.

⁶² *Feasta*, Bealtaine 1999, agus *Feasta*, Bealtaine 2001.

chineál seo faoi nósanna léitheoireachta Béarla i measc páistí na tíre seo, thuaidh agus theas, idir 8 agus 15, díreach foilsithe ag Children's Books Ireland⁶³. Taighdeoir proifisiúnta a bhí i mbun na hoibre agus ghlac 60 scoil ar fad páirt ann. Ba chóir, agus b'fhiú an sampla sin a leanúint.

Ar ndóigh tiocfaidh cúrsaí airgid i gceist ach ós rud é go mbeadh torthaí an taighde seo le húsáid ag na comhlachtaí foilsitheoireachta go léir, bheadh sé ciallmhar go gcuirfidís go léir airgead sa chiste chuige; mar sin ní bheadh costas ró-mhór ar aon dream faoi leith. Chomh maith leis sin is cinnte go mbeadh eagraíocht éigin de na heagraíochtaí Gaeilge sásta urraíocht a dhéanamh ar thaighde atá chomh riachtanach do thodhchaí na teanga, ach an plean oibre agus an cur chuige a bheith curtha os a gcomhair i gceart.

Tá dhá ghné eile den ghnó seo le forbairt ag na foilsitheoirí, (a) cúrsaí dearthóireachta, agus (b) cúrsaí margaíochta.

(a) Cúrsaí dearthóireachta

Tá a fhios ag an saol mór nach feidir aon táirge a dhíol inniu mura mbíonn an 'pacáistiú' tarraingteach. Ní haon eisceacht iad na leabhair Ghaeilge, go háirithe don aoisghrúpa seo atá go mór faoi thionchar na fógraíochta, agus atá timpeallaithe ag leabhair áille Bhéarla agus ag an oiread sin irisí sofaisticiúla a léann siad le fonn.⁶⁴ Tá feabhas an-mhór tagtha ar leabhair Ghaeilge i gcoitinne ó na hochtaidí i leith, chomh fada agus a bhaineann le dearthóireacht de go ginearálta...clúdaigh, cló, leagan amach. Ní gá ach féachaint ar obair an Ghúim mar shampla, nó ar chuid de na leabhair atá curtha amach ag Coiscéim, ag Cló Mhaigh Eo, nó ag Cló Iar-Chonnachta le déanaí. Ach tá laigí fós ann, laigí a bhaineann dar liom le heaspa tuisceana ar mhargadh na ndéagóirí sinsearacha. Uaireanta bíonn leagan amach an téacs féin go healaíonta ach an clúdach go gránna ...pictiúr atá gránna, nó páistiúil nó a bhfuil drochlíníocht ann. Taobh istigh den chlúdach, is cinnte go gcuireann léaráidí nó pictiúir atá go maith leis an téacs, go háirithe nuair is léitheoireacht sa dara teanga a bhíonn i gceist. Luaigh an t-údar Ré Ó Laighléis an méid seo agus é ag plé na ndeacrachtaí a bhíonn ag scríbhneoirí Gaeilge do dhaoine óga:

⁶³ *What's the Story? The Reading Choices of Young People in Ireland*, 2002, CBII, Dublin.

⁶⁴ Féach torthaí an tsuirbhé, Caibidil 5.

..tuigeann an domhan agus a mháthair....go bhfuil léaráidí ar cheann de na bealaí is éifeachtúla chun tabhairt faoi thrasnú an *hiatus* (an bhearna mhór idir leibhéal teanga an ghnáthdhuine óig/déagóra agus an leibhéal inteallach)⁶⁵

Ach mura mbíonn na léaráidí/pictiúir ar ardchaighdeán agus oiriúnach don aoisghrúpa, rud nach mbíonn, go minic, bíonn feidhm dhiúltach leo. Ceapann níos mó ná 42% de lucht an tsuirbhé nach bhfuil leabhair Ghaeilge chomh tarraingteach le leabhair Bhéarla. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta sa réimse seo, is léir go bhfuil obair fós le déanamh, agus an rud is tábhachtaí arís ná tuairimí na ndaoine óga a chur san áireamh.

(b) Cúrsaí margaióchta.

Tá agus bhí riamh fadhbanna móra ag baint le margaiócht na leabhar Gaeilge. Is é an sainmhíniú a déantar ar an bhfocal *margaiócht* i bhfoclóir atá curtha amach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ná

1. *Próiseas ina scrúdaítear mianta agus riachtanais an mhargaidh agus ina sásaítear iad trí earraí agus seirbhísí a mhalartú, sa chaoi is go mbíonn na ceannaitheoirí sásta agus go dtuilleann na díoltóirí brabús. (seo, adeir na húdair, sainmhíniú na hInstitiúide Margaióchta 1975).*

2. *Bunghníomhaíocht déanta polasaí a dhíríonn go hiomlán ar tháirgí oiriúnacha a roghnú agus a fhorbairt do thionscnaimh dhíolacháin, agus ar na táirgí seo a dháileadh ar bhealach a sholáthraíonn an toradh optamach ar chaipiteal.*⁶⁶

Maidir le sainmhíniú 1 thuas, tá mianta agus riachtanais an mhargaidh áirithe seo (Leabhair Ghaeilge do dhéagóirí 16-19) á scrúdú agam sa tráchtas seo ag iarraidh teacht ar bhealaí leis na ceannaitheoirí (na déagóirí) a shásamh, is é sin iad a chur ag léamh (ag ceannach na dtáirgí), agus sa chaoi sin brabús a sholáthar do na díoltóirí (na foilsitheoirí), chun go mbeidh siadsan sásta an margadh tábhachtach seo a fhorbairt. Tá an scrúdú céanna déanta ar leibhéil eile (a) ag Uí Mhaicín

⁶⁵ *Children's Books Ireland*, Mí na Nollag 1996,18.

⁶⁶ Uí Bhraonáin, D. agus Ó Cearbhaill, N. *Foclóir Airgeadais, Ríomhaireachta agus Fiontraíochta* Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 2001.

(1994), (b) ag Ó Baoill (1999, 2001) (c) ag Colmán Ó Raghallaigh (2000), gan ach triúr a lua.⁶⁷

Tá na deacrachtaí a bhaineann leis an méid sin pléite againn go léir. Ach arís níl an taighde ar bhonn leathan go leor, agus ní foilsitheoir aon duine ach Colmán Ó Raghallaigh.

Maidir leis an dara sainmhíniú ar an bhfocal *margaíocht*, agus luaim arís é:

Bunghníomhaíocht déanta polasaí a dhíríonn go hiomlán ar táirgí oiriúnacha a roghnú agus a fhorbairt do thionscnaimh dhíolacháin, agus ar na táirgí seo a dháileadh ar bhealach a sholáthraíonn an toradh optamach ar chaipiteal.

Seo an áit is dóigh liom a bhfuil an fhadhb is mó. Cad tá cearr sa chás seo? Féach go ndeirtear gur *bunghníomhaíocht* atá i gceist maidir le polasaí a dhéanamh *a dhíríonn go hiomlán* ar roghnú, ar fhorbairt, ar dhíolachán, agus ar dháileadh na dtáirgí. An bhfuil an tuiscint ann gur gné an-bhunúsach de ghnó na foilsitheoireachta inniu í an mhargaíocht? Is é seo tuairim Uí Mhurchú (2001) faoin scéal:

Fiú ansin nuair a éiríonn leat leabhar fóna a chur ar fáil tá easnamh mór ann maidir le margaíocht a dhéanamh ar leabhair do dhaoine óga as Gaeilge. Níl aon duine i measc foilsitheoirí uile na Gaeilge ag gabháil don mhargaíocht ach mar rud breise, ar bhonn pearsanta go minic, ar a bhfuil ar siúl acu féin cheana⁶⁸

Tá rudaí ag athrú go mall. Cheap Cló Iar-Chonnachta feidhmeannach margaíochta i bhfómhar na bliana 2001. Ach níl ansin ach duine amháin i gcomhlacht amháin. Níl aon duine in aon chomhlacht eile ag plé le margaíocht ar bhonn lán-aimseartha. Níl ach duine amháin ag Áis le freastal ar an tír go léir, agus ní margaíocht ach dáileadh leabhar a bhíonn ar siúl ag an duine sin.

Maidir leis an gcuid eile den sainmhíniú sin, tá go leor de na leabhair (na táirgí) oiriúnach, mealltach, cé go bhfuil gnéithe fós le feabhsú. Is cinnte go bhfuil praghas na leabhar an-réasúnta ar fad i gcomparáid le praghas na leabhar Bhéarla. Ach an ndéantar iad a dháileadh *ar bhealach a sholáthraíonn an toradh optamach ar chaipiteal*? Ní déantar. Ní chuirtear os comhair an phobail iad *ar bhealach atá feiceálach*. Tá sé fíor go ndéanann na comhlachtaí iad féin an-

⁶⁷(a) C.B.I., Bealtaine 1994, (b) *Feasta*, Bealtaine 1999, Bealtaine 2001, (c) *Feasta*, Bealtaine 2000.

⁶⁸Ó Murchú, Seosamh, saothar luaite., 13.

iarracht faoi seach, ar bhealaí éagsúla. Cuirtear amach catalóga ioldaite, bíonn taispeántais leabhar ann ag ócáidí Gaelacha agus Oideachasúla, scaipeann Áis iad ar shiopaí agus ar leabharlanna ar fud na tíre. Ach cé mhéad de ghnáthmhuintir na tíre a théann ag ócáidí mar sin, a chuireann fios ar chatalóga, nó a thaithíonn na siopaí ina mbíonn leabhair Ghaeilge ar fáil? Ní bhíonn siad le fáil i ngach siopa leabhar, ná i ngach leabharlann ar fud na tíre, mar a bhíonn leabhair do dhéagóirí i mBéarla. I measc na gcéadta leabhar Bhéarla do óg-aoisigh i leabharlann Bhaile Bhlainséir mar shampla, níl teacht ach ar 15 de leabhair Ghaeilge. Caithfidh duine dul á lorg, iad a iarraidh. Má bhíonn siad ann ar chor ar bith, ní bhíonn siad ag leibhéal na súl, ná ar na seilfeanna is feiceálaí. Dá bharr sin ní thagann feabhas suntasach ar chúrsaí díolacháin sna siopaí mar ba chóir, rud a fhágann nach mbíonn *an toradh optamach ar chaipiteal*. Is cóir a rá anseo go dtuigim go rí-mhaith nach mbíonn foilsitheoirí leabhar do dhaoine óga ag smaoineamh ar chúrsaí chaipitil ná go deimhin ar ‘thoradh optamach’ a fháil ar a gcuid airgid. Tá siad ag obair leis na blianta ar mhaithe le leas an phobail, ag cur seirbhís thabhachtach ar fáil don tír. Tá lucht na Gaeilge go mór faoi chomaoin acu go léir de bharr a gcuid dílseachta. Níl aon amhras ach go bhfuil siadsan ‘fite fuaite i ndán na teanga Gaeilge’,⁶⁹ ach tá gá anois le forbairt. Tá saineolaithe ar fáil a bhfuil eolas acu ar gach gné den obair. Tá cúrsaí dáilithe agus díolacháin lochtach nó neamhfhorbartha, agus mar sin, bun-eilimint in easnamh sa ghnó ar fad; b’fhiú dá réir, an scéal a scrúdú ó bhonn gan a thuilleadh moille.

Tá géarghá le polasaí láidir margadóchta do na comhlachtaí foilsitheoireachta go léir le chéile, toisc nach bhfuil aon cheann acu mór go leor le dul i gcomórtas leis na príomhchomhlachtaí a chuireann leabhair Bhéarla amach. Caithfear é seo a bhunú ar nósanna agus ar phrionsabail margadóchta na fiche-haonú aoise. Tá go leor saineolaithe i measc na glúine óige, daoine a d’fhéadfadh an polasaí cuí a chur le chéile, a thuigeann na toscaí speisialta a bhaineann leis an margadh seo. Tá sampla ann ar féidir foghlaim uaidh, is é sin an méid atá déanta ag Bord na Leabhar Breatnaise a bhíonn ag plé le gach gné den fhoilsitheoireacht Bhreatnaise agus Bhéarla sa Bhreatain Bheag, an mhargadócht san áireamh, thar ceann 22 comhlachtaí éagsúla sa tír sin.

⁶⁹ Ó Murchú, S. 2001, saothar luaite.

The Welsh Books Council is a national body, funded by the Welsh Assembly Government, which provides a focus for the publishing industry in Wales. It provides a number of specialist services (in the fields of editing, design, marketing and distribution) with a view to improving standards of book production and publication in both Welsh and English.

Although a number of bodies in the field of education and the arts are concerned with aspects of publishing there is no other body in Wales concerned with the whole spectrum of publishing, from the author's manuscript to distribution and sales promotion.⁷⁰

Is léir ón suíomh foirfe idirlín atá ag an mBord, gur gnó é seo atá rathúil, nua-aoiseach⁷¹. Tá 150 leabhar Breatnaise do dhéagóirí de gach aois luaite i rannóg na leabhar do dhaoine óga ar an suíomh.

Má tá an toil agus an saineolas againne, níl aon chúis nach bhféadfaí eagraíocht dá leithéid a chur ar bun sa tír seo, go ndéanfaí athstruchtúrú b'fhéidir ar Bhord na Leabhar Gaeilge, a bhfuil feidhm tacaíochta seachas feidhm gníomhaíochta aige faoi láthair:

Is í aidhm Bhord na Leabhar Gaeilge tacú le scríbhneoirí agus foilsitheoirí chun ábhar i nGaeilge a chur ar fáil a chuireann le suim an ghnáthphobail sa léitheoireacht Ghaeilge. Déantar bunfheidhm an Bhoird a chur i gcrích trí riar a dhéanamh ar scéimeanna éagsúla deontas a thugann cúnaimh d'fhoilsitheoirí leabhair Ghaeilge a fhoilsiú, agus a chuireann le cumas na scríbhneoirí plé le gnéithe éagsúla den phróiseas liteartha... Anuas ar an bhfeidhm lárnach ... comhoibríonn an Bord le réimse leathan áisíneachtaí agus eagraíochtaí ar mhaithe le litriocht na Gaeilge agus léitheoireacht i nGaeilge go ginearálta a chur chun cinn...⁷²

Is féidir margadh na leabhar d'óg-aosaigh a chur ar bhonn i bhfad níos láidre, ach go dtí go gcuirtear polasaí nua eolaíoch, dínimiciúil le chéile, ní féidir bheith ag súil go mbeidh toradh sásúil ar an togra.

6.7 Ábhar a sholáthar

Is féidir tógáil ar a bhfuil ann, ach tá ábhar nua ag teastáil go géar. Chuir sé iontas orm gurb iad na fíorscéalta is mó a thaitníonn leis an ngrúpa de réir an tsuirbhé. Bhí mé ag súil go mbeadh aicme éigin eile ar bharr an liosta. Ach seachas *Daisy Bates* de chuid an Ghúim, seo aicme nach bhfuil forbairt déanta uirthi maidir leis

⁷⁰ An cur síos ar an mBord atá le fáil ar an suíomh idirghríasáin atá luaite cheana (fo-nóta 46)

⁷¹ Féach www.clc.org.uk.

⁷² Bord na Leabhar Gaeilge-Eolas ó shuíomh idirlín an bhoird, www.leabhar.ie

an ghrúpa seo. B'fhiú sraitheanna ar nós *Mná as an Gnáth*, le hÁine Ní Ghlinn, agus *Mistéirí Móra* le Séamas Ó Maitiú, ach a bheadh oiriúnach ó thaobh teanga agus stíle do na hóg-aoisigh agus bunaithe ar réaltóga ceoil, scannáin, agus spóirt, sármhainicíní, nó pearsana teilifíse a chur le chéile.

Seo an saghas ábhair a gcuireann siad suim ann sna hirisí a léann beagnach leath díobh (47%). Bhíodh ailt ar a leithéid san iris *Mahogany Gaspire*⁷³, iris do dhéagóirí a bhí an-taitneamhach ach nach raibh caighdeán na teanga agus na n-alt oiriúnach i gcónaí don sprioc-ghrúpa. Cuimhním áfach ar ailt ar an Titanic, ar an aisteoir óg River Phoenix a fuair bás go hóg, ar pheileadóirí cáiliúla, a chuaigh i gcion ar scoláirí. Bíonn ailt an-suimiúla a gcuireann na daoine óga suim iontu, le fáil i bhFoinse ó am go chéile chomh maith, ar an bhanphrionsa Diana, mar shampla, ar neamh-oird itheacháin, ar an timpeallacht- “An Mol Thuaidh ag Leá”- ar na sármhainicíní, ar dhéagóirí a thugann leanaí ar an saol. “Páistí ag breith Páistí” a bhí mar theideal ar an bpíosa sin. Mar atá ráite agam, seo ábhair a léann siad fúthu le fonn i mBéarla. Chuir siad suim iontu sa rang Gaeilge freisin, rud a léiríonn, dar liom, gurbh fhiú píosaí oiriúnacha mar seo a chur le chéile agus cur leo, eagarthóireacht chuí a dhéanamh maidir le caighdeán na teanga agus ansin go mbeadh ábhar taitneamhach ann dóibh.

Chomh maith leis sin tá áit ann do leabhair ar ócáidí agus ar phearsana móra na fichiú aoise, idir fhir agus mhná, agus dá mbeathaisnéisí. Ansin má chuimhnímid ar an méid óg-aosach atá chomh tógtha sin le grúpaí ceoil, le stíleanna ceoil, nó le ceoltóirí aonair, agus iad ag iarraidh ‘fiorscéalta’ de réir an tsuirbhé, bheadh margadh ann, shílfeá d’ábhar ar leithéidí Bob Marley, Jim Morrison, John Lennon, nó Sinéad O’Connor. D’fhéadfadh taighde margaíochta a bheith úsáideach ansin. Níl fúm anseo ach cúpla tuairim a lua, caithfear níos mó oibre a dhéanamh ar an ngné seo.

Bhí scéinséirí sa dara háit ar liosta na leabhar is fearr leo a léamh. Tá taithí ag na daoine óga ar sraitheanna ar nós *Point Horror*, leabhair do dhream níos óige, nach fiú mórán iad de réir dealraimh, ach a léitear le fonn. Luaim focail chiallmhara Bhriain Uí Bhaoill arís:

⁷³ Iris do dhéagóirí de chuid Bhord na Gaeilge a foilsíodh 1980-2000.

Má cheannaíonn siad ábhar is de bhrí go dteastaíonn an t-ábhar sin uathu lena léamh agus léann siad é, go díograiseach. Cé mise nó tusa le rá gur trufalais é seo nó é siúd?⁷⁴

Léann siad leabhair John Grisham, Patricia Cornwell agus Stephen King freisin. Seo réimse eile nach bhfuil foirfe go fóill sa Ghaeilge. Ach an gá fanacht go dtiocfaidh údar nua cumasach - Cathal Ó Sándair eile - chun tosaigh? Ós rud é go bhfuil óg-aosaigh chomh tógtha leis an seánra seo, b'fhiú gach iarracht a dhéanamh é a fhorbairt i nGaeilge; chuige sin ba chóir triail a bhaint as smaointe nó scéimeanna nua, go háirithe rudaí atá triallta cheana in áiteanna a bhfuil fadhbanna a bhaineann leis an dara teanga acu, mar atá sa Bhreatain Bheag. Dúirt Menna Lloyd Williams ó Bhord na Leabhar Breatnaise liom⁷⁵ go ndéanann siad leagan Breatnaise de shraitheanna cáiliúla Béarla do dhaoine fásta, mar shampla, leabhair Dick Francis, agus go n-iarrann siad ansin ar údair Bhreatnacha bunleabhair a scríobh sa stíl chéanna. Seo an cineál leabhair a chuireann siadsan ar fáil do óg-aosaigh na Breataine Bige.

Maidir le scéalta rómánsúla agus scéalta stairiúla, a bhí sa tríú agus sa cheathrú áit ar an liosta, tá roinnt áirithe ann, idir shean agus nua, mar ata luaite agam i gcaibidil 4. Ach arís caithfear a shoiléiriú cad iad na leabhair a oireann do na hóg-aosaigh, tuilleadh taighde a dhéanamh ar na gnéithe a thaitníonn leo, ar a mbíonn á léamh acu i mBéarla, bíodh sé olc nó maith, agus ábhar a sholáthar dá réir. Tá leibhéal áirithe úrscéalta ann a léitear go forleathan i mBéarla, scéalta rómánsúla iad agus uaireanta bíonn suíomh 'stairiúil' i gceist. Ábhar thar a bheith éadtrom a bhíonn iontu. Is ar éigin má tá téacs ar bith dá leithéid ar fáil i nGaeilge. Bhí drochmheas i gcónaí ar an rud nach raibh uaisleacht agus saibhreas Gaeilge ag baint leis, agus mar sin fágadh an leibhéal sin, go ndéanann Mills and Boone, nó údair mar Danielle Steele, Patricia Scanlon, agus Maeve Binchy, (tríúr a luadh sa suirbhé) freastal air; fágadh é sin ar lár sa Ghaeilge.

⁷⁴ *Feasta*, Bealtaine 2002, lth. 50.

⁷⁵ Comhrá pearsanta, Lúnasa 2002.

Chomh fada siar le 1980 in alt ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge, dúirt Caoimhín Ó Marcaigh an méid seo:

ar feadh na mblianta bhí slat tomhais na hardlitríochta á úsáid freisin i leith saothair nach raibh iontu ach “a good read”. Chuaigh gach duine ag mianadóireacht na litríochta agus is é an toradh atá air ná gur fágadh an chuid íochtarach de mhargadh na leabhar Gaeilge gan freastal uirthi. Tá a thoradh le feiceáil inniu. Níl de mhisneach ag éinne inniu “Mills and Boone” a fhoilsiú i nGaeilge. Agus dá bhfoilseodh, chéasfadh duine éigin é in ainm na litríochta.⁷⁶

Thar na blianta rinne scríbhneoirí mar Siobhán Ní Shúilleabháin, agus le déanaí, Tina Nic Énrí, iarracht an bhearna sin a líonadh, ach tá easpa fós ann agus an t-ábhar ag teastáil, go háirithe ó na hóg-aosaigh.

Tá easpa mhór eile ann a luadh sa suirbhé agus i measc na ndaoine óga a bhí i láthair ag an gceárdlann sa Spidéal, easpa ábhair ghrinn. Luadh údair mar Sue Townsend, a chruthaigh carachtar Adrian Mole, agus Roddy Doyle a bhfuil cáil an ghrinn ar a chuid leabhar agus ar a chuid scrípteanna scannán, d’ainneoin na n-ábhar dáiríre a bhíonn i gceist iontu. Ach níl a leithéid le fáil sa Ghaeilge. Seo easpa ní hamháin ar an déagfhicsean, ach ar litríocht na Gaeilge go ginearálta, de réir Ghearóid Denvir agus Aisling Ní Dhonnchadha:

Easpa shuntasach ar ghearrscéalta na Gaeilge agus go deimhin ar litríocht Ghaeilge an fichiú haois i gcoitinne, a laghad den ghreann atá le fáil inti.⁷⁷

Is é Ré Ó Laighléis an t-aon údar a scríobhann don óg-aosach a léiríonn féith an ghrinn ó am go ham. Bíonn an chuid is mó dá gcuirtear ar fáil dóibh trom agus dáiríre. Tá géarghá le héadtroime agus le gealgháire a thabhairt isteach sa scéal.

Thaispeáin mé sa chéad chaibidil nach bhfuil ach fíorbheagán leabhar a bhaineann le seánra an déagfhicín le fáil sa Ghaeilge. Sílim gur fiú go mór iarracht a dhéanamh an cineál seo scéil a fhorbairt do na hóg-aosaigh ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Baineann an t-ábhar leis an saol réalaíoch, le fadhbanna a bhíonn timpeall ar na daoine óga ina saol scoile agus ina saol baile. Bíonn go leor acu ag fulaingt de bharr na bhfadhbanna seo. Tá athrú chomh mór sin tagtha ar shaol an teaghlaigh

⁷⁶ *Comhar*, Aibreán 1980, “An Dúshlán agus an Foilsitheoir” lth.7.

⁷⁷ Luaite sa réamhrá le Gearrscéalta an Chéid, 2000, Denvir, G. agus Ní Dhonnchadha, A.

le fiche bliain anuas sa tír seo nach bhfuil fadhb dá bhféadfá a lua, nach bhfuil tuiscint acu uirthi, nó cloiste acu fúithi. Ach fiú amháin muna mbíonn siad féin thíos leo, bíonn siad an-tógtha leis na cúrsaí seo. Pléitear iad go minic sna scannáin a thaitníonn leo, sna sobail is coitianta, sna hirisí a léann siad. Luaigh lucht an tsuirbhé go bhfuil leathanach na bhfadhbanna i measc na ngnéithe is fearr leo sna hirisí. Sin leathanach ar a dtugtar comhairle faoi gach cineál faidhbe, baineadh sé le háilleacht, le gaol, le gnéas, le drugaí, le halcól. Léann siad gné-ailt sna hirisí go léir faoi na hábhair chéanna. Luaigh mé focail Wilga Rivers an saineolaí teanga, maidir le raon suime na n-óg, agus an gá atá ann cloí leis na hábhair sin, chun a suim sa dara teanga a spreagadh. Tá sé soiléir gur suim leo an réalachas seo; is fiú tógáil ar an eolas sin, agus ábhar léitheoireachta dá réir a chumadh.

(b) Tá aibíocht agus substaint ag baint leis an ábhar, rud a chabhródh chun na hóg-aosaigh a mhealladh. Tá siad ró-shean do na scéalta eachtraíochta, nach bhfuil iontu ach aicsean, gan aon leibhéal níos doimhne faoi. Tá na scéalta rómánsúla atá ar fáil simplí agus soineanta go maith. Níl siad ar aon leibhéal sofaisticiúlachta le scéalta an Bhéarla, ná leis an méid atá ag tarlú ina saoil féin, mar sin ní mheallann siad iad.

(c) Tagaim ar ais go dtí focail Sheosaimh Uí Mhurchú sa Spidéal (Márta 2002) nuair a dúirt sé go bhfuil

tuairim ag an aos óg nach féidir leis an nGaeilge dul i ngleic leis an saol inniu. Ba chóir dúinn leas a bhaint as sin, gnáthú a dhéanamh ar an nGaeilge agus leathnú ar na réimsí lena mbaineann sí.

Tá scríbhneoirí mar Ó Báille, Ní Bhrolcháin, Ó Laighléis go háirithe, agus daoine nach iad tar éis leathnú a dhéanamh cheana féin ar na réimsí lena mbaineann an teanga. Anois tá gá lena thuilleadh ábhair; ní leor an dornán leabhar atá ann chun dul i bhfeidhm ar na hóg-aosaigh agus le cur ar a súile go bhfuil siad ag plé le teanga a bhaineann leis an 21ú haois, nach bhfuil ábhar ar bith nach féidir léi tabhairt faoi.

Sin iad, is dóigh liom, na príomhaicmí ar gá forbairt a dhéanamh orthu. Cheal spáis ní féidir liom tabhairt faoi na mion-aicmí eile, cé go bhfuil tuilleadh eolais

bailithe agam, agus na príomhphointí le léamh i gCaibidil 5. Tá moladh amháin eile le déanamh agam, agus baineann sé sin le cursaí aistriúcháin.

6.8 Cúrsaí Aistriúcháin

Is fiú go mór súil a chaitheamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le tuilleadh leabhar a aistriú ó theangacha eile do na hóg-aosaigh. Tá samplaí ann ón mBreatnais, ceann amháin ón Ollainnis, agus ceann amháin ón Fhraincis.⁷⁸ Ach cad faoi na leabhair Bhéarla is fearr sna haicmí éagsúla? Seachas *Dracula* níl sampla ar bith eile ann a aistríodh ó Bhéarla go Gaeilge le fiche bliain anuas. Tuigim go mbíonn an eagla ann nach dtabharfaidh léitheoirí faoi na leabhair seo má tá siad le fáil i mBéarla. Ach an bhfuil sé sin fíor? Cén chaoi a bhfuil ag éirí le *Dracula* mar shampla? Luaim arís Bord na Leabhar Breatnaise. Tá aistriúcháin de roinnt de na leabhair is cáiliúla do dhéagóirí i mBéarla ar fáil sa Bhreatnais. B'fhiú triail a bhaint as an nós céanna sna réimsí is lú forbartha agus is mó atá ag teastáil anseo. Chabhródh plean mar sin leis an ngéarchéim atá ann maidir le hábhar oiriúnach a sholáthar go tapa d'óg-aosaigh; chuirfeadh sé chomh maith le raon agus le héagsúlacht na leabhar.

⁷⁸ Féach liosta , Aguisín 2.

6.9 Conclúid

Is é an rud a chuir mé romham agus mé ag tabhairt faoin taighde seo ná súil a chaitheamh ar litríocht do dhéagóirí idir 16 agus 19, mar gur cheap mé nach raibh morán ábhair ar fáil dóibh, agus toisc go gceapaim gur gá plé leis an ngrúpa seo mar ghrúpa faoi leith.

Rinne mé cur síos ar dtús ar chúrsaí léitheoireachtaí mar atá i measc déagóirí san aoisghrúpa sin i mBéarla. Luaigh mé na deacrachtaí speisialta a bhaineann le hábhar a sholáthar dóibh, agus phléigh mé an seánra *Teen Fiction* nó *an Déagfhicsean* atá dírithe go speisialta ar an ngrúpa seo. Sa dara agus sa tríú caibidil thug mé cuntas ar stair na litríochta do dhéagóirí i nGaeilge, agus ar na deacrachtaí speisialta a bhaineann le cás na tíre seo, áit a bhfuil dhá ghrúpa faoi leith a gcaithfear freastal orthu, grúpa amháin arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, agus an grúpa eile ar foghlaimeoirí iad.

D'fhéach mé ansin ar an ábhar atá ann do na hóg-aosaigh mar a thugaim orthu, agus thug mé sracfhéachaint ar thrí úrscéal atá an-oiriúnach dóibh, agus a bhaineann le seánra an déagfhicsin.

Theastaigh uaim eolas a bhailiú ar nósanna léitheoireachta na n-óg-aosach, agus chuige sin chuir mé ceistneoir le chéile a líon 127 dalta méanscoile isteach, idir scoileanna Gaeltachta agus Ghaelscoileanna sa Ghalltacht. Tá torthaí an tsuirbhé le feiceáil i gcaibidil a 5, agus scagadh déanta orthu. Tá mé sásta gur tháinig mé ar eolas atá riachtanach má tá pleanáil agus forbairt le déanamh, ach tuigim chomh maith go bhfuil gá le taighde níos fairsinge agus le grúpa freagróirí níos mó, chun teacht ar na fíricí go léir atá ag teastáil, má táthar le freastal ceart a dhéanamh ar an ngrúpa seo, as seo amach.

Ar deireadh rinne mé roinnt moltaí, bunaithe ar mo chuid taighde féin, agus ar thuairimí na ndaltaí, faoin treo ba cheart a leanúint anois. Tuairimí agus taighde duine amháin atá anseo, ach bhí sé mar aidhm agam tús a chur le díospóireacht agus le plé ar an ábhar fiorthábhachtach seo, nach bhfuil ach fiorbheagán scríofa faoi go dtí seo, maidir le cás na Gaeilge. Má spreagann sé tuilleadh daoine chun dul i mbun taighde beidh mé sásta go bhfuil rud éigin fiúntach curtha i gcrích agam.

Leabharliosta

- An Timthire, Aibreán 1937,93-94, Samhain 1937, 278-280.
- Coghlan, V. & Keenan, C. (eds), (1996) *The Big Guide to Irish Children's Books*, Dublin:Irish Children's Book Trust.
- Dunbar, R. (1995) *Imagining Adolescence: A Role for Teenage fiction*, Proceedings of the 31st Annual Joint Conference of the Library Assoc. of Ireland and the Library Assoc. (N.I Branch) Tralee,25-28 April 1995: Library Assoc. of Ireland, 53-58.
- Eccleshare, J.(1996) Teenage Fiction in *International Companion Encyclopaedia of Children's Literature*, Ed. Peter Hunt., Routledge, London/New York.
- Fahy, J. (1996) Teen Fiction, in *Big Guide to Irish Children's Books 1*, Dublin: Irish Children's Book Trust, 50-59.
- Fahy, J. (2001) Violence in Children's Literature, *ChalkTalk* 2001, 4-6.
- Little, D., Ó Murchú, H., & Singleton, D. (1985) Towards a Communicative Curriculum for Irish. Baile Átha Cliath : CLCS, TCD and Bord na Gaeilge.
- Lyons, N. & Hickey, T. (2001) Eagarfhocal, *ChalkTalk* 2001, 3.
- McRae, J. (1991) MEP Monographs, *Literature with a small "l"*, McMillan, London.
- Mac Con Iomaire, L. (2000) *Breandán Ó hEithir - Iomramh Aonair*, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Co.na Gaillimhe.
- Nic An Bhaird, F. (1980) Ag Foilsiú don Óige, *Comhar*, Aibreán 1980, 22-23.
- Ó Baoill, B. (1999) Léitheoireacht do Dhaoine Óga, *Feasta*, Bealtaine 1999.
- Ó Baoill, B. (2001) Déagóirí agus Léitheoireacht, *Feasta*, Bealtaine 2001, 47-50.
- Ó Curnáin, S. (1937) Léirmheas ar *An Bhreatain Bheag* le Seosamh Mac Grianna, *An Timthire*, Samhain 1937, 278-280.
- Ó Laighléis, R. (1995) The Euphoria and the Trials, *Children's Books Ireland*, Dec.1995, 17.
- Ó Marcaigh, C. (1980) An Dúshlán agus an Foilsitheoir *Comhar*, Aibreán 1980, 7.
- Ó Murchú, S. (2001) Súil Siar agus Céim ar Aghaidh: A look back at 75 years

of Children's Publishing and a look ahead to what the future hold
(neamhfhoilsithe): Caint a tugadh ag Scoil Samhraidh Leabhair Pháistí
Eireann, Bealtaine 2001, Baile Átha Cliath.

Ó Murchú, S. (2002) Idir Dhá Thine Bhealtaine; An Foilsitheoir agus an
Fhoilsitheoireacht don Aos Óg, (neamhfhoilsithe) Caint a tugadh
ag an bhFleá Leabhar agus Léitheoireachta, 8-9ú Márta 2002, An
Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Ó Raghallaigh, C. (2000) Léitheoireacht na Gaeilge a neartú, an dúshlán
romhainn, *Feasta*, Bealtaine 2000.

O'Sullivan, E. (1996) The Development of Children's literature in late
Twentieth -Century Ireland, in *Signal*, Vol. 81, September 1996.

Rivers, W. (1983) *Speaking in Many Tongues*, Cambridge University Press.

Titley, A. (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, An Clóchomhar Teo, Baile Átha Cliath.

Uí Bhraonáin, D. & Ó Cearbhaill, N. (2001) *Foclóir Airgeadais*,

Ríomhaireachta agus Fiontraíochta,

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Uí Mhaicín, M. (1996) Leabhair Ghaeilge, *Big Guide to Irish Children's Books*
Irish Children's Book Trust, Dublin 1996, 121-130.

Uí Mhaicín, M. (1994) Leabhair Ghaeilge do Dhaoine óga, CBII,
Bealtaine 1994, 36.

van Ek, J.A. (1975) The Threshold level. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.

Foinsí Eile Eolais

Comhaid an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta.

Foilseacháin An Ghúim (1999), Antain Mag Shamhráin, (Eag.),

An Gúm, Baile Átha Cliath.

Inniu, 1956,1957; An Leabharlann Náisiúnta

Suirbhé: *What's the Story?* (2002), *The Reading Choices of Young People in*
Ireland, Children's Books in Ireland, Dublin 2002.

Bord na Leabhar Gaeilge ag www.leabhar.ie

Welsh Books Council ag www.clc.org.uk

Aguisín 1

LITRÍOCHT DO DHÉAGÓIRÍ..... CEISTNEOIR.

Táimid ag déanamh taighde (research) ar na leabhair atá ar fáil do dhéagóirí idir 16-19 i nGaeilge. Ar mhiste leat na ceisteanna seo a fhreagairt? Ní gá duit d'ainm a chur leis an gceistneoir, murar mian leat, ach bheadh d'aois agus do inscne (gender) mar chabhair againn. **Má's mian leat aon rud breise a rá (i nGaeilge nó i mBéarla), is féidir é a scríobh ar chúl an leathanaigh seo.**

1. Aois.....

2. buachaill cailín

3. Cad é an leabhar Gaeilge is fearr a léigh tú le cúpla bliain anuas?

Teideal.....

Údar.....

4.Cé roghnaigh an leabhar duit?

Tú féin.........Do mhúinteoir...... Duine eile?...

5.Cén fáth gur thaitin sé leat? (Cuir v sa bhoscaníos mó ná bosca amháin más mian leat)

- Bhí an scéal go maith
- Bhí na carachtair réalaíoch
- Bhí baint ag an scéal /na carachtair le saol an déagóra inniu.
- Ní raibh an Ghaeilge ró dheacair
- Ní raibh an scéal ró-fhada.
- Bhí cló (print) mór agus so-léite

(easy to read)sa leabhar.

- Cúis eile? (Luaigh an chúis).....

6. An maith leat leabhair Bhéarla a léamh?.....

7. Cén t-údar Béarla is fearr leat?.....

8. An léann tú leabhair Ghaeilge taobh amuigh den rang?

Léim Ní léim

9. Má léann tú leabhair Ghaeilge, luaigh cúpla leabhar eile a thaithin leat, agus abair cén fáth.

.....
.....
.....
.....
.....

10. Más rud é **nach** léann tú leabhair Ghaeilge, abair cén fáth

- Bíonn an Ghaeilge ródheacair
- Ní bhíonn na scéalta go maith
- Ní bhíonn baint acu le saol an déagóra
- Ní bhíonn baint acu le saol an lae inniu
- Bíonn na scéalta ró-fhada
- Bíonn an cló ró-bheag
- Ní bhíonn cuma chomh tarraingteach
(attractive) orthu agus a bhíonn ar leabhair
Bhéarla
- Cúis eile
- (Luaigh an chúis).....

12. Cén saghas leabhar is fearr leat?

Úrscéalta (novels) Gearrscéalta (short stories)

13. Cé acu seo a léann tú?

- Scéalta rómánsúla .
- Scéalta stairiúla
- Scéinscéalta (thrillers)

- Fíorscéalta (true/factual)
- Ficseaneolaíocht (science-fiction)
- Saghas eile.....

14. An léann tú irisí do dhéagóirí? Léim Ní léim

15. Má léann, abair cad iad.

.....

16. Luaigh na rudaí a thaitníonn leat faoi na h-irisí... (mar shampla, scéalta, eolas faoi na realtoga teilifíse/ceoil, pictiúir/grianghraif, scéalta le pictiúir, leathanach na bhfadhbanna (problem page).

.....

17 Cad iad na rudaí a mheallann tú le leabhar Gaeilge a léamh? Cuir tic v le bosca amháin ar gach líne.

	Meallann go mór	Meallann	Ní mheallann
An clúdach	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ainm an údair	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
An teideal/t-ábhar	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Eolas ar chúl an leabhair	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Cló mór	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Méid an leabhair			
• Suas go 60 leathanach	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
• Suas go 100 lth.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
• Níos mó ná 100 lth.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Foclóir bheith leis	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Ealaín/Pictiúir	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Léirmheasanna (Reviews)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

18. Ag smaoineamh ar do theach féin agus tú óg, cé a bhíodh ag léamh leabhar (Gaeilge nó Béarla) sa teach?

	Bhíodh	Ní bhíodh
Gach duine	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
M'athair	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Mo mháthair	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Mé féin	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Na páistí eile	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

19. An bhfuil aon rud eile le rá agat faoi na leabhair Ghaeilge atá ar fáil do do aoisghrúpa féin?

.....

20. Cé acu is fearr leat?

- (a) scéal a léamh
- (b) an scéal céanna a fheiceáil ar fhíseán

Go raibh maith agat as cabhrú linn.

Máire Uí Bhaoill

Róisín Ní Mhianáin

Aguisín 2.

Leabhair atá oiriúnach do na hóg-osaigh

(a) Leabhair atá dírithe ar an aoisghrúpa, nó ar chuid den aoisghrúpa.

(b) Leabhair eile d'fhoghlaimoírí / do dhaoine fásta, ach atá oiriúnach ó thaobh ábhair do dhéagóirí 16-19; tá * orthu seo sa liosta. Leabhair do chainteoirí líofa iad cuid acu. Ní liosta iomlán é seo.

An Gúm

Hughes, Mair Wynn, *Lá Fada Samhraidh* aistrithe ag Máire Nic Mhaoláin, 1989.

Eynon Bob, *An Turas Scoile*, aistrithe ag Máire Nic Mhaoláin, 1994.

Eynon Bob, *Contúirt sa Spáinn*, aistrithe ag Máire Nic Mhaoláin, 1994.

Eynon, Bob, *Bithiúnach ar Iarraidh*, aistrithe ag Máire Nic Mhaoláin, 1996.

Ó Corrbuí, Máirtín, *Fuath agus Feall*, 1996.

*Stoker, Bram, *Dracula*, aistrithe ag Seán Ó Cuirrín, 1997.

Stoker Bram, *Dracula*, leagan speisialta do dhaoine óga, Gabriel Rosenstock, (Eag.), 1998.

Coiscéim

Cussen, Clíodna, *Soraidh Slán*, 1993.

Cussen Clíodna, *An Eala Dhubh*, 1996.

*Nic Enrí, Tina, *Tuige Mise*, 2001.

Ní Dheirg, Íosold, *Eachtra Róise*, 1993.

Comhar Teoranta

Mac Aodha Bhuí, Iarla, *Tréigean na Cúise*, 1999.

*Ó Muirí, Pól, *Paloma*, 2000.

*Ó Drisceoil, Colmán, *Trioblóid*, 2000.

Cló Chaisil

Ó Floinn, Cathal, *I nDiaidh mo Bháis*, 2001.

Cló Iar-Chonnachta,

Duffy Katherine, *Splanctha*, 1997.

*Ní Bhrolcháin Muireann, *Ar Ais Arís*, 1991.

Ní Bhrolcháin Muireann, *Dialann Chaoimhe*, 1994.

Ní Shúilleabháin, Siobhán, *Mise Mé Féin*, 1987.

*Ó Báille, Ruairí, *Dúnmharú ar an Dart*, 1989.

Ó Laighléis, Ré, *An Taistealaí*, 1990.

Ó Laighléis, Ré, *An Punk agus Scéalta Eile*, 1988.

Ó Laighléis, Ré, *Ecstasy agus Scéalta Eile*, 1994.

Ó Laighléis, Ré, *Sceoin sa Bhoireann*, 1995.

Ó Luanaigh, Pádraig, *Robáil gan Foréigean*, 1997.

Rens, Peter Jan, *Maistín*, aistrithe ag Alex Hijmans, 2001.

Údair éagsúla, *Sách Sean*, gearrscéalta, aistrithe ag Mícheál Ó Conghaile, 2001.

Cló Mhaigh Eo

Ó Laighléis, Ré, *Chagrin*, 1999.

Foilsitheoirí Scoileanna agus Coláistí

Ó Báille, Ruairí, *Aililiú Bop Siúaidí*, 1991.

Ó Báille, Ruairí, *Imithe*, 1992.

Lagan Press

De Saint-Exupéry, Antoine, *An Prionsa Beag*, aistrithe ag

Breandán Ó Doibhlin, 1997.

Cois Life

Ní Dhuibhne, Éilis, *Dúnmharú sa Daingean*, 2000.